

2020 Tuarascáil Bhliantúil

Bia sábháilte agus iontaofa do chách



Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh Forléargas ar Údarás	2	Spriocanna straitéiseacha agus an méid a baineadh amach	65
Sábháilteachta Bia na hÉireann	7	Aguisín 1: Comhaltaí na bhFóram Tionscail	80
Rialachas agus Bainistíocht Príomh-bhuaicphointí	20	Aguisín 2: Comhaltaí na bhFochoistí Eolaíocha	82
Ghníomhaíochtaí an Údaráis	23	Aguisín 3: Ráiteas faoi Leasanna na gComhaltaí Boird, an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chomhaltaí an Choiste	
• Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	29	Eolaíoch	86
• Gnóthaí Corparáideacha	35	Aguisín 4: Beathaisnéisí na gComhaltaí Boird	89
• Beartas um Fhorfheidhmiú	38	Innéacs a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	93
• Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála	45		
• Iniúcháireacht agus Imscrúduithe	51		
• Eolaíocht agus Caighdeán Bhia	56		
Rialú corparáideach	62		

Don Aire Sláinte

Tá áthas ar an mBord a thuarascáil bhliantúil agus a chuntais don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2020, a chur faoi bhráid an Aire Sláinte, de réir Alt 25 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

**An tUasal
Martin Higgins**

**An Dr Pamela A
Byrne**

Cathaoirleach

An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Cosnaímid Tomhaltóirí agus ardaímid comhlíontacht trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia.

2020 faoi athbhreithniú

21 years of protecting consumer health and interests



Aistríonn baill foirne go bheith ag obair sa bhaile



7 nochtadh cosanta



42 Ordú um Fhorfheidhmiú



Foilsiú taighde den chéad scoth



50,044 gnólacht bia



Tiomantas do chultúr agus d'fholláine na foirne



448 aschur meán



167 foláireamh bia agus ailléirgine bia

Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh



Ní raibh a leithéid de bhliain ann riamh agus a bhí ann an bhliain seo caite ar fud na cruinne. Laistigh d'Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann, bhí dúshlán mhóra ann mar gheall ar phaindéim COVID-19, mar aon le Brexit agus acmhainní teoranta airgeadais agus daonna laistigh den Údarás. Ina ainneoin sin, chuir an tÚdarás agus a chomhpháirtithe clár oibre suntasach i gcrích in 2020. Cuireadh reachtaíocht um shábháilteacht bia i bhfeidhm; seirbheáladh 42 Ordú Forfheidhmiúcháin ar ghnólachtaí bia; leanadh d'aistarraingtí bia agus foláirimh bhia agus ailléirgine; tharla Brexit; cuireadh treoir ar fáil do na gníomhaireachtaí oifigiúla agus oibreoirí gnólachtaí bia; agus foilsíodh an chéad leagan de *Mholtaí Eolaíochta um Threoirlínte Cothaithe Bia-Bhunaithe do Leanáí 1 go 5 Bliana d'Aois in Éirinn* – tharla sé seo ar fad agus ár bhfoireann ag obair go cianda. Ba é tús áite a thabhairt do shábháilteacht bia agus sláinte phoiblí ár dtosaíocht i bhfianaise chomhthéacs dúshlánach phaindéim COVID-19. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár bhfoireann chumasach as a ndíograis, a ndinimiceas agus a ngairmiúlacht maidir le misean Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann a bhaint amach, go háirithe i bhfianaise na n-athruithe móra a chonacthas in 2020. Is iad ár bhfoireann, ár mBord agus ár gcomhpháirtithe seachtracha na gníomhaithe lárnacha maidir lenár sainordú reachtúil a sheachadadh. Molaimid dóibh as a dtiomantas maidir le tomhaltóirí in Éirinn agus tomhaltóirí bhia na hÉireann araon a chosaint i mbreis agus 180 margadh ar fud an domhain.

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil agus cuntais 2020 a chur i do láthair i gcomhair Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann. Léiríonn sé an ról ríthábhachtach atá ag Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann maidir le sláinte phoiblí a chosaint. Comhlíonann Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann an ról sin trí chur le comhlíontacht dlí faoi bhia agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm, nuair is cuí – tá siad seo ar fad bunaithe ar fhianaise agus saineolas

eolaíochta. Ciallaíonn ár bhfís maidir le 'Bia Sábháilte agus Iontaofa do Chách' go bhfuil ár bhfócas ar na réimsí is mó ó thaobh riosca de, chun tomhaltóirí a chosaint ó thionchar ar bith ar a sláinte agus ar a leas de bharr bia contúirteach agus neamhiontaofa a bheith ar an margadh. Cuireann an tÚdarás meascán freagrach, ilghnéitheach i bhfeidhm maidir le heolaíocht atá ar thús cadhnaíochta, daoine cumasacha, sonraí agus faisnéis thráthúil, cumhachtaí rialála, agus

gníomhaíochtaí forbartha comhlíontachta d'fhonn sábháilteacht agus iontaofacht bia náisiúnta a choinneáil ar thús cadhnaíochta maidir le clár na sláinte poiblí.

Inár dTuarascáil Bhliantúil, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don dFograis, dua agus díocais a léirigh gach comhalta foirne aonair de chuid fhoireann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Imríonn ár mbaill foirne ról fíorthábhachtach maidir le fíis agus misean Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a bhaint amach agus is cúis mórtais dúinn an méid atá bainte amach acu. Ba mhaith ár mbuíochas a ghlacadh lenár gcomhpháirtithe seachtracha, sa tír seo agus thar lear. Tá buíochas nach beag ag dul do na daoine tiomanta sin go mairimid i dtír atá aitheanta mar cheann de na córais bhia is fearr ar domhan.

Mar cheann de na chéad ghníomhaireachtaí bia ar domhan, tá sé ríthábhachtach go leanann an tÚdarás ar aghaidh lena dhul chun cinn trí úsáid a bhaint as cur chuige atá á threorú ag sonraí agus ag eolaíocht. Cosnaíonn sé seo sláinte na hÉireann sna blianta atá amach romhainn. Le linn 2020, lean de shonraí ó iniúchtaí gnó bia, iniúchtaí, taighde, teagmhais bhia, agus anailísíocht dhigiteach cinntí gnó a spreagadh agus dul i gcion ar ár gcur chuige chun rioscaí do shláinte poiblí a mhaolú.

Tá sé d'aidhm ag an gcur chuige seo tógáil ar shaineolas eolaíochta agus teicniúil an Údaráis chun tacú le cosaint tomhaltóirí agus chun í a threisiú. Ba mhaith aitheantas a thabhairt do na daoine sáraithe atá ag obair linn san Údarás a sholáthraíonn saineolas eolaíochta agus

teicniúil. Ina theannta sin, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do Choiste Eolaíoch an Údaráis, chomh maith le heolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, as a gcuid oibre, a théann i gcion ar chinntí bainistíochta riosca náisiúnta. Tá na sonraí, fianaise agus saineolas láidir a sholáthraíonn siad fíorthábhachtach chun sláinte poiblí a chosaint.

In 2020, rinneamar dul chun cinn maith maidir le Straitéis 2019–2023 an Údaráis a bhaint amach. Dhíríomar ar rialachán nua na rialuithe oifigiúla (Rialachán (AE) 2017/625), ullmhacht do Brexit; ar ár mbonn fianaise a fhorbairt, agus ar ár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara a threisiú. Tá an Straitéis ina plean an-éifeachtach agus an-éifeachtúil go dtí seo i mbliain a bhí an-tairbheach, ach dúshlánach agus dinimiciúil freisin.

In 2020, d'fhoilsigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a dara *Straitéis Eolaíochta*. Tugann sí cuntas ar conas a bhainfidh an tÚdarás na gnéithe eolaíochta de Straitéis Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amach idir seo agus 2024.

'Bia sábháilte agus iontaofa do chách' is ea fíis an Údaráis agus is é an cuspóir seo a threoraíonn conas a mhaoirsímí agus a chomhoiriúnaímid an córas rialaithe bia oifigiúil in Éirinn. Is éard atá i gceist leis seo comhlíontacht thionscal an bhia a chinntiú maidir le reachtaíocht sábháilteachta bia an AE. Cuirtear ár maoirseacht rialála ar an mbiashlabhra – ó gheata na feirme go dtí an tomhaltóir – ar bhonn foirmiúil trí chonarthaí seirbhíse le 33 gníomhaireacht aonair Stáit in Éirinn. Ar an mbealach seo, rialaíonn agus maoirsíonn

an tÚdarás tionscal bia dinimiciúil, agus é mar chuspóir soiléir aige sláinte phoiblí agus leasanna na dtomhaltóirí a chosaint. Tá an timpeallacht seo á spreagadh ag athruithe rialála ar rialuithe oifigiúla, nuálaíocht agus meáin dhigiteacha, chomh maith le tionchar an domhandaithe. Tá bainistíocht sábháilteachta bia i gcóras bia domhanda atá níos casta bliain i ndiaidh bliana ag éirí níos dúshlánaí gach bliain. Leathnaíonn ár ról i gcosaint sláinte poiblí in Éirinn freisin go dtí tomhaltóirí bhia na hÉireann in 180 margadh ar fud an domhain. Is iontach an acmhainn córas láidir, neamhspleách agus gradamach atá á treorú ag sonraí bheith i bhfeidhm i dtaobh rialuithe oifigiúla, agus tá sé fíorthábhachtach maidir le taca a chur faoi shláinte agus folláine shochoaíoch na hÉireann, agus le dul isteach i margaí nua agus margaí reatha a chaomhnú.

Trí shonraí a sholáthair na gníomhaireachtaí oifigiúla cigireachta dúinn, shainnigh an tÚdarás méadú beag (1.1%) ar líon na ngnólachtaí bia in Éirinn in 2020. Tríd is tríd, in 2020 bhí 543 gnólacht bia breise in Éirinn i gcomparáid le 2019.

Is é misean an Údaráis “tomhaltóirí a chosaint agus comhlíontacht a ardú trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia” laistigh de thionscal bia na hÉireann. Chun an misean seo a chur i gcrích, lean an tÚdarás ar aghaidh le huirlisí agus acmhainní a sholáthar don chigireacht chun tacú leo maidir le comhlíontacht tionscail i dtaobh dlí bia a mheasúnú in 2020. Sholáthair an tÚdarás acmhainní freisin chun tacú leis an tionscal maidir leis an dlí a chomhlíonadh.

Tá an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla freagrach freisin as an bhfianaise a sholáthar chun léiriú go bhfuil an tionscal ag comhlíonadh a oibleagáidí dlíthiúla. Is éard atá i gceist leis seo: monatóireacht a dhéanamh ar éilleáin mhicribhitheolaíochta; measúnuithe riosca a dhéanamh ar ghuaiseacha bia; iniúchadh a dhéanamh ar earnáil na seirbhíse bia, agus teagmhais bhia a bhainistiú i dtaca le deacrachtaí a tharla in Éirinn nó a d’eascair as tíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Déanann an tÚdarás iniúchadh freisin ar chóras rialála bia chun a chinntiú go bhfuil sé láidir agus comhlíontach i dtaca le reachtaíocht rialála bia na hEorpa. Téann na torthaí seo i gcion ar chinntí agus beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta a mbíonn éifeacht acu ar shláinte agus folláine phoiblí.

Is obair leanúnach í ár n-obair i mbainistíocht na dteagmhas bia. Le linn 2020, d’eisigh an tÚdarás 112 teagmhas bia agus 55 foláireamh bia agus ailléirgine, méadú 56% ar 2019. Dhéileáil sé freisin le 661 teagmhas bia. Bhí líon na ngearán ó thomhaltóirí faoi bhia nó áitribh bia, lipéadú, agus ailléirginí beagán níos lú ná na blianta roimhe seo (2,272). Léiríonn an laghdú ar na huimhreacha tionchar phaindéim COVID-19, de bharr go raibh go leor gnólachtaí seirbhíse bia dúnta ar bhonn sealadach ar feadh tréimhsí fada i gcaitheamh na bliana. In 2020, dhéileáil Comhairle Chomhairle an Údaráis le 7,767 iarratas ó thionscal. Bhain roinnt de na fiosruithe coitianta le tús a chur le gnólacht bia, forlíontaí bia, riachtanais lipéadaithe bia, agus iarratais le haghaidh fhoilseacháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Is príomhluachanna de chuid an Údaráis iad comhoibriú agus obair foirne, agus chun ár misean a chomhlíonadh oibrímid i gcomhar leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus i gcomhar le grúpaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá ár gcaidreamh lenár gcomhpháirtithe rialála lárnach maidir le rath na hÉireann i dtaca le tomhaltóirí a chosaint agus le córas rialaithe sábháilteachta bia feabhsaithe a sheachadadh. Trínár gconarthaí seirbhíse, mar aon lenár gcaidreamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, agus le Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, cinntímid go bhfuilimid in ann ár n-acmhainní teoranta a threorú chun díriú ar na réimsí is mó riosca i gcomhair tomhaltóirí. Mar sin féin, ba mhór an dúshlán é aon laghdú breise ar acmhainní maidir lenár gcumas chun sláinte phoiblí a chosaint – bhí sé seo ríshoiléir in 2020, agus bhí dianphlé ar chúrsaí maoinithe le Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil mar thoradh air sular thángthas ar chomhaontú maidir le buiséad 2021.

Cinntíonn ár ndlúthchaidreamh oibre leo sin níos faide i gcéin freisin gur féidir linn faisnéis chriticiúil a roinnt, a mhalartú agus a threisiú ar mhodh tráthúil mar a bhfuil riosca ann do thomhaltóirí ó bhia, a tháirgtear in Éirinn nó a iompórtáiltear isteach go hÉirinn. Éascaíonn na caidrimh seo timpeallacht foghlama freisin inar féidir léargais agus dea-chleachtas a roinnt i measc tíortha. Cuirfidh comhpháirtíochtaí agus rannpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia i dTuaisceart Éireann, an

tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus ár gcomheagraíochtaí san Eoraip agus ar fud an domhain ar ár gcumas rochtain a fháil ar fhaisnéis thráthúil, bheacht agus dhaingean a chabhraíonn linn chun córais rialuithe fianaise-bhunaithe, den chéad scoth a chothabháil a sheasann aon mhionscrúdú. In 2020, chomhbhunaigh an tÚdarás Fóram na gCeann Idirnáisiúnta um Ghníomhaireachtaí Bia le comhghleacaithe ó Údarás Bia agus Druga na hAraibe Sádaí, agus Gníomhaireacht Chaighdeán Bia na hAstráile/na Nua-Shéalainne. Lena chois sin, ghlac an tÚdarás ról na rúnaíochta air féin maidir le Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa don tréimhse 2020-2022.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair na foirne cigireachta agus shaotharlanna an Stáit maidir le clár oibre fíor-riachtanach a sheachadadh i gcaitheamh na bliana, in ainneoin go raibh go leor de na gníomhaireachtaí ag obair le hacmhainní sriantacha agus leis na srianta a tugadh isteach de bharr phaindéim COVID-19. Chun a chinntiú gur féidir linn ár sainordú reachtúil a sheachadadh tá gá le foireann, agus tá sé de phribhléid againn go bhfuil foireann thar a bheith gairmiúil agus tiomanta laistigh den Údarás. In 2020, leanamar ar aghaidh le clár oibre arb é a chuspóir timpeallacht ionchuimsitheach, chomhoibríoch agus ardfheidhmíochta an Údaráis a fheabhsú i bhfianaise phaindéim COVID-19. Bhí forfheidhmiú na ngníomhaíochtaí a sainaitníodh inár suirbhé foirne i gceist leis an gclár oibre seo agus leanaimid ar aghaidh freisin le deiseanna forbartha gairmiúla agus pearsanta a sholáthar d'fhoireann an

Údaráis agus do chomhaltaí an Bhoird. Ina cheann sin, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do réimse feidhmiúil ár nGnóthaí Corparáideacha agus do na grúpaí aistrithe ionaid oibre a d'éascaigh an t-athrú saoráideach chuig obair chianda don eagraíocht in 2020. Bhí an cúram, an tacaíocht, agus an tiomantas a sholáthair na grúpaí seo don chuid eile den fhoireann ar fheabhas ar fad. Ina cheann sin, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair ár gcoistí agus grúpaí foirne a d'oibrigh go dian chun go mbeadh an eagraíocht nasctha le bliain anuas, agus foireann an Údaráis páirteach i ngach rud ó chlubanna leabhar agus quizeanna go seisiúin ióga agus aireachais.

Níl aon mhargadh ann do bhia neamhshábháilte, agus ní mór do gach duine atá páirteach i gcóras bia na hÉireann tús áite a thabhairt do shábháilteacht tomhaltóirí. Ina cheann sin, leanfaimid ar aghaidh le córas láidir rialuithe agus rialaithe chorparáidigh a sheachadadh atá deartha chun cuntasáíocht, trédhearcacht agus luach poiblí laistigh dár gcóras bia a chinntiú. Beidh sé seo níos tábhachtaí fós agus gnólachtaí ag tosú ar athoscailt athuir i ndiaidh phaindéim COVID-19. Tá sé tábhachtach go soláthraíonn siad bia sábháilte agus iontaofa don tomhaltóir ag gach ceann dá bpointí teagmhála.

Chun misean an Údaráis a bhaint amach, ní mór acmhainní iomchuí a leithdháileadh ar an Údarás chun seachadadh córas bia den chéad scoth a chinntiú bunaithe ar fhianaise eolaíochta atá ar thús cadhnaíochta agus sonraí tráthúla.

Tá cáil ar Éirinn ar fud an domhain mar 'oileán bia'. Baineann an cháil seo leis an gcomhlíontacht láidir a sheachadann tionscal bia na hÉireann. Tá dea-cháil ar an Údarás féin, de bharr thiomantas a fhoirne saineolaithe chun tomhaltóirí a chosaint. Tá cigirí bia na ngníomhaireachtaí oifigiúla agus an fhoireann i saotharlanna a oibríonn faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás ríthábhachtach chun ár gcuspóir a bhaint amach maidir le bia sábháilte agus iontaofa a chinntiú do chách, agus tugaim aitheantas dóibh as a ndíograis ina ról mar chigireacht náisiúnta sábháilteachta bia.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis an Aire Sláinte, Stephen Donnelly, TD; an t-iar-Aire Sláinte, Simon Harris, TD; leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, TD; agus le foirne a Ranna faoi seach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhaltaí Boird freisin, an Coiste Eolaíoch, leis an gComhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia, agus le fóraim an tionscail agus muid ag obair chun ár straitéis nua a sheachadadh sna 3 bliana atá romhainn.

Martin Higgins

Dr Pamela A Byrne

Cathaoirleach

An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Forléargas ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Bunaíodh an tÚdarás in 1998 faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid an Rialtais a bhfuil an fhreagracht air as an dlí faoi bhia a fhorfheidhmiú in Éirinn. Achtaíodh an tAcht sin i mí Iúil 1998 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1999.

Comhlacht forfheidhmiúcháin rialála náisiúnta reachtúil, neamhspleách agus bunaithe ar eolaíocht is ea an tÚdarás, atá tiomanta don tsláinte phoiblí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint i réimsí na sábháilteachta agus an tsláinteachais bia, an ionracais agus na barántúlachta. Tuairiscíonn sé don Aire Sláinte, a cheapann Bord 10 gcomhalta. Tá Coiste Eolaíoch 14 chomhalta aige chomh maith (arna gceapadh ag an Aire Sláinte) a chuidíonn leis an mBord agus a thugann comhairle dó. Dá bharr sin, déantar cinntí a bhaineann le sábháilteacht bia, sláinteachas agus ionracas trí úsáid a bhaint as an gcomhairle agus as an eolas is déanaí agus is fearr atá ar fáil.

Cinntíonn sé seo go bhfuil rochtain ag pobal na hÉireann, mar aon le tomhaltóirí bhia na hÉireann in 180 tír ar fud an domhain, ar sholáthar sábháilte bia agus faisnéis iontaofa.

Mar sin, glacann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann gach céim réasúnach chun go mbainfidh bia a itear, a tháirgtear, a dháiltear nó a ndéantar margáíocht air in Éirinn na caighdeáin is airde atá ar fáil amach maidir le sábháilteacht bia agus sláinteachas, agus chun a chinntiú go gcomhlíonann bia riachtanais dhlíthiúla nó, nuair is cuí, le cóid shainaitheanta dea-chleachtais.

Tá gníomhaíochtaí an Údaráis lárnach maidir le taca a chur faoi shláinte shochoíoch agus fás geilleagrach na hÉireann.




Ag cur taca faoi shláinte shochoíoch agus fás geilleagrach

Bunús sochaí sláintiúla agus geilleagair fheidhmiúil is ea daoine sláintiúla ag déanamh cinntí feasacha i dtaca leis an mbia a itheann siad. Sainiúnaíonn Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte 2021–2023 an tábhacht a bhaineann le creata dlíthiúla iomchuí, beartais fhadhbheathnaitheacha agus struchtúir chomhtháite chun na caighdeáin is airde a bhaint amach ó thaobh sábháilteacht bia agus chun cuspóir foriomlán na Roinne Sláinte a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine phobal na hÉireann.

D'fhéadfadh bia neamhshábháilte fíor-dhrochéifeachtaí bheith acu, agus bíonn tionchar mór acu seo ar chaighdeán na

Córas sábháilteachta bia na hÉireann



Figiúr 1 Córas sábháilteachta bia na hÉireann

An rud a dhéanann an tÚdarás

Is é príomhchúram an Údaráis dlí faoi bhia a chur i bhfeidhm, a ndéantar é a chomhordú trí obair i gcomhar le húdaráis rialaithe bia eile.


Cuireann líonra gníomhaireachtaí oifigiúla reachtaíocht bia i bhfeidhm thar ceann an Údaráis trí chlár conarthaí seirbhísí, a ndéanann an tÚdarás monatóireacht air. Tuairiscíonn an tÚdarás freisin ar ghníomhaíochtaí gníomhaireachtaí agus lorgaíonn sé feabhsú agus cuntasáíocht leanúnach trí chlár iniúchtaí rialta. Léigh tuilleadh faoi [raon agus scóip ár n-oibre anseo](#).



An tslí a n-oibríonn an tÚdarás

In 2020, chuir an tÚdarás reachtaíocht faoi bhia i bhfeidhm trí chonarthaí seirbhíse le 31 gníomhaireacht oifigiúla, agus soláthraíonn an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 an bonn reachtúil lena aghaidh seo.

Is é ról an Údaráis comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí oifigiúla sin, trí na conarthaí seirbhíse, a thugann cuntas ar leibhéal comhaontaithe agus caighdeán gníomhaíochta sábháilteachta bia a fheidhmeoidh na gníomhaireachtaí oifigiúla. Maireann na conarthaí seirbhíse ar feadh 3 bliana ar a laghad, agus is féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas ón Údarás nó ón ngníomhaireacht oifigiúil i rith an ama sin. Tionóltar cruinnithe rialta ar leis an lucht bainistíochta sinsearaí i ngach gníomhaireacht agus leis na bainisteoirí líne atá freagrach as seirbhís iniúchóireachta agus anailíse a sheachadadh.



Rannpháirtíocht an Lucht Tionscail



Cé go bhfuil tionscal an bhia freagrach as sábháilteacht bia ar mhargadh na hÉireann, is ról maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag an Údarás.

Téann an tÚdarás i mbun teagmhála go rialta le tionscal an bhia chun gnólachtaí bia a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí agus chun cur lena gcomhlíontacht maidir le reachtaíocht sábháilteachta bia.

Ceann de na bealaí a ndéanann an tÚdarás é seo ná trí chruinnithe fíorúla lena cheithre fhóram thionscail. Cuirtear ardán ar fáil leis na cruinnithe sin do thionscal an bhia chun ceisteanna ábhartha a ardú agus chun faisnéis thábhachtach a fháil ón Údarás. Ligeann siad don Údarás freisin aon cheist leanúnach a tharraingt anuas le tionscal agus feasacht a ardú i dtaobh athruithe rialála agus reachtaíochta. Le linn 2020, tionóladh na cruinnithe seo ar fad go fíorúil.

Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia



Tugann Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia grúpa an-ilchineálach agus an-fhuinniúil de tháirgeoirí ceardbhia, ar scála beag nó bia intíre le chéile. Cuireann an Fóram deis ar fáil trínar féidir leis an earnáil agus leis na rialtóirí dul i mbun teagmhála lena chéile, idirghníomhú agus faisnéis a mhalartú. Cabhraíonn sé seo dá réir sin le comhlíontacht ar fud na hearnála a fheabhsú. De bharr gur cuireadh isteach go mór ar an earnáil de bharr phaindéim COVID-19, níor tháinig an Fóram le chéile ach uair amháin in 2020, agus leanadh ar aghaidh leis an gcumarsáide idir na cruinnithe. Tá inní mhór ar bhaill an Fhórait go fóill mar gheall ar láithreach ceimiceán, go háirithe gliofosáit, sa timpeallacht, i mbia agus i ndaoine, agus an tionchar féideartha atá acu ar shláinte an duine. Braitheann baill go bhfuil rialú neamhsheasmhach agus for-rialú i gceist lena n-earnálacha. Leanfar ar aghaidh leis an bhféidearthacht maidir le tionscnamh 'oiliúint a chur ar oiliúnóir' le hinstitiúidí tríú leibhéal.

An Fóram Miondíola



Tá comhaltaí ó na príomh-ollmhargaí agus ó na príomhghrúpaí siombaile atá ag oibriú in Éirinn ina gcuid den Fhóram Miondíola. Feidhmíonn an Fóram chun cur le tuiscint ar an reachtaíocht faoi bhia, agus chun comhairle faoi shábháilteacht bhia a scaipeadh, agus chun dea-chleachtas a roinnt. Thionóil an Fóram Miondíola dhá chruinniú in 2020: cruinniú amháin rialta, agus cruinniú amháin fíorúil de bharr shrianta phaindéim COVID-19. Is iad na príomhcheisteanna a pléadh lipéadú bainne foirme do naíonáin le holaigaishiúicrídí bainne duine; lipéadú príomhchomhábhair bhunaidh; lipéadú veigeánach/veigeatórach; frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach; Brexit; campalabaictéar; tuairim an dara saineolaí; sainmhíniú ar thaos géar, treoir an Choimisiúin Eorpaigh ar aicriolaimíd; díliostú bhreiseán E160b, agus baoiteáil fhadtéarmach.

An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach

Is é an Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach an coiste náisiúnta páirtithe leasmhara maidir le Clár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann. Is é aidhm an Chláir cinntiú nach gcuirtear ach sliogéisc shábháilte ar an margadh. Déanann an tÚdarás cathaoirleacht ar an gCoiste agus cuimsítear leis ionadaithe ó ghníomhaireachtaí oifigiúla (an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara, Foras na Mara agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), Bord lascaigh Mhara, tionscadal an sliogéisc, agus grúpaí páirtithe leasmhara eile. Le linn 2020, tháinig an Coiste le chéile ceithre huair agus phléigh siad réimse leathan ceisteanna, lena n-áirítear comhordú samplach, imeachtaí bitocsaine agus caighdeán uisce sliogéisc. Chuir an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara agus Foras na Mara an t-eolas is déanaí faoi bhráid an Choiste maidir le noraivíreas, treochtaí ginearálta tocsaineachta, caighdeán an uisce, éilleáin timpeallachta agus forbairtí i dtaca le sábháilteacht sliogéisc laistigh d'Éirinn. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an mbitocsain agus ar chóid chleachtas mhicribhitheolaíochta faoin gClár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann. Sholáthair baill an Choiste aiseolas úsáideora freisin d'Fhoras na Mara ar fhorbairt leanúnach an bhunachair sonraí maidir le bitocsain bláthanna algacha díobhálachaa.

An Fóram Seirbhíse Bia



Tagann comhaltaí an Fhórait Seirbhíse Bia ó ghnólachtaí lónadóireachta, ó ghnólachtaí seirbhíse bia agus ó eagraíochtaí ionadaíochta. Scaipeann an Fóram comhairle sábháilteachta bia, roinneann sé dea-chleachtas agus cuireann sé feabhas ar thuiscint ar reachtaíocht faoi bhia ábhartha. Tháinig an Fóram Seirbhíse Bia uair amháin i Márta 2020; roghnaigh sé gan cruinniú fíorúil a bheith aige ag deireadh 2020, ach lean sé ar aghaidh lena chomhfhreagras leis an Údarás ar roinnt ceisteanna ar an ríomhphost. Seo a leanas na príomhcheisteanna a pléadh: ordú béilí agus seirbhíse seachadta; Brexit treoir an Choimisiúin Eorpaigh ar aicriolaimíd; an t-eolas is déanaí ar Phacáiste Féinfhrestail an Údaráis; baoiteáil fhadtéarmach; comhairliúchán thuairim an dara saineolaí; oiliúint sábháilteachta bia, lipéadú mairteola, agus lipéadú na tíre bunaidh.



Comhoibriú

Tá an comhoibriú ar cheann de chroí-luachanna an Údaráis. Ní go n-oibrítear le tionscal, lenár bpáirtithe leasmhara, agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta gur féidir le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann tomhaltóirí a chosaint agus cinntiú go mbaintear a fhís agus a mhisean amach. Aithníonn an tÚdarás tiomantas a chomhpháirtithe agus a chomhoibríthe maidir le córas cuimsitheach rialuithe a sheachadadh do shábháilteacht agus iontaofacht bia le linn 2020.

In 2020, lean an tÚdarás ar aghaidh a bheith ina ghníomhaí comhoibrítheach i réimse na sábháilteachta bia. Mar sin féin, tháinig athrú mór ar an mbealach ar chothaigh an tÚdarás a chaidrimh náisiúnta agus idirnáisiúnta. De bharr phaindéim COVID-19, bhog formhór obair an Údaráis go dtí obair ar líne agus rinneadh í trí bhogearraí físchomhdhála. Bhí buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis seo. Rinne sé níos deacra é chun naisc agus ceangail dhaonna a chaomhnú, ach rinne sé níos éasca é chun freastal ar chruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ina ainneoin seo, lean an tÚdarás ar aghaidh lena chomhoibriú dlúth le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeán Bia. Bhí sé seo níos tábhachtaí fós i bhfianaise Brexit. Cumasaíonn Meabhrán Tuisceana an chomhpháirtíochta a thugann cead d'aghaidh a thabhairt ar cheisteanna coitinne a bhaineann le comhsheasmhacht forfheidhmiúcháin sa dlínse, mar aon le comhoibriú éifeachtach a chinntiú má tharlaíonn aon teagmhas bia trasteorann. Tugann an Meabhrán Tuisceana idir Gníomhaireacht na Lochanna agus an tÚdarás cuntas ar an gcúnamh a sholáthraíonn Gníomhaireacht na Lochanna maidir le Clár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann i Loch Feabhail agus i Loch



Cairlinn a fheidhmiú. Le bliain anuas, lean an tÚdarás ar aghaidh lena rannpháirtíochta le *safefood*. Tugann sé seo deis maidir le comhobair atá le cur i gcrích ar cheisteanna atá chomh tábhachtach céanna don dá eagraíocht. Cuimsítear leis seo comhcheiliúradh chun Lá Domhanda Sábháilteachta Bia 2020 a mharcáil in éineacht leis an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Comhoibríonn an tÚdarás le Bia Deoch Éireann ar fhaire na fáistine tríd an bhFóram um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun cinn, a bhfuil baill den Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, de Bhia Deoch Éireann agus na mórdhéantúsóirí bia ilnáisiúnta ann. D'oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le rialtóirí eile in Éirinn freisin, lena n-áirítear an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, Bord Bia, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Lena chois sin, bhí comhpháirtithe rialála sábháilteachta bia an Údaráis agus comhaltaí a gComhairlí, a gcoistí páirtithe leasmhara fíorthábhachtach maidir le príomhtheachtaireachtaí a chraobhscaoileadh agus córais bhia na hÉireann in 2020.

Glacann an tÚdarás páirt i gCoiste Comhairle Eolaíoch den Lárionad Faire um Chosaint Sláinte de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus i gCoiste na Gníomhaireachta um Chaomhnú


Comhshaoil. Glacann an tÚdarás páirt go leanúnach, agus go gníomhach i líon coistí eile ó eagraíochtaí eile, arb iad a gcuspóirí caighdeáin a ardú agus a chothú in earnáil an bhia. San áireamh sna heagraíochtaí seo tá: Búistéirí Ceardbhia Comhlachaithe na hÉireann, Bord Bia, Údarás Craolacháin na hÉireann, an Chomhpháirtíocht Náisiúnta Sláinteachais, agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.



Chomhoibrigh an tÚdarás trasna Ranna Rialtais mar chuid d'fheachtas #BrexitReady na hÉireann, rud a lig don Údarás teachtaireachtaí comhtháite Brexit do pháirtithe leasmhara. Chomhoibrigh sé freisin le Fáilte Ireland chun treoir a fhorbairt maidir le hathoscailt agus feidhmiú go sábháilte le linn phaindeim COVID-19. Ina theannta sin, ghlac an tÚdarás páirt i gcoistí an FSS a dhéileáil le ráigeanna COVID-19 i monarchana feola agus in earnáil na próiseála bia freisin.

In 2020, ghlac an tÚdarás ról na rúnaíochta air féin maidir le Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa ar feadh thréimhse 2 bhliain, lena linn tionólfaidh sé ceithre chruinniú le ballstáit an AE a ghlacfaidh uachtaránacht na Comhairle Eorpaí. Tá an tÚdarás ina chathaoirleach freisin ar Chleachtóirí Forfheidhmiúcháin Dlí Bia,

grúpa iniúcháirí agus pearsanra saotharlainne de chuid an AE atá ag gabháil d'fhorfheidhmiúchán dlí bia. Ina theannta sin, glacann an tÚdarás páirt i gcruinniú domhanda rialtas-le-rialtas ar úsáid scéimeanna deimhniúcháin phríobháidigh i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla, agus is ball gníomhach é den Choimisiún Idirnáisiúnta ar Shonraíochtaí Micribhitheolaíochta le haghaidh Bianna. Cuidíonn an tÚdarás le gníomhaireachtaí i dtíortha eile, a mheasann gur eiseamláir é an tÚdarás do ghníomhaireachtaí náisiúnta aonair um rialú bia. Anuas air sin, leanann an tÚdarás dá bhallraíocht de Chórais Bianna Inbhuanaithe na hÉireann, tionscnamh de chuid Fhiontraíocht Éireann agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun saineolas sábháilteachta bia, eolaíoch, teicniúil, beartais agus agraibhia a chur ar fáil chun tacú le forbairt thar lear.



I Lúnasa 2020, rinneadh rúnaíocht den Údarás ar na Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa.

San áireamh sa rannpháirtíocht Eorpach in 2020 tá rannpháirtíocht leanúnach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i Líonra Ballstát eile agus sa Choimisiún Eorpach, ag obair ar fhormaid chaighdeánach chun Pleananna Rialuithe Náisiúnta a tháirgeadh le haghaidh rialuithe oifigiúla trasna an AE, agus chun tuairisciú orthu. Lena chois sin, ghlac Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann páirt i ngrúpa oibre AE i dtaca le cloí le rialacha AE i dtaobh monatóireacht agus tuairisciú ar ola olóige.

In 2020, thacaigh an tÚdarás mar aon le cuibhreannas gníomhaireachtaí de chuid Rialtas na hÉireann agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta leis an Albáin mar iarrthóir ar aontachas leis an AE trína caighdeáin sábháilteachta bia, tréidliachta, agus sláinte phlanda a neartú. D'éirigh an tionscadal seo níos casta in 2020, de bharr na srianta a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Táthar ag iarraidh go leanfar ar aghaidh leis an tionscadal seo go ceann 2 bhliain agus tacaíonn deontas €5 mhiliún ón AE leis.

Ó pheirspictíocht dhomhanda, bhain an tÚdarás leas as bogearraí físchomhdhála agus chuaigh sé i mbun teagmhála le comheagraíochtaí idirnáisiúnta agus AE, rud a lig do roinnt smaointe agus faisnéise. Tá comhaontú rúndachta ag an Údarás freisin leis an Údarás Bia agus Drugaí de chuid na Stát Aontaithe (SAM). Ina theannta sin, leanann an tÚdarás ar aghaidh le toscaireachtaí eachtrannacha a óstáil ar mian leo foghlaim níos mó faoi straitéis agus gníomhaíochtaí an Údarás.

Is ball den Choimisiún Idirnáisiúnta ar Shonraíochtaí Micribhitheolaíochta le haghaidh Bianna é Stiúrthóir Eolaíochta agus Chaighdeáin Bhia an Údarás, an Dr Wayne Anderson. Is é an tÚdarás an pointe teagmhála freisin i gcomhair Líonra na nÚdarás Idirnáisiúnta Sábháilteachta Bia (INFOSAN), comhthionscnamh idir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus Foras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe. Tá 177 Ballstát páirteach i ngnáthmhalartú faisnéise ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bia agus roinnt eispéireas agus saineolais, agus tugann sé rochtain mhear ar fhaisnéis i gcás éigeandálaí sábháilteachta bia. In 2020, bhí luach thar na bearta ag baint leis na naisc idirnáisiúnta seo le linn phaindéim COVID-19, sa mhéid agus gur éascaigh siad malartú fíor-ama faisnéise fíorthábhachtaí.

Tá na comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí seo fíor-riachtanach chun córas bia sábháilte agus iontaofa a chinntiú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Sainaitníonn an tÚdarás an méid atá bainte amach ag a chomhpháirtithe mar aon le hiarrachtaí thionscal an bhia maidir leis an gcóras seo a sheachadadh d'Éirinn le linn 2020.

Chomhbhunaigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údarás Fóram na gCeann Idirnáisiúnta um Gníomhaireachtaí Bia in 2020 lena comheagraíochtaí ó Údarás Bia agus Druga na hAraibe Sádaí, agus Gníomhaireacht Chaighdeáin Bhia na hAstráile/na Nua-Shéalainne.

Straitéis Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 2019-2023

Lainseáil an tÚdarás [straitéis nua](#) in 2019. Leagann an straitéis síos a fhís, a mhisean, a luachanna, agus a spriocanna agus a chuspóirí straitéiseacha do na 5 bliana atá amach romhainn, agus is toradh é ar an gcomhairliúchán fairsing inmheánach agus seachtrach.

Tugann fíis Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le ‘Bia Sábháilte agus Iontaofa do Chách’ léargas soiléir ar uaimhian an Údaráis, agus tógann seachadadh na straitéise ar an obair a rinneadh san am atá thart, ag cothú cur chuige comhpháirtíochta trí chóras rialála sábháilteachta bia a sheachadadh atá pleanáilte go straitéiseach agus atá ábhartha, forásach agus láidir don todhchaí go fóill.

Tá rath an Údaráis ag brath go mór ar dhlí faoi bhia, eolaíocht agus comhoibriú leo siúd sa phobal sábháilteachta bia. Tá a thiomantas maidir le tomhaltóirí a chosaint mar bhunchloch lena mhisean, a deir:

‘Cosnaímid Tomhaltóirí agus ardaímid comhlíontacht trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia.’

Lárnach i soláthar á straitéise tá ár luachanna: ionracas, meas, díograis, trédhearcacht, obair foirne agus comhoibriú. Treoraíonn na luachanna sin cinní agus caidrimh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.



Figióir 4 luachanna Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Freagracht shóisialta chorparáideach

Tá an tÚdarás tiomanta d'fheidhmiú ar bhealach freagrach ó thaobh cúrsaí sóisialta de. Mar ghníomhaireacht phoiblí, tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann eolach ar an éifeacht a bhíonn ag a ghníomhaíochtaí ar a fhoireann, a pháirtithe leasmhara, ar an tsochaí, agus ar an gcomhshaol. Chuige sin, shainathin an tÚdarás coigiltis chomhshaoil, oideachas, folláine, comhionannas, rochtain agus bailiú airgid mar phríomhréimsí fócais le haghaidh forbairt freagrachta sóisialta corparáideach in 2020.

Tá an tÚdarás tiomanta dá dhualgais reachtúla a chur i gcrích ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Tacaíonn sé le pleananna gníomhaíochta comhshaoil AE agus náisiúnta. Ba bhliain í 2020 nuair a bhí an tÚdarás in ann a thionchar ar an timpeallacht a laghdú go suntasach mar, amhail go leor comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, thiontaigh an eagraíocht ar obair ón mbaile de bharr phaindéim COVID-19. Lig sé seo don Údarás dul i mbun teagmhála le páirtithe leasmhara ar bhealach a laghdaigh an tionchar ar an timpeallacht agus lorg carbóin na heagraíochta, rud a chuidigh le tiomantas na hÉireann i dtaobh astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú. In 2020, lean Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar aghaidh le tacú le scéim an Ticéid Comaitéara Cáinchoigilteora agus Scéim Rothar chun Oibre agus iad a chur chun cinn.

Tá an tÚdarás meáite ar obair leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar fhorfheidhmiú gnéithe den Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (2020) atá ábhartha dár sainordú. Bhunaigh an tÚdarás grúpa




Tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann lonnaithe i bhFoigréamh an Exchange san Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais Idirnáisiúnta (IFSC) i mBaile Átha Cliath 1.

oibre seachtrach, Grúpa Dramhbhia Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, chun comhoibriú leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le cuspóir na hÉireann i dtaobh plean nua a bhaint amach i leith pleanáil agus bainistíocht dramhaíola.

Is réimse í inrochtaineacht a bhfuil an tÚdarás ag díriú air agus cur feabhas air i gcónaí. Le linn 2020, mar gheall ar an athrú chuig obair chianda, bhí sé tábhachtach go mbeadh rochtain ag gach páirtí leasmhar ar phríomhréimsí ár seirbhísí. Chiallaigh sé seo gurbh éigean dár bhfoireann TF tiontú chun a chinntiú nach gcuirfí isteach ar ár seirbhísí. Lena chois sin, lainseáil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann treoir rochtana agus ghnáth-Bhéarla le haghaidh cumarsáide. Ligeann sé seo don fhoireann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach ar bhealach atá intuigthe do chách.

Agus formhór na foirne ag obair ón mbaile le linn 2020, leagadh an-bhéim ar fad ar chumarsáid thrédhearcach agus folláine na foirne.

Bhíomar ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le faisnéis chruinn a sholáthar dár bhfoireann chomh luath agus is féidir i ndomhan a raibh an oireadh sin éiginnteachta ag baint leis.



Tugadh tús áite d'fholláine na foirne. Bhíomar ar an eolas gur chiallaigh paidéim COVID-19 go mbeadh ar bhaill foirne dul i ngleic le cineálacha éagsúla cásanna, agus mar sin

reáchtáil ár gCoiste Foirne agus a fhochoistí roinnt tionscnamh a spreag dlúthchaidreamh agus féinchúram. Orthu sin bhí seisiúin aireachais, quizeanna, ióga, carúil Nollag, club leabhar, dúshlán céimeanna, agus gníomhaíochtaí sóisialta eile. Agus muid ar thóir an tsíorfheabhais, reáchtáil an tÚdarás suirbhé rannpháirtíochta ag deireadh 2020. Déanfar na torthaí ón suirbhé seo a mheasúnú agus úsáidfear iad chun a chinntiú go bhfuil cultúr an Údarás tacúil, cumasaithe, agus ionchuimsitheach. Agus tábhacht na héagsúlachta agus an ionchuimsithe á sainaithint, tá an tÚdarás meáite ar bhéim a leagan ar réimse an chomhionannais, na héagsúlachta agus an ionchuimsithe in 2020. Soláthraíonn an tÚdarás sárdheiseanna uas-scilithe freisin, agus baill foirne tar éis leas a bhaint as foghlaim, cúrsaí oiliúna ar líne agus breis deiseanna forbartha gairmiúla ar na bacáin in 2020.


Roimh an athrú chuig an bair chianda, bhí an fhoireann lonnaithe i bhfoirgneamh an Exchange i Lárionad Seirbhísí Airgeadais na

hÉireann. Tá deimhniúchán chaighdeán Óir LEED bainte amach ag an bhfoirgneamh mar gheall ar a bhéim ar éifeachtúlacht inbhuanaitheachta agus fuinnimh, agus tá rátáil BER A3 ag gabháil leis. Lena chois sin, thug an tÚdarás faoi bhearta sonracha chun priontáil a laghdú agus chun coigiltis soilsithe a mhéadú, trí líon na bprintéirí a laghdú chomh maith le húsáid a bhaint as soilsiú LED ar fud an fhoirgnimh. I gcomhréir le treoir Rialtais, choigeartaigh an tÚdarás a oibríochtaí ó lá go lá chun deireadh a chur le ceannach plaisteach aon úsáide, cupán dí, seanra nó coinlíní óil, go díreach nó go hindíreach, ach amháin sa chás go dtiocfadh deacrachtaí sainiúla sláinte poiblí/sláinteachais nó sábháilteachta chun cinn. Ina theannta sin, cuimseofar le plean soláthair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, nuair is féidir, rátálacha éifeachtúlachta fuinnimh an tairge agus costais saolré mar chritéir i dtaobh tairiscint a bhronnadh. Leanfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar aghaidh bheith ina bhall réamhghníomhach den Fhoireann Comhshaoil Foirgneamh Malartáin in 2021, chun feabhsuithe a sheachadadh i dtaobh ídiú fónas agus an méid dramhaíola a laghdú agus é mar chuspóir foriomlán aige lorg carbóin na heagraíochta a laghdú.

Gach bliain, cuireann an tÚdarás am de leataobh chun oideachas a chur ar na glúnta atá ag teacht maidir le heolaithe bia, le cigirí sábháilteachta bia agus leo siúd atá ag staidéar ar ghairm i ngníomhaireachtaí rialála, trí léachtaí agus seimineáir ar fud na hÉireann. Le linn 2020, soláthraíodh oiliúint mac léinn trí shocraíocht mac léinn in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus trí léachtaí ón bhfoireann. Don dara bliain, mhaoinigh an tÚdarás 'Eolaíocht agus Teicneolaíocht ag Obair' atá á treorú ag an tionscal agus

d'fhorbair sé ceacht do mhic léinn mheánscoile ar ailléirginí bia. San áireamh san fhor-rochtain bhreise ag an tríú leibhéal bhí 18 n-uaire de léachtaí. Lena chois sin, tá acmhainní líonmhara treorach agus ríomhfhoghlama ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar a shuíomh gréasáin; cabhraíonn siad freisin le tairbhe a dhéanamh dá iarrachtaí oideachasúla agus chun iad a threisiú.

Le linn 2020, bhí foireann an Údaráis páirteach i dtionscnaimh tiomsaithe airgid le haghaidh roinnt carthanachtaí. Reáchtáil sé tionscnamh Aoine Fhoirmiúil do na carthanachtaí ALONE agus LauraLynn. Reáchtáil an tÚdarás searmanas Carúl Nollag freisin chun cistí a thiomsú ar mhaithe le Cedar House Crosscare Homeless Shelter; san áireamh sa chlár don imeacht seo bhí caint ó ionadaí na dídine Dean Hayden. Ina theannta sin, Ghlac Príomhoifigeach



Tháinig baill foirne an Údaráis le chéile chun airgead a thiomsú le haghaidh Cedar House Crosscare Homeless Shelter

Feidhmiúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Dr Pamela Byrne, páirt i Shine A Light Night de chuid Fhócas Éireann chun codladh amuigh faoin aer i ndlúthpháirtíocht le daoine gan dídean agus leo sin atá i mbaol bheith gan dídean. Rinne an Dr Byrne gíolcaireacht bheo maidir leis an eispéireas seo óna gairdín ar mhaithe le feasacht a ardú ar dhaoine gan dídean agus chun airgead a bhailiú le haghaidh Fhócas Éireann.




Ghlac Príomhfheidhmeannach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Dr Pamela Byrne, páirt i Shine A Light Night de chuid Fhócas Éireann

Ag feidhmiú ar bhealach atá freagrach go sóisialta mar chuid de DNA an Údaráis, agus leanfaidh an eagraíocht ar aghaidh leis na tionscnaimh sin a fhorbairt in 2021 agus níos faide ar aghaidh.

Rialachas agus bainistíocht

Tá Bord neamhfheidhmiúcháin ag an Údarás. Ceapann an tAire Sláinte é agus tá sé freagrach as ceapachán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus as maoirseacht rialachais chorparáidigh faoi réir treoirínte an Rialtais.

Cuireann dhá chomhlacht neamhspleácha comhairle ar an mBord: an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia, ar a bhfuil páirtithe leasmhara sa bhiashlabhra (e.g. tionscal an bhia, tomhaltóirí), agus an Coiste Eolaíoch, ar a bhfuil eolaithe. Tá 14 eolaí neamhspleácha ar an gCoiste Eolaíoch arna gceapadh ag an Aire Sláinte i gcomhairle leis an mBord. Ní mór do Chathaoirleach an Choiste Eolaíoch bheith ina bhall den Bhord. Tugann an Coiste Eolaíoch comhairle don Bhord maidir le cúrsaí eolaíocha a chuireann taca faoi shábháilteacht bia agus faoi chothú, agus ní fhéadfaidh an tÚdarás gníomhú ar cheist ar bith a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoiste Eolaíoch go dtí go soláthraítear a thuairim don Bhord. Bunaíonn an Coiste Eolaíoch fochoistí eolaithe neamhspleácha chun a chomhairle a chur chun cinn; dá réir sin, tugtar comhairle don Údarás as obair tuairim is 83 eolaí. Feidhmíonn an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia mar fhóram le haghaidh díospóireacht ar cheisteanna sábháilteachta bia. Is ardán fiúntach é do thomhaltóirí agus tionscal chun ionchur a sholáthar do straitéis agus clár gníomhaíochtaí an Údaráis.”



Figiúr 5 Cairt Eagrúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 2020

Martin Higgins (Cathaoirleach)

An tUasal Ciaran Byrne (go dtí Iúil 2020)

An tUasal Mary Cullen

An tUasal Derek Cunningham

An tOllamh Albert Flynn

An tUasal Margaret Moran
(go dtí Meitheamh 2020)

An tUasal Ros O'Shea

An tUasal Gerry McCurdy

An Dr Clíodhna Foley-Nolan

An tOllamh Francis Butler

An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia, 2020

An tUasal Ray Bowe (Cathaoirleach)

Musgraves Retail Partners

An tUasal Maree Gallagher

Aturnae Díl Bia

An tUasal Cormac Healy

Meat Industry Ireland

An tUasal Dermot Jewell

Cumann Tomhaltóirí na hÉireann

An tUasal Jamie Knox

Britvic Ireland

An tUasal Siobhan Murphy

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An tUasal James McCrudden

Country Markets

**Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
An Coiste Eolaíoch, 2020**

An tOllamh Albert Flynn (Cathaoirleach)

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

An Dr Paula Barry Walsh

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An tOllamh Kevin Cashman

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

An Dr PJ Cullen

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

An Dr Geraldine Duffy

Teagasc

An Dr Mark Fenelon

Teagasc

An tUasal John Keegan

Saotharlann an Anailísí Phoiblí, Baile Átha
Cliath (ar scor)

An tUasal Tim O'Brien

Restaurateur

An tUasal Eamonn Quinn

Kelsius

An tUasal Martin Roper

Comhairleoir Sábháilteachta Bia

An tUasal Annette Sweeney

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Dermot Gates

Boxmore Plastics Ltd

An tOllamh Brian McKenna

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
(ar scor)

An Dr Eleanor McNamara

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Dr Michael O'Keeffe

Saineolaí ar Iarmhair

An Dr Margaret O'Sullivan

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An tUasal Ray Parle

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Dr Dónal Sammin

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An tUasal Ita Saul

Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn
(ar scor)

Príomh-bhuaicphointí gníomhaíochtaí an Údaráis

An córas oifigiúil um rialú bia: sracfhéachaint ar na huimhreacha


Forfheidhmiú

Le linn 2020, sheirbheáil cigirí bia 31 Ordú Dúnta, 2 Ordú Feabhsúcháin agus 9 Ordú Toirmisc, agus cuireadh 5 ionchúiseamh ar aghaidh i gcoinne gnólachtaí bia ar fud na hÉireann (Figiúr 6).

Is iad seo a leanas na cineálacha ceisteanna um shábháilteacht bia athfhillteacha as a dtagann Orduithe Forfheidhmiúcháin agus Fógraí Feabhsúcháin (Tábla 1): drochghlanadh agus drochshláintíocht an áitribh; drochshláinteachas pearsanta; easpa uisce reatha; saoráidí ní lámh neamhleora; stóráil mhícheart bhia; easpa clár um rialú lotnaidí nó ceann neamhleor, nó ceann neamhéifeachtach; fadhbanna struchtúracha de bharr easpa cothabháil leanúnach; agus easpa córas bainistíochta sábháilteachta bia nó ceann neamhleor.

Tábla 1 Ordú Forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh a seirbheáladh, 2016–2020

Beartas um Fhorfheidhmiú	2016	2017	2018	2019	2020
Ordú Dúnta	94	64	95	108	31
Fógra Feabhsúcháin	263	262	230	236	104
Ordú Feabhsúcháin	3	1	5	4	2
Ordú Toirmisc	9	4	10	13	9
Ionchúiseamh	13	11	9	2	5
Iomlán	382	342	349	363	151



Figiúr 6 Orduithe Forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh, de réir contae, 2020

Cigireachtaí gnólachtaí bia

In 2020, bhí 50,044 gnólacht bia faoi mhairseacht gníomhaireachtaí oifigiúla a bhfuil conarthaí seirbhíse acu leis an Údarás (Tábla 2). Is méadú beag (1.1%) é seo ar 2019. Ar na gnólachtaí bia cláraithe, déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cigireacht ar beagnach 92% díobh; déanann an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara cigireacht ar 6% díobh; déanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cigireacht ar 2% díobh; agus déanann na húdaráis áitiúla cigireacht ar 1% díobh.

Déanann na gnólachtaí bia seo raon fairsing gníomhaíochtaí, ó ghníomhaíochtaí iompórtála agus déantúsaíochta go gníomhaíochtaí dailte, miondíola agus lónadóireachta.

Tábla 2 Líon agus cineál na ngnólachtaí bia faoi mhairseacht ag gníomhaireachtaí oifigiúla, 2016–2020

Gníomhaireacht oifigiúil	Cineál áitribh	2016	2017	2018	2019	2020
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	Táirgeoirí Príomhúla	114	123	337	340	355
	Déantóirí agus Pacálaithe	297	352	441	428	494
	Dáileoírí agus Iompróirí	411	419	236	132	108
	Iomlán	822	894	1014	900	957
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	An Earnáil Seirbhíse	28 933	29 177	28 676	28 832	28 769
	Níor Sainíodh	23	46	46	36	160
	Iompróirí	123	132	144	130	128
	Mórdhíoltóirí/dáileoírí	1138	1158	1183	1194	1193
	Pacálaithe	117	121	120	112	107
	Miondhíoltóirí	12 950	13 529	13 336	13 373	13673
	Déantóirí	2109	1437	1436	1400	1526
	Iompórtálaithe/easpórtálaithe tríú tír	37	41	41	42	36
	Riarachán gnólachtaí bia	102	162	208	263	306
	Iomlán	45 532	45 803	45 190	45 382	45 898

Gníomhaireacht oifigiúil	Cineál áitribh	2016	2017	2018	2019	2020
Údaráis áitiúla	Seamlais	201	195	182	175	166
	Gléasraí Beaga Déantúsaíochta Feola	204	209	211	217	199
	Gléasraí Éanlaithe Clóis	40	38	40	32	35
	Fuarstórais	36	43	45	38	42
	Siopaí Búistéara	9	8	9	9	7
	Gnólachtaí soghluaiste	21	33	34	23	32
	Trádálaí/Bróicéir	0	0	0	0	6
	Iomlán	511	526	521	494	487
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	Árthaí iascaireachta	2195	2079	1912	2077	2080
	Limistéir tháirgthe moileascach	2	182	185	187	189
	Gnólachtaí bia cláraithe ar talamh (lena n-áirítear gléasraí oighir)	8	10	11	15	15
	Bróicéir bia	0	0	1	1	1
	Reoiteoir agus árthaí monarchan	40	60	65	67	57
	Gléasraí próiseála	111	121	124	116	105
	Gléasra táirgí iascaigh úra	60	60	72	72	68
	Iompórtálaithe	53	58	64	62	56
	Fuarstórais	15	16	15	4	5
	Feirmeoirí Sliogiasc	17	33	35	30	30
	Gléasraí Íonúcháin	16	17	20	28	23
	Ionaid Seolta	12	14	15	14	15
	Gnólachtaí soghluaiste	9	0	7	0	0
	Iompróir	0	0	8	9	8
	Mórdhíoltóirí/dáileoirí	0	0	8	42	48

Gníomhaireacht oifigiúil	Cineál áitribh	2016	2017	2018	2019	2020
	Hallaí ceantála	0	0	1	1	1
	Níl sé sonraithe	0	0	0	0	1
	Iomlán	2539	2651	2543	2725	2702
Líon Iomlán na nÁitreabh Bia		49 404	49 873	49 268	49 501	50 044

Cigireachtaí bia

Oibríonn na gníomhaireachtaí oifigiúla uile cláir bunaithe ar riosca maidir le rialuithe oifigiúla agus déanann gach gníomhaireacht an riosca a aicmiú i gcomhaontú leis an Údarás. Déantar na gnólachtaí sin a gcuireann na gníomhaíochtaí a dhéanann siad an riosca féideartha is mó os comhair shláinte an duine a iniúchadh ar dtús. Tá cigireachtaí gan fógra i ngnólachtaí bia ina bpríomhghné sna rialuithe oifigiúla, mar aon le gníomhaíochtaí eile amhail, sampláil bhia, agus imscrúdú ar theagmhais agus ar ráigeanna. Tháinig laghdú ó 2015 go 2020 ar líon na gcigireachtaí a rinneadh (Tábla 3). Chomh maith le cigireachtaí pleanáilte, déantar líon mór cigireachtaí neamhpleanáilte a thagann chun cinn mar thoradh ar theagmhais bhia; imscrúduithe; fiosrú ar ghearáin ón bpobal; agus cuairteanna comhairleacha ar ghnólachtaí bia. In 2020, rinne Seirbhís Sláinte Comhshaoil de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 6,551 cigireacht eile ar ghnólachtaí bia.

Tábla 3 Líon na gCigireachtaí a rinne gníomhaireachtaí oifigiúla, 2015–2020

Gníomhaireacht oifigiúil	2015	2016	2017	2018	2019	2020
FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)	36 353	35 786	33 193	32 254	31 189	20 269
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Cigireacht)	15 011	11 985	11 569	10 826	12 214	7408
Údarás Áitiúla	5033	4870	4891	4582	4320	3790
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	2015	2228	2245	2122	2121	1911

Gníomhaireacht oifigiúil	2015	2016	2017	2018	2019	2020
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann	61	72	84	62	88	37
Líon iomlán na gcigireachtaí gnólachtaí bia	58 473	54 941	51 982	49 846	49 932	33 415

Baill foirne ag obair i rialú oifigiúil

Tuairiscíonn na gníomhaireachtaí oifigiúla gach bliain don Údarás maidir le hacmhainní foirne a thug siad i gcomhair rialuithe oifigiúla, faoi na conarthaí seirbhíse. In 2020, bhí 1,403 coibhéis lánaimseartha bainteach le rialuithe oifigiúla a dhéanamh i ngnólachtaí bia na hÉireann (Tábla 4). Tháinig méadú 132 ar na coibhéisí lánaimseartha in 2020 i gcomórtas le huimhir 2019. Leanann na cigirí bia lena saineolas a fhorbairt trí chúrsaí oiliúna. In 2020, thug na cigirí faoi 697 cúrsa, laghdú beag ar na blianta roimhe sin, ach bhí méadú suntasach ar ríomhfhoghlaim agus oiliúint ar líne de bharr phaindéim COVID-19.

Tábla 4 Coibhéis Lánaimseartha de réir na Gníomhaireachta Oifigiúla, 2016–2019

Gníomhaireacht oifigiúil	2016	2017	2018	2019	2020
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara					
Seirbhís Cigireachta	319	338	345	407	495
Seirbhís Saotharlainne	79	82	82	90	88
FSS					
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	336	339	339	377	425
Seirbhís Saotharlainne	104	130	124	125	132
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	70	73	79	79	87
Údarás Áitiúla	116	104	101	106	88
Foras na Mara	41	41	41	41	39
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann	1	1	1	1	1

Gníomhaireacht oifigiúil	2016	2017	2018	2019	2020
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	42	36	40	45	47
Líon Iomlán na gCigirí Coibhéise Lánaimeartha	1108	1144	1150	1271	1403

Sampláil Bhia

Áirítear sna conarthaí seirbhíse cláir arna ndéanamh ag na gníomhaireachtaí oifigiúla le haghaidh bia a shampláil agus a thástáil do chomhlíonadh gach gné sa reachtaíocht faoi bhia. Déanann líonra Saotharlanna Tagartha Oifigiúla agus Náisiúnta arna n-oibriú ag na gníomhaireachtaí oifigiúla anailís ar na samplaí a thógann na cigirí sábháilteachta bia. In 2020, rinneadh agus tástáladh 50,261 sampla, laghdú 11.4% ar an bhfigiúr ó 2019 (Tábla 5).

Tábla 5 Líon na samplaí a rinne na gníomhaireachtaí oifigiúla, 2016–2020

Gníomhaireacht samplála	2016	% den iomlán	2017	% den iomlán	2018	% den iomlán	2019	% den iomlán	2020	% den iomlán
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	31 456	56%	32 947	57%	35 983	56%	32 035	56%	28,100	56%
FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)	13 220	23%	11 699	20%	11 678	18%	11 217	20%	5844	12%
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	9004	16%	8353	14%	8386	13%	8463	15%	9726	19%
Údarás Áitiúla	2388	4%	3306	6%	3195	5%	2524	4%	2354	5%
Gníomhaireachtaí eile	520	1%	1335	2%	4597	7%	2516	4%	4237	8%
Iomlán	56 588		57 640		63 839		56 755		50,261	



Oifig an Phríomhoifigh Feidhmiúcháin

An Dr Pamela A Byrne

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as gnáthreachtáil laethúil an Údaráis chomh maith le ceannaireacht a léiriú i measc a comhpháirtithe i ngníomhaireachtaí sábháilteachta bia ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin. Tá sí tacaithe ag Foireann Ceannaireachta Sinsearaí, a dhéanann maoirseacht ar oibríochtaí thar lear laistigh de chúig réimse fheidhmiúla an Údaráis. Tá Oifig an POF freagrach freisin as idirchaidreamh a dhéanamh le Bord an Údaráis agus an fheidhm chumarsáide a chomhordú, chomh maith le bainistíocht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara; imeachtaí a eagrú; foilseacháin an Údaráis a dhearadh agus a fhoilsiú; agus obair an Údaráis a chur chun cinn sna meáin; agus ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Lónra Saineolaithe Cumarsáide an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia.

Tá foireann an Bheartais um Chothú do Shláinte Phoiblí freagrach as an rúnaíocht a sholáthar d'Fhochoiste Eolaíoch um Chothú na Sláinte Poiblí de chuid an Údaráis agus do ghrúpaí oibre náisiúnta i réimse an chothaithe. Déanann foireann an Bheartais um Chothú do Shláinte Phoiblí cathaoirleacht freisin ar Ghrúpa Oibre Leictreonach Codex Alimentarius chun caighdeán idirnáisiúnta um chothú le haghaidh naíonáin níos sine agus páistí níos óige. Tuairiscíonn foireann Brexit Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann d'Oifig an Phríomhoifigh Feidhmiúcháin; chuir an fhoireann seo roinnt tionscnaimh Brexit i bhfeidhm chun tacú leis na hullmhúcháin náisiúnta do Brexit.

Is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ionadaí na hÉireann ar Fhóram Comhairleach Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa agus ar ghrúpa na gCeann um Gníomhaireachtaí Bia na hEorpa. Is comhalta de chuid thoscaireacht na hÉireann ar Choimisiún Codex Alimentarius í; is comhalta de Choiste Comhairleach Taighde na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara í; agus is cathaoirleach de Bhord Comhairleach Institiúid Bia agus Sláinte UCD. Tá an POF ina Cathaoirleach chomh maith ar Bhord Chumann na bPríomhfheidhmeannach i nGníomhaireachtaí Stáit agus ina Cathaoirleach ar an Ionad Feidhmchlár Iarchéime i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Cumarsáid

Glacann an tÚdarás cur chuige ilghnéitheach i dtaobh a chumarsáide. Téann sé i mbun teagmhála go gníomhach lena pháirtithe leasmhara trí bhealaí éagsúla ar líne agus as líne. In 2020, de bharr phaindéim COVID-19, bhí bealaí ar líne níos tábhachtaí ná mar a bhí siad riamh.

Le bliain anuas, d'oibrigh foireann an Údaráis go cianda an t-am ar fad mórán, agus mar sin bhí orthu bheith nuálach ar bhealach éifeachtach chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chothú agus a fhás. Is iad físchomhdháil, ríomhphost agus teicneolaíochtaí gréasáin an gnáthnós maidir leis an mbealach a bhfeidhmíonn foireann an Údaráis ó lá go lá.

Ba chnámh droma iad Líne Chomhairle, suíomh gréasáin, tionscnaimh páirtithe leasmhara, eislíon, bogearraí cruinnithe, leathanaigh meán sóisialta, agus seimineáir ghréasáin an Údaráis maidir lenár dteachtaireachtaí sábháilteachta bia a sheachadadh in 2020. Bhí buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis an modh oibre nua. Mar shampla, chiallaigh sé go rabhamar in ann níos mó daoine a shroicheadh ná mar a bhí riamh cheana lenár n-imeachtaí ar líne, ach déanann sé cúrsaí níos dúshlánaí maidir le caidrimh dhlútha agus fhóna le páirtithe leasmhara a chothú. Mar thoradh air sin, chruthaigh an tÚdarás go leor tionscnaimh tharraingteacha agus idirghníomhacha chun aird a choinneáil ar gach a mbaineann le sábháilteacht bia.

In 2020, thug an tÚdarás freagra ar 174 fiosrú ó na meáin. Bhí líon na bhfiosruithe ó na meáin níos ísle ná in 2019 (228); bhain

an laghdú seo le paindéim COVID-19, a bhí mar an príomhscéal nuachta ó thús 2020 ar aghaidh. D'eisigh an tÚdarás 21 preasráiteas in 2020, arbh é an toradh díreach a bhí orthu 448 aschur i gcló, ar líne agus sna meáin chraolta. Tugadh cuireadh rialta d'fhoireann an Údaráis chun labhairt ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla ar feadh na bliana. Lean an fhoireann ar aghaidh lena n-obair ar thionscadal rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, ar bealach é chun feabhas a chur ar chomhoibriú, tuiscint níos fairsinge a chruthú i dtaobh ról an Údaráis, agus athrú a spreagadh agus a chruthú ar aon dul le forbairtí eolaíochta agus athruithe rialúcháin, agus ag tacú san am céanna leo siúd atá páirteach go díreach maidir le córas rialála bia láidir oifigiúil a sholáthar.

Le linn 2020, lean Líne Chomhairle an Údaráis ar aghaidh le comhairle agus faisnéis i dtaobh sábháilteacht agus sláinteachas bia a sholáthar do pháirtithe leasmhara.

I gcaitheamh na bliana, fuair an Líne Chomhairle 7,767 fiosrú, ina measc bhí cinn ó: earnáil na seirbhíse bia; déantóirí; miondíoltóirí; taighdeoirí; dáileoirí; agus comhairleoirí. Bhain cuid de na ceisteanna is coitianta le reachtaíocht ar riachtanais lipéadaithe bia; forbhianna, iarratais ar fhoilseachán de chuid an Údaráis, mar aon le hiarratais ar fhaisnéis faoi Brexit agus faisnéis faoi ghnólacht nuathionscanta bia. Spreagadh tomhaltóirí freisin chun dul i dteagmháil leis an Údarás faoi



ghearán ar bith a bhíonn acu i dtaobh sábháilteacht bia. Láimhseáil Líne Chomhairle an Údaráis breis is 2,772 gearán ó thomhaltóirí in 2020, agus bhain 34% de na gearáin le bia neamhoiriúnach agus 30% acu le droch-chaighdeán sláinteachais. Tríd is tríd, bhí laghdú in 2020 ar na 3,460 gearán a tuairiscíodh in 2019.

Sholáthair bealaí meán sóisialta an Údaráis meán tábhachtach ó thaobh cumarsáide de i bhfíor-am le páirtithe leasmhara le linn 2020. Lig sé don Údarás treoir luath a sholáthar do ghnólachtaí bia ar COVID-19, agus ar Brexit, chomh maith le hábhar



foghlama agus faisnéis faoi athoscailt gnólachta a sholáthar; ag ardú feasachta i dtaobh seimineáir ghréasáin; ag tarraingt príomhcheisteanna sábháilteachta bia anuas; ag spreagadh do thomhaltóirí gearáin a dhéanamh; agus i bhfad níos mó ná sin. Sholáthair na bealaí meán sóisialta saoráid fhíorthábhachtach freisin ina bhféadfadh páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an Údarás le fiosruithe trí ardáin a bhí oiriúnach dóibhsean. In 2020, shainathin an tÚdarás an tírdhreach athraitheach meán sóisialta agus chuir sé an cúigiú bealach, Instagram, lena sráith meán sóisialta. Ag deireadh 2020, bhí 53,721 páirtí leasmhar rannpháirteach ag an Údarás ar phobal ar líne idir a bhealaí Facebook, Twitter, LinkedIn, Instagram, agus YouTube.

Le linn 2020, reáchtáil an tÚdarás feachtais meán sóisialta ar thopaicí éagsúla, amhail acmhainní oiliúna sábháilteachta bia; tús a chur le gnólacht bia; COVID-19; acmhainní Brexit; agus lipéadú. Lena chois sin, lainseáil sé sraith a raibh roinnt baill foirne de chuid an Údaráis páirteach ann, a léirigh obair an Údaráis agus a thug léargas ar a luachanna.

Tá an tÚdarás ina shaineolaí mór ar shábháilteacht bia dá pháirtithe leasmhara, ag soláthar treoir thráthúil ar shábháilteacht bia, agus ag déanamh staidéar agus ag foilsiú tuarascálacha eolaíochta ar bhonn rialta. Le linn 2020, foilsíodh 21 foilseachán nua san iomlán, agus rinneadh nuashonrú ar 8 bhfoilseachán eile. Foilsíodh iad seo ar fad ar shuíomh gréasáin an Údaráis agus cuimsíonn siad freisin nótaí treorach don tionscal, tuarascálacha iniúchóireachta, tuarascálacha an Choiste Eolaíoch, suirbhéanna, agus ábhair eile chun tacú le fíis an Údaráis a bhaint amach maidir le ‘Bia Sábháilte agus Iontaofa do Chách’.

Chiallaigh cás 2020 go raibh imeachtaí go léir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ian ngréasáin fhíorúla. Ba chuar foghlama tairbheach é seo don Údarás. Mhéadaigh sé na huimhreacha freastail freisin trí bhealach arbh fhusa rochtain a fháil air a sholáthar do pháirtithe leasmhara chun teacht ar an gcomhairle agus ar an bhfaisnéis ábhartha. Bhí an t-athrú seo chuig imeachtaí ar líne tráthúil maidir le gnólachtaí bia a bhí i mbun trádála leis an Ríocht Aontaithe agus na hathruithe ar fad a tharla de bharr an Bhreimeachta. I gcaitheamh na bliana, reáchtáil an tÚdarás 8 seimineár gréasáin,

a mheall lucht féachana de 1,922 rannpháirtí beo agus a ghin 3,337 amharc i ndiaidh na n-imeachtaí.



Is foinse luachmhar faisnéise é suíomh gréasáin an Údaráis maidir le sábháilteacht bia dá pháirtithe leasmhara. Rinneadh athbhreithniú, cothabháil agus nuashonrú air go minic i gcaitheamh 2020. Leanann sé ar aghaidh le bearta a chur i gcrích chun feabhas a chur ar

a inrochtaineacht agus chun a leithéid a chumasú d'úsáideoirí gach gléis. Tháinig méadú 28% ar líon na n-amharc ar an suíomh gréasáin in 2020, rud a chiallaigh go raibh 3,325,057 amharc leathanaigh i gcaitheamh na bliana. In 2020, thug foireann an tsuímh ghréasáin cruthú suímh ghréasáin nua chun críche. I gcaitheamh na bliana, chuaigh siad i mbun taighde agus d'fhorbair siad an suíomh gréasáin nua atá le lainseáil in 2021.

Brexit

I ndiaidh don Ríocht Aontaithe imeacht ón AE ar 31 Eanáir 2020, d'oibrigh an tÚdarás, mar chuid de phleananna Brexit an Rialtais, chun tacú leis na hullmhúcháin náisiúnta do Brexit le linn na tréimhse idirlinne 11 mhí suas go dtí an 31 Nollaig 2020. Dhírigh an obair seo ar ghnólachtaí bia a ullmhú chun cloí leis na hathruithe rialála agus comhlíontachta a bhaineann le Brexit, agus obair leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus leis an Rialtas chun a chinntiú

go raibh córais, infreastruchtúr, soláthar foirne, agus acmhainn córais teicneolaíochta faisnéise (TF) réidh do Brexit. D'oibrigh an tÚdarás i gcomhar leis na gníomhaireachtaí oifigiúla trína ghrúpa trasghníomhaireachtaí chun comhordú agus comhpháirtíocht a threisiú agus a mhéadú idir na gníomhaireachtaí oifigiúla i gcomhthéacs éifeacht fhéideartha Brexit ar shábháilteacht bia agus sláinte phoiblí.

Ghlac an tÚdarás páirt freisin in ullmhúcháin agus i dteagmhais an Rialtais do Brexit trí Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte, Cinn an Ghrúpa Gníomhaireachta, agus Foireann Oibríochtaí Brexit. D'oibrigh an tÚdarás leis an Rialtas agus gníomhaireachtaí chun a chinntiú go mbeadh cur chuige idirghníomhaireachta bunaithe ar riosca i bhfeidhm chun ceisteanna sruthanna tráchta i gCalafort Bhaile Átha Cliath a bhainistiú.

Shainaithin an tÚdarás ceisteanna agus sholáthair sé comhairle ar shábháilteacht bia agus iontaofacht chomh maith le comhairle ar cheisteanna rialála bia a eascraíonn as an gComhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Prótacal na hÉireann/Thuaisceart Éireann



agus fógraí páirtithe leasmhara Brexit an Choimisiúin Eorpaigh, Samhail Oibriúcháin Teorann na Ríochta Aontaithe agus, ag deireadh 2020, an Comhaontú Trádála agus Comhoibríthe AE-RA nua. D'fhorbair an tÚdarás Ceisteanna & Freagraí Brexit mionsonraithe do thionscal chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna i dtaca le rialáil bia

ó 1 Eanáir 2021 mar aon le fógraí faisnéise chun tacú le comhlíontacht thionscal an bhia.

Le linn 2020, sholáthair an tÚdarás gach rannpháirtíocht Brexit le páirtithe leasmhara go dtí ar líne agus thionóil sé ceithre sheimineár gréasáin chun aird a tharraingt ar cheisteanna rialála nár mhór do ghnólachtaí bia bheith san airdeall orthu d'fhonn ullmhú do dheireadh na tréimhse idirlinne ar 30 Nollaig 2020. Chlúdaigh na seimineáir ghréasáin seo topaicí amhail bia de bhunús ainmhí nó nach de bhunús ainmhí a easpórtáil, riachtanais cáipéisíochta iompórtála, lipéadú bia, agus athruithe rialála do bhiana a thugtar isteach ón Ríocht Aontaithe (cé is moite de Thuaisceart Éireann). D'fhreastail breis is 1,000 ionadaí ar na seimineáir ghréasáin ó réimse leathan páirtithe leasmhara tionscail, agus tá taifeadáin na seimineár gréasáin ar fáil chun féachaint orthu ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.



Le linn 2020, réachtáil an tÚdarás, i gcomhar le Seirbhís Sláinte Comhshaoil an FSS agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, roinnt seimineár ghréasáin a bhain le Brexit do ghnólachtaí bia.

Lean an tÚdarás ar aghaidh lena rannpháirtíocht le gnólachtaí bia agus a ngrúpaí ionadaíochta chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le Brexit agus chun iad a phlé i gcaitheamh na bliana, áirítear leis seo láithreoireachtaí a thabhairt ag imeachtaí tionscail, agus fóraim páirtithe leasmhara tionscail bhia Brexit de chuid an Rialtais agus cruinnithe de chuid fhórait tionscail Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a reáchtáil. Bhí breis agus 9,200 amharc leathanaigh ar rannóg Brexit ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann in 2020. Lig seoladh ríomhphoist tiomnaithe an Údaráis i dtaobh na Brexit do thionscail an fhaisnéis is déanaí a bhí ar fáil a fháil. Le linn 2020, d'fhreagair an tÚdarás breis agus 560 fiosrú a bhain le Brexit, tháinig na fiosruithe seo ó eanáil na déantúsaíochta agus an mhiondíoltóra/an mhórdhíoltóra den chuid is mó.

Le linn 2020 freisin, d'fhorbair an tÚdarás, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí oifigiúla, dhá mhodúl ríomhfhoghlama ar na riachtanais maidir le bia a iompórtáil agus ábhair theagmhála bia ón Ríocht Aontaithe (cé is moite de Thuaisceart Éireann). Sholáthair an chéad cheann de na modúil saor in aisce seo treoir céim ar chéim do ghnólachtaí bia maidir le riachtanais iompórtála do gach bia agus do gach ábhar teagmhála bia a thagann ón Ríocht Aontaithe, mar aon leis an Ríocht Aontaithe a úsáid mar dhrichead talún. Dhírigh an dara modúl ar tháirgí comhchodacha a iompórtáil ón Ríocht Aontaithe, ar a n-áirítear conas a chinntear an bhfuil seiceálacha tréidliachta le déanamh ar an táirge ar iompórtáil.

Dhírigh feachtas meán sóisialta an Údaráis ó Mheitheamh 2020 ar aghaidh ar ghnólachtaí bia meánmhéide go mórmhéide, inar tugadh

tús áite do thopaicí tábhachtacha Brexit, chomh maith le treoir a thabhairt i dtaobh teachtaireachtaí ábhartha ó ghníomhaireachtaí eile agus ó Ranna Rialtais. Foilsíodh dhá eagrán déag de *Brexit Ezine* an Údaráis in 2020 agus dáileadh iad ar bheagnach 400 síntiúsóir ar ionadaithe iad ar réimse leathan páirtithe leasmhara tionscail. Sholáthair *Brexit Ezine* an Údaráis comhairle agus treoir do ghnólachtaí bia ar na rioscaí a bhaineann le Brexit, ag cuidiú leo ina n-ullmhúcháin do dheireadh na tréimhse idirlinne.

Mar ullmhú do dheireadh na tréimhse Brexit ar 31 Nollaig 2020,

d'oibrigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara na ngníomhaireachtaí oifigiúla chun a chinntiú go mbeidh teagmhais agus tacaíochtaí i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2021. Lena chois sin, d'fheidhmigh an tÚdarás Líne

Chomhairle agus seoladh ríomhphoist Brexit le linn shéasúr saoire na Nollag in 2020 chun tacú le fiosruithe gnólachta bia.

Nochtuithe Cosanta

Is duine ainmnithe é POF Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Le linn 2020, rinneadh seacht nochtadh chosanta don POF, cuireadh iad sin

ar fad ar aghaidh chuig an bhfoireann Iniúcháireachta agus Imscrúduithe chun iniúchadh agus imscrúdú a dhéanamh orthu. Cé go raibh tionchar ag srianta COVID-19 ar na sceidil ina ndearnadh fiosruithe, rinne an tÚdarás nó oifigigh údaraithe ó ghníomhaireacht oifigiúil fiosrú ar na líomhaintí éagóra a bhí ar fáil sna nochtuithe cosanta i ngach cás. I gcomhfhiosrú amháin a rinne oifigigh údaraithe ón Údarás agus gníomhaireacht oifigiúil, rinneadh gníomhaíochtaí suntasacha forfheidhmiúcháin i dtaca leis an ngnólacht bia a bhí i gceist.





Gnóthaí Corparáideacha

Kevin Roantree

Stiúrthóir, Gnóthaí Corparáideacha



Cinntíonn réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha, atá faoi stiúir ag an Uasal Kevin Roantree, caighdeán agus ailíniú oibríochtaí corparáideacha an Údaráis chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir, próisis agus córais tacaíochta i bhfeidhm chomh héifeachtach agus is féidir chun an leas agus an tairbhe is fearr a bhaint as straitéis Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá Gnóthaí Corparáideacha freagrach as acmhainní daonna, airgeadas, TF, bainistíocht faisnéise agus sonraí, forbairt eagrúcháin, Saoráil Faisnéise, rialachas corparáideach, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus bainistíocht saoraidí ginearálta na heagraíochta. Tá an réimse feidhmiúil seo lánach chun a chinntiú go mbainfidh an tÚdarás a chuspóirí gnó amach go himheánach agus go seachtrach, agus go mbaineann sé leas as cuir chuige nuálacha chun síorfheabhas a chur ar a sheirbhísí agus chun a chinntiú go mbainfear lánleas as acmhainní.

Mar thoradh ar fhoireann na nGnóthaí Corparáideacha freisin comhlíonann an tÚdarás ISO 9001:2015 dá chóras bainistíochta cáilíochta agus oibríonn sé le comhghleacaithe ar fud na heagraíocht chun pleanáil ghnó agus meicníocht tuairiscithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a fhorbairt agus a sheachadadh.

Le linn 2020, chinntigh Gnóthaí Corparáideacha comhlíonadh a *Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)*, agus rinne sé tuairisciú air, agus chomhaontaigh sé a Chomhaontú Maoirseachta/a Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta leis



an Roinn Sláinte. Lean sé ar aghaidh le clár fairsing a chur chun cinn chun cultúr an Údaráis a fhorbairt, bhain sé deimhniú chuig caighdeán ISO 9001:2015 amach, sholáthair sé raon leathan cláir oiliúna, agus bhain sé an leibhéal dearbhaithe ab airde amach maidir le héifeachtúlacht chórais rialuithe inmheánacha airgeadais an Údaráis, i ndiaidh athbhreithniú a chur i gcrích.

Imríonn réimse feidhmiúil Ghnóthaí Corparáideacha an Údaráis ról lárnach chun a chinntiú go bhfuil an acmhainn agus an inniúlacht, na córais, agus na próisis ag an Údarás chun seachadadh éifeachtach a sheirbhísí a éascú i gcás a pháirtithe leasmhara uile agus go mbaineann sé lánleas agus lántairbhe ag an straitéis a sheachadann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha freagrach as airgeadas, Acmhainní Daonna, forbairt eagrúcháin, bailiú agus anailís sonraí, faisnéis, TF, agus saoráidí a bhainistiú, chomh maith le comhlíonadh dhualgais an Údaráis a bhainistiú agus a chinntiú maidir le rialachas, soláthar, Saoráil Faisnéise agus cosaint sonraí. Ina theannta sin, déanann sé maoirseacht ar phleanáil ghnó agus meicníocht tuairiscithe an Údaráis.

I Márta 2020, nuair a d'éiligh treoracha Rialtais go n-oibreodh gach ball foirne ón mbaile (mar thoradh ar phaindéim COVID-19), ba é freagairt réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha go ndéanfaí cinnte de go dtacófaí leis an bhfoireann maidir le cúram a dhéanamh de leanúnachas a gcuid oibre. Rinneadh é seo trí thacaíocht teicneolaíochta a chinntiú chun go mbeifí in ann obair go cianda, agus tríd an gcaighdeán ab airde a sholáthar maidir le cumarsáid leis an bhfoireann agus tacaíocht don fhoireann. Ina dhiaidh sin, lean réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha ar aghaidh le haghaidh a thabhairt ar riachtanais teicneolaíochta fhoireann an Údaráis a athrú le linn 2020, agus chun a leithéid a sheachadadh.

Comhlíontacht eagrúcháin

Le linn 2020, chinntigh an tÚdarás comhlíonadh a *Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)*, agus rinne sé tuairisciú air, agus chomhaontaigh sé a Chomhaontú Maoirseachta/a Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte. Lena chois sin, sholáthair sé an fhaisnéis ba dhéanaí uair in aghaidh na ráithe don Roinn Sláinte ar dhul chun cinn i gcoinne an Chomhaontaithe Maoirseachta/an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta mar chuid den socrú comhaontaithe rialachais, agus rinne sé amhlaidh laistigh de phleanáil ghnó fheabhsaithe agus creat tuairiscithe, a tharraing aird shoiléir ar dhul chun cinn chomh maith le haon athrú ó obair phleanáilte agus na bearta atá á ndéanamh chun é a bhainistiú.

Cultúr eagrúcháin

In 2020, d'oibrigh Gnóthaí Corparáideacha le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta maidir le clár suntasach a chur chun feidhme a

d'fhéach le cultúr an Údaráis a fhorbairt, chun a chinntiú go bhfuil sé comhlíontach, ardfheidhmiúil agus bunaithe ar obair foirne dhearfach. Chuimsigh an clár oibre seo rannpháirtíocht leanúnach maidir leis na réimsí i gcomhair forbartha ar tugadh tús áite dóibh a bheachtú, ag neadú luachanna na heagraíochta i ngach rud a dhéanann sé, agus na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a d'fheabhsódh thimpeallacht oibre Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann tuilleadh.

Bainistíocht cháilíochta

Tá an tÚdarás tiomanta do chóras bainistíochta cáilíochta láidre a chur i bhfeidhm, atá bunaithe go bunúsach ar chustaiméirí agus a riachtanais a shainaitint, ag pleanáil conas na riachtanais sin a chomhlíonadh, nósanna imeachta a thairfeadh mar is cuí, ag leagan cuspóirí intomhaiste síos do gach réimse feidhmiúil agus do gach ball foirne, agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an méid a bhaintear amach.

In 2020, bhain an tÚdarás deimhniú chuig caighdeán ISO 9001:2015 amach.

Forbairt eagrúcháin

Dhírigh foireann Acmhainní Daonna laistigh de réimse feidhmiúil Ghnóthaí Corparáideacha ar na hinniúlachtaí, scileanna agus eolas riachtanach a chinntiú i measc na foirne chun riachtanais

eagrúcháin agus forbartha pearsanta a chomhlíonadh. Cuireann an tÚdarás béim láidir ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanúnach, agus spreagann sé an fhoireann chun leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí gairmiúla agus forbartha pearsanta. Le linn 2020, seachadadh raon leathan clár oiliúna chun tacú leis seo, lena chois sin, tugadh clár forbartha bainistíochta isteach, agus thacaigh an tÚdarás freisin le roinnt baill foirne trí chlár forbartha agus bhreisoideachais.

Airgeadas

Tá feidhm éifeachtúil airgeadais fós i bhfeidhm laistigh den Údarás, chun bainistíocht agus rialú iomchuí ar na hacmhainní a chinntiú, chomh maith le cinntiú go gcloítear le agus go gcomhlíontar caighdeáin chuntasaíochta ábhartha, agus go bhfuil córais agus rialuithe éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Le linn 2020, rinne na hiniúcháirí inmheánacha athbhreithniú ar na córais um rialuithe airgeadais inmheánacha, agus bhí an leibhéal dearbhairthe a fuarthas 'suntasach', an leibhéal is airde atá ar fáil. Déanann an tÚdarás cinnte freisin go gcuirtear bearta buiséadta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm maidir le tuarastal, rátaí taistil, soláthar agus coigiltis chaiteachais eile.





Beartas um Fhorfheidhmiú

An Dr Bernard Hegarty

Stiúrthóir, Beartas um Fhorfheidhmiú



Tá réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú, faoi stiúir an Dr Bernard Hegarty, freagrach as reachtaíocht bia a chur i bhfeidhm in Éirinn. Príomhghníomhaíocht is ea bainistiú na gconarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla an Údaráis, a chuireann na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcrích.

Rinneadh sásra na gconarthaí seirbhíse maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta um shábháilteacht bia a shainordú faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, arna leasú. Tá conarthaí seirbhíse i bhfeidhm leis an 31 gníomhaireacht oifigiúil. Tá formhór gníomhaíochtaí fhoireann an Bheartais um Fhorfheidhmiú dírithe ar thacú leis an gcuspóir straitéiseach maidir le reachtaíocht bia a chur i bhfeidhm le comhpháirtithe rialála Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Cuireann foireann an Bheartais um Fhorfheidhmiú comhairle freisin ar Ranna Rialtais i dtaca le reachtaíocht mholta agus oibríonn sé ceann d'fhóiraim chomhairleacha an Údaráis (An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach). Tá ceithre phríomhghníomhaireacht oifigiúla ann, agus tá struchtúr réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú le feiceáil sa tsamhail oibriúcháin seo. Eagraíonn an fhoireann an t-uillmhú agus an t-iarchúram freisin maidir leis na hiniúchtaí trasghníomhaireachtaí a dhéanann an Coimisiún Eorpach agus comhlachtaí eile.

In 2020, the Authority published 42 Enforcement Orders (including 31 Closure Orders, 9 Prohibition Orders and 2 Improvement Orders) served to food businesses for breaches of food safety legislation. This was a 67% decrease on the 125 orders served in 2019, reflecting the huge impact that the COVID-19 pandemic had on the food service sector.

Five prosecutions taken for breaches of food safety legislation were publicised: four by the HSE and one by a local authority. The full texts of the Enforcement Orders served on food businesses were published, to provide transparency to the official controls process and also to inform food businesses of practices to avoid.

The official controls on food continued to operate during 2020 despite the challenges imposed by the COVID-19 pandemic. The restrictions imposed during the pandemic had major impacts on the food industry, particularly the food service sector. The FSAI established an internal group to assess the food safety implications of changes such as the switching of operations from restaurants to takeaway modes of operation. COVID-19 outbreaks also affected some food businesses directly, particularly meat processors.

The COVID-19 pandemic and restrictions also affected the official control system. Inspections were hindered by the need to comply



with social distancing and it was not possible to carry out inspections in some food service businesses with vulnerable consumers/residents, such as nursing homes. Many HSE environmental health officers were diverted to contact-tracing work in support of the pandemic controls. A number of food microbiology laboratories took on the urgent work of testing samples for the COVID-19 virus, reducing their capacity for carrying out official food controls. Such measures had to be limited in duration in order to allow normal food controls to resume as soon as possible.

The European Commission introduced emergency measures in relation to COVID-19 and official controls, Implementing Regulation (EU) 2020/466, which allowed EU Member States some flexibility on how official controls are carried out, including the option of carrying out controls remotely. There was some limited use of this option during 2020 for certain documentation inspections, but most official controls were still conducted in person.

A survey of the official agencies was launched as part of the FSAI's efforts to gather as much information as possible on the impact that the COVID-19 pandemic had on the delivery of official controls, and some of the measures taken to minimise those impacts. The operation of the survey also prompted a number of discussions with the official agencies on how best to communicate information on this issue and how to provide ongoing support to these agencies.

Déantar na rialuithe oifigiúla faoi chonarthaí seirbhíse le 31 gníomhaireacht oifigiúla. Leathnaíodh na conarthaí seirbhíse leis an FSS, údaráis áitiúla, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann go dtí idirbheartaíocht ceada maidir le conarthaí nua go luath in 2021. Beidh riachtanais an Rialachán nua AE leasaithe ar rialuithe oifigiúla le sonrú sna conarthaí nua. Athraíodh bainistiú agus monatóireacht ar na conarthaí seirbhíse go dtí go gcuimseofaí an t-athrú go dtí obair chianda ag an Údarás, agus tionóladh gach cruinniú riachtanach go fóruil i gcaitheamh na bliana.

An reachtaíocht um rialuithe oifigiúla



Le linn 2020, lean an tÚdarás ar aghaidh lena ghníomhaíocht maidir le reachtaíocht leasaithe AE i leith rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625, a tháinig i bhfeidhm ar an 14 Nollaig 2019. Leagann an Rialachán seo rialacha síos maidir le feidhmíocht Bhallstáit an AE i dtaobh

rialuithe san earnáil agrairbhia, tá sé ann in ionad reachtaíocht reatha rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 854/2004.

Leanadh de chlár oibre chun Rialachán (AE) 2017/625 a chur chun feidhme le linn 2020, lena n-áirítear:

- Comhoibriú leis na gníomhaireachtaí oifigiúla ar choiste straitéiseach tras-ghníomhaireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chóras na rialuithe oifigiúla a fhorbairt.
- Ionchur i bhforbairt reachtaíochta treasaí (Achtanna AE a chur i bhfeidhm agus a tharmligean) i dtaca le Rialachán (AE) 2017/625 ag leibhéal AE
- Liosta cuimsithigh a ullmhú maidir le reachtaíocht um rialuithe oifigiúla, lena n-áirítear an reachtaíocht threasach mar acmhainn do na gníomhaireachtaí oifigiúla agus don Údarás
- Treoir agus oiliúint a sholáthar do na gníomhaireachtaí oifigiúla ar riachtanais an Rialachán ar fhorfheidhmíú na reachtaíochta náisiúnta
- Comhairle a sholáthar don Roinn Sláinte agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an reachtaíocht náisiúnta chun éifeacht a thabhairt do riachtanais an Rialachán.

Bainistíocht conartha seirbhíse

Le linn 2020, bhí caidreamh fairsing ag foireann an Bheartais Forfheidhmíocháin leis na gníomhaireachtaí oifigiúla go léir, ach go háirithe leis na húdaráis áitiúla. Soláthraíonn an tÚdarás maoiniú d'údaráis áitiúla maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh. Le linn 2020, ba lú an maoiniú a bhí ar fáil maidir le húdaráis áitiúla a mhaoiniú chun rialuithe oifigiúla a sheachadadh ná an méid a d'iarr na húdaráis áitiúla. Bhí ceangal ar an Údarás comhairle a chur ar údaráis áitiúla a raibh folúntais foirne acu nárbh fhéidir leis earcaíocht dá samhail a mhaoiniú.

Ba é maoiniú agus ceisteanna gaolmhara maidir le struchtúr agus seachadadh Sheirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil ábhar dianphlé idir an tÚdarás agus an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (a rinne ionadaíocht ar son údarais áitiúla) agus an Roinn Sláinte. Faomhadh roinnt síntí gearrthéarmacha maidir le conarthaí seirbhíse údarás áitiúil sular thángthas ar chomhaontú ar mhaoiniú in 2021, a cheadóidh tuilleadh rannpháirtíochta idir an tÚdarás agus an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach ar sheachadadh agus maoiniú na seirbhíse go fadtéarmach. San áireamh sa chomhaontú bhí cuimsiú príomhthosaíochtaí rialachán na rialuithe oifigiúla.

In ainneoin na ndeacrachtaí maoinithe, lean údarais áitiúla de sheirbhísí rialuithe oifigiúla a sholáthar i ngach contae i gcaitheamh na bliana, seirbheáladh 27 fógra forfheidhmiúcháin le linn 2020 ar áitribh faoi mhaoirseacht údarás áitiúil; i roinnt cásanna, sheirbheáil an tÚdarás na fógraí forfheidhmiúcháin sin, agus iad ag obair le cigirí tréidliachta na n-údarás áitiúil. Sholáthair an tÚdarás treoir freisin ar cheisteanna forfheidhmiúcháin ag éirí as Rialachán AE (Sláinteachas Bia agus Bia Ainmhithe) nua 2020 (I.R. Uimh. 22 de 2020), a thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara isteach chun éifeacht a thabhairt do reachtaíocht an AE ar rialuithe oifigiúla. Lena chois sin, reáchtáil an tÚdarás sraith iniúchtaí airgeadais maidir leis na héilimh a chuir údarais áitiúla isteach ar mhaoiniú; rinne cuideachta sheachtrach iniúchta na hiniúchtaí sin in 2020, táthar ag súil go gcuirfear deireadh leis an gcéad sraith in 2021.

In 2020, d'oibrigh an tÚdarás leis na gníomhaireachtaí áitiúla chun ullmhú do dheireadh an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar Brexit. Beidh stádas na Ríochta Aontaithe (cé is moite de Thuaisceart Éireann) mar thríú tír d'iompórtálacha bia le sonrú sa chóras rialuithe oifigiúla.

Bhí plé ann i gcaitheamh na bliana idir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an FSS ar aistriú an údaráithe lipéadaithe maidir le táscairí tíreolaíochta deochanna biotáille ón FSS chuig Rannán Thionscal an Bhia agus Forbartha um Fuisce Éireannach agus Poitín Éireannach de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. (Údaraíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara lipéid cheana féin do licéar uachtair Éireannach.) Chomh luath agus a shíntear an comhaontú, cuirfidh an tÚdarás críoch le prótacal ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta idir an tÚdarás, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an FSS, agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Thug an Roinn Sláinte reachtaíocht mhór nua (I.R. Uimh. 79 de 2020) a thug éifeacht do reachtaíocht leasaithe an AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625. Tugann an ionstraim reachtúil (I.R.) cumhachtaí dlí nua nach raibh ar fáil sa reachtaíocht roimhe seo, is é sin íocaíocht sheasta agus fógraí comhlíontachta. Sholáthair an tÚdarás tráchtanna mionsonraithe don Roinn Sláinte i dtaca leis na cumhachtaí nua sin. Chuir an tÚdarás agus an FSS clár oibre suntasach i gcrích chun treoir a fhorbairt i dtaca le húsáid na gcumhachtaí nua seo. Lena n-áirítear treoir a eisiúint ar sholáthar thuairim an dara saineolaí ar shampláil oifigiúil agus tástáil bia. Tugann an I.R. freagrachtaí nua don Údarás, ar a n-áirítear maoirseacht ar shaotharlanna oifigiúla atá ainmnithe ag

an Roinn Sláinte, agus an riachtanas le go bhfoilseodh an tÚdarás agus an FSS treoirleáir chun tacú le gnéithe éagsúla den Rialachán a fhorfheidhmiú.

I Márta 2020, tionóladh cruinniú tras-ghníomhaireachta chun éiginnteacht tomhais a phlé i dtaca le saotharlanna micribhitheolaíochta bia. Ghlac Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú páirt sa phlé agus sholáthair sé léargas ar a chur chuige i dtaobh na ceiste teicniúla seo.

Níor mhór roinnt suirbhéanna micribhitheolaíochta agus ceimiceacha beartaithe, e.g. radaighníomhaíocht in uisce buidéal, a chur siar go dtí 2021 mar gheall ar cheisteanna acmhainní agus sonraíthe saotharlainne a tháinig chun cinn i gcaitheamh na bliana.

Leanann an tÚdarás de threoir a sholáthar ar shocruithe maoirseachta le haghaidh gnólachtaí bia le gníomhaíochtaí bia casta ina bhféadfadh níos mó ná gníomhaireacht oifigiúil amháin a bheith ag déanamh rialuithe oifigiúla. Chomhaontaigh cruinniú grúpa tras-ghníomhaireachta athruithe ar an treoir reatha. Chomhaontaigh an grúpa seo ar athbhreithniú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na bpróiseas maidir le faomhadh a fháil ó ghníomhaireacht oifigiúil nuair a phróiseáiltear bianna de bhunús ainmí – ceanglas reachtaíochta le haghaidh gnólachtaí bia áirithe.

Ghlac an tÚdarás páirt in 2020 in Athbhreithniú Aicmithe na Limistéar Táirgthe Moileasc Débhlaoscach ón Údarás um Chosaint lascaigh Mhara. Is éard a bhí i gceist leis seo scrúdú iomlán ar na sonraí ábhartha go léir chun a chinntiú go bhfuil stádas aicmithe ag baint le gach limistéar táirgthe atá i gcomhréir leis na sonraí a foilsíodh lena aghaidh agus an reachtaíocht a bhaineann leis an earnáil sin. Tharla

athruithe de bharr an athbhreithnithe maidir le haicmiú ocht limistéar táirgthe. Scrúdaigh sé na hionaid agus na teorainneacha a bhaineann le gach láithreán agus speiceas táirgthe moileasc débhlascach beo in Éirinn. Leagadh na bunchlocha don iarracht seo go luath in 2016 agus cuireadh críoch leis i Meitheamh 2017. Rinneadh athbhreithniú ar gach ionad samplála do gach speiceas aicmithe, agus measadh go raibh siad ionadaíoch maidir leis na limistéir éagsúla táirgthe.

D'aimsigh sampláil sliogéisc a rinneadh faoi mhaoirseacht an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara, le scrúdú agus anailís a rinne Foras na Mara, sacsatochsain

(an tocsain lena mbaineann nimhiú sliogéisc pairilisigh) i limistéar táirgthe in iardheisceart na hÉireann. Sa chás seo, aimsíodh sacsatochsain i limistéar nach raibh aon deacrachtaí den saghas sin ag



baint leis roimhe seo, in am chun comhairle a chur ar tháirgeoirí sliogéisc agus ar an bpobal maidir leis na rioscaí a bhí i gceist. Dúnadh an limistéar sin ina dhiaidh sin maidir le marú tráchtála nuair a sháraigh na torthaí sacsatochsaine taifeadta na leibhéil a bhí leagtha síos i reachtaíocht. Thug anailís ar na samplaí a fuarthas ón limistéar go raibh an tocsain ar a leibhéal ab airde agus é breis agus trí oiread níos mó ná an t-uasmhéid rialála.

Mar aon leis an limistéar atá i gceist a dhúnadh agus gur cuireadh an deacracht in iúl don phobal agus do na gnólachtaí bia, reáchtáil an tÚdarás imeacht faisnéise ar líne le Foras na Mara. 'D'fhreastail breis agus 60 rannpháirtí ar an imeacht fíorúil seo, thuairiscigh go

leor acu go dearfach ar an deis chun faisnéis cothrom le dáta a fháil agus ceisteanna a chur ar na gníomhaireachtaí Stáit a bhí páirteach sa chás a bhainistiú.

D'ainneoin phaindéim COVID-19, bhí gnáthsheirbhís anailíse i bhfeidhm ag an tSaotharlann Stáit i dtaca le samplaí rialuithe oifigiúla a fuarthas. Tá sé i gceist ag an tSaotharlann Stáit an tseirbhís seo a chaomhnú chomh cóngarach do lánacmhainneacht agus is féidir. Ritheadh pleananna leanúnachais ghnó chun obair chianda agus scaradh sóisialta a chumasú laistigh den ionad oibre.

Tá an tÚdarás ina chathaoirleach ar chruinnithe leis an gCoiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, fóram páirtithe leasmhara do thionscal an tsliogéisc. D'athraigh na cruinnithe seo chuig ardán



ar líne i gcaitheamh na bliana agus ba dhíol suntais é go raibh an freastal níos airde ná mar a taifeadh ag cruinnithe fisiciúla den fhóram roimhe seo, le níos mó ionadaithe ó ghrúpaí páirtithe leasmhara éagsúla rannpháirteach. Fuair rannpháirtithe ón gcruinniú an t-eolas is

déanaí ón Údarás, ón Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, agus ó Fhoras na Mara ar ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí seo. I measc na dtopaicí a clúdaíodh le linn chruinnithe 2020 bhí: an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí éagsúla a bhí rannpháirteach, agus conas a rinneadh an tionchar seo a bhainistiú agus a mhaolú; an t-athbhreithniú ar na haicmithe uisce sliogéisc; cuíchóiriú na láithreán fiteaplanctóin; agus moltaí

reachtaíocht an AE a bhaineann le noraivíreas. San áireamh sna cruinnithe freisin bhí na nuashonruithe ar thocsaineacht agus ar fheidhmíocht na gclár bainistíochta.

Obair chomhairleach

D'ullmhaigh an tÚdarás comhairle don Roinn Sláinte ar fhorbairtí suas go dtí an 31 Nollaig 2019 i reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an AE. Comhaontaíodh an nuashonrú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i taca le reachtaíocht i réimse na comhlíontachta. Chumasaigh an chomhairle sin ullmhú na Roinne Sláinte ordú nua (I.R. Uimh. 173 de 2020) faoi Alt 5 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 chun nuashonrú a dhéanamh ar liosta na ndlíthe bia laistigh de shainchúram Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus na conarthaí seirbhíse. S chuid dheireanach den bhliain, d'oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar nuashonrú maidir leis an gcomhairle, roimh ullmhú na reachtaíochta nua chun tacú leis an Roinn Sláinte chun ordú nua Alt 5 a chruthú go luath in 2021.

Chomh maith leis an gcomhairle ar reachtaíocht na rialuithe oifigiúla, réachtáil an tÚdarás comhairliúchán poiblí don Roinn Sláinte ar shuíomh gréasáin an Údaráis, d'fhonn tuairimí páirtithe leasmhara a lorg ar a fhairsinge agus atá soláthar miondíol le miondíol bianna de bhunús ainmhithe ar cheart iad a cheadú faoi dhíolúine 'mhion, logánta agus theoranta' ó dhlíthe sláinteachais áirithe an AE. Cuirfear na torthaí isteach in athbhreithniú ón Roinn Sláinte ar reachtaíocht náisiúnta reatha chun éifeacht a thabhairt do dhíolúine le haghaidh búistéirí, lónadóirí miondíola, agus ceannaithe éisc.



Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála

Raymond Ellard

Stiúrthóir, Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála



Stiúrann an tUasal Raymond Ellard an Grúpa um Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála (RMRA), ina gcuimsítear ceithre fhoireann – Sláinte an Chomhshaoil, Teagmhais Bhia, Oiliúint agus Comhlíonadh agus Sláinte Phoiblí Tréidliachta agus Talmhaíocht.

Oibríonn na foirne go dlúth leis na baill foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla chun treoir a thabhairt maidir le dlíthe faoi bhia a chur i bhfeidhm, ag tacú le cur chun feidhme trí oiliúint, agus idirchaidreamh díreach leis an earnáil bia trí chruinnithe rialta fhórait an Údaráis a bhaineann go sonrach leis an earnáil chomh maith le grúpaí ionadaíocha trádála an tionscail.

Díríodh an lán den iarracht ar athruithe ar rialuithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin mar thoradh ar Brexit.

Teagmhais bhia – an pobal a chur ar an airdeall

Gné fhíorthábhachtach den idirghabháil le tionscal an bhia agus na gníomhaireachtaí oifigiúla is ea déileáil le teagmhais bhia, is é sin nuair atá bia truaillithe, nó nuair atáthar in amhras faoi, agus nuair atá sé ina bhgairt do thomhaltóirí sa bhaile nó thar lear. I gcásanna den saghas sin, tá gá le freagairt mhear bainistíochta riosca chun a chinneadh ar cheart bia a aistarraingt nó a bhaint den mhargadh agus ar cheart é sin a chur in iúl don phobal. In 2020, ar an meán, eisíodh trí fholáireamh sheachtainiúla i dtaca le bianna ar bagairt iad don phobal. Eisíodh iad seo i bhfoirm foláirimh bhia agus foláirimh ailléirgine bia.



Mar chuid den obair seo, is é grúpa Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála an pointe teagmhála náisiúnta don Chóras MearRabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe de chuid an AE, ar líonra é chun faisnéis a mhalartú idir baill an ghréasáin – Ballstáit AE, an Coimisiún Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia – faoi ghuaiseacha i mbia, i mbia ainmhithe, agus in ábhair theagmhála bia. Tá an grúpa seo mar an pointe teagmhála don Líonra um Údarás Sábháilteachta Bia Idirnáisiúnta, líonra domhanda údarás sábháilteachta bua náisiúnta a bhfuil a rúnaíocht á hóstáil ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. In 2020, dhéileáil an Córas MearRabhaidh um Bia don Duine

agus d'Ainmhithe le 3,862 fógra. Orthu sin, thug Éire (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann) fógra do 58. Bhain tuairim is 27 fógra le bia a tháinig ó Éirinn i dtosach agus bhain 216 fógra le bianna a dáileadh in Éirinn.

In 2020, bhí sreabhadh rialta agus méadaithe maidir le teagmhais bhia ina raibh gá le hacmhainn freagartha ar bhonn 24/7. In 2020, dhéileáil foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála le 661 teagmhas bia, i gcomparáid le 679 teagmhas in 2019. Ar na 661 teagmhas bia, ba theagmhais iomlána iad 364 acu (i gcomparáid le 298 in 2019). Mar sin féin, tá líon na dteagmhais bia níos airde in 2019 agus 2020 ná na blianta eile go léir ó 2006, nuair a bhí 206 teagmhas bia ann.

Eisíodh 167 fógra poiblí san iomlán faoi bhia a aistarraingt nó a bhaint den mhargadh i bhfoirm Foláirimh Bhia (112) agus foláirimh ailléirgine bia (55). Is ionann seo agus méadú 56% ar 2019.



In 2020, eisíodh 112 fógra bia, inar cuireadh comhairle ar an bpobal agus ar earnáil an bhia maidir leis an ngá le bia a aistarraingt (ón mbiashlabhra) nó bia a bhaint den mhargadh (ó thomhaltóirí). Is iad na príomhchúiseanna leis na foláirimh

seo bagairt dhíreach nó indíreach ar thomhaltóirí mar gheall ar ábhar coimhthíoch, ar mhiocróib phataigineacha amhail Salmonella nó Listéire, nó ar shriantaí ceimiceacha amhail arsanaic bheith ar fáil iontu.

Tá ailléirge bhia ag gabháil do thriúr as gach 100 duine in Éirinn. Tá sé tábhachtach mar sin go gcuirfear aon táirge a bhfuil ailléirgin neamhfhógartha ann ar a súile dóibh. Tá 14 chatagóir ailléirgine ann nach mór a fhógairt ar an lipéad de réir an dlí. In 2020, sholáthair an tÚdarás 55 foláireamh ailléirgine. Cuirtear na foláirimh seo in iúl do shíntiúsóirí chóras foláirimh an Údaráis trí theachtaireachtaí téacs.

Cé is moite de na foláirimh phoiblí, príomhfheidhm chomhordúcháin i gcás fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála is ea na teagmhais a bhaineann le bia a bhainistiú leis an bhfoireann sna seirbhísí iniúchóireachta agus saotharlainne, sna gníomhaireachtaí oifigiúla, agus leis na gnólachtaí bia atá páirteach.

Forbhianna

Bainistíonn foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála córas fógra forbhianna an Údaráis, trína bhfógraítear breis agus 3,000 forbhianna gach bliain. Tá ceangal de réir an dlí orthu siúd a chuireann forbhia ar an margadh cóip den lipéad forbhia a sholáthar don Údarás. In 2020, tugadh faoi thionscadal chun cur go suntasach leis an tsaoráid, nuair a osclaíodh é do sheirbhísí breise oifigiúla agus cuireadh feabhas ar eispéireas an úsáideora maidir le gnólachtaí bia, seirbhísí sláinte timpeallachta fhoireann an FSS agus an Údaráis. Ligeann an córas fógra don Údarás monatóireacht

a dhéanamh ar mhargadh na bhforbhianna agus seiceálacha a dhéanamh ar chomhdhéanamh an fhorlíonta, lipéadú, mar aon le cothú agus éilimh sláinte. In 2020, cuireadh 3,243 fógra ar aghaidh. Bhí sé mar thoradh ar na seiceálacha agus an obair shuirbhé a rinneadh i gcomhar leis an FSS gur tarraingíodh táirgí siar agus rinneadh athruithe lipéadaithe agus margafochta. Bhí béim faoi leith ar tháirgí ola cannaibidé-óil, a bhfuil níos mór tóra orthu bliana i ndiaidh bliana.



Oiliúint agus Comhlíontacht

Cinntíonn an Fhoireann Oiliúna um Chomhlíonadh de chuid fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála go bhforbraítear na huirlisí cearta agus go bhfuil siad ar fáil chun go mbeidh tuiscint ag cigirí na sábháilteachta bia ar an dlí, agus ar chomhlíontacht an tionscal maidir leis an dlí. Mar thoradh ar thionchar phaindéim COVID-19 níor mhór imeachtaí ar líne, seimineáir ghréasáin san áireamh, a chur ar fáil in áit oiliúint duine le duine. Chuir an fhoireann modúil iomadúla ar líne ar fáil ar ghnéithe éagsúla de dhlí an bhia agus eolaíocht an bhia, mar aon le láithreoireachtaí a scaipeadh ó imeachtaí oiliúna an Choimisiúin Eorpaigh. Le linn 2020, bhí méadú suntasach ar úsáid an ábhair ar líne i measc cigirí.

D'fhorbair an tÚdarás clár oiliúna 'Prionsabail ar Rialú Calaoise Bia atá á rialú ag Faisnéis' le haghaidh cigirí ó na gníomhaireachtaí oifigiúla. Sholáthair an seisiún oiliúna na huirlisí agus an t-eolas

don lucht freastail chun cur chuige atá á threorú ag faisnéis chun dul i ngleic le cleachtais chalaioiseacha agus mealltacha i slabhra an agraibhia. Ba é aidhm an tseisiúin oiliúna struchtúr a sholáthar do chigirí maidir le faisnéis a thaifeadh, a mheasúnú, a roinnt agus a úsáid i dtimpeallacht tras-ghníomhaireachta. Fuair 55 oifigeach 9 n-uaire oiliúna ar líne ó réimse feidhmiúil Oiliúna agus Comhlíontachta, agus Iniúcháireachta agus Imscrúduithe an Údaráis. Leanfaidh Córas Bainistíochta Faisnéise breise úsáideora deiridh ó na díoltóirí rathúla bogearraí mar chuid den seachadadh conartha.

Leanann foireann oiliúna an Údaráis ar aghaidh le dul i mbun teagmhála le tionscal an bhia agus, le linn 2020, díoladh 700 eagrán dá leabhair oibre *Food Safety and You (Sábháilteacht Bia agus Tusa)*. Dearadh an leabhar oibre/cúrsa chun go seachadfadh maoirseoirí/bainisteoirí/oiliúnóirí é d'fhoireann laistigh dá dtimpeallacht gnólachta bia féin.

Ó 2019 i leith, tá an tÚdarás ag obair ar thionscadal forbartha maidir le comhlíonadh éileamh sláinte agus cothaithe. Tá sé d'aidhm aige réiteach a chruthú chun cuidiú le táirgeoirí bia agus deochanna na hÉireann maidir le comhlíontacht rathúil a bhaint amach le reachtaíocht éileamh sláinte agus cothaithe.

Forbraíodh ceardlann oiliúna do chigirí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a dhéanann maoirseacht ar ghnólachtaí táirgí déiríochta leis an Rannán um Rialú Déiríochta agus Deimhniú de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus tá sé i gceist go seachadfar é go luath in 2021. Tá sé i gceist go gcuimseoidh an oiliúint lipéadaithe Faisnéis Bia do Thomhaltóirí, Éilimh Chothaithe agus

Shláinte agus réimsí casta a roghnú chun cuidiú le comhsheasmhacht an fhorfheidhmiúcháin mar chuid de rialuithe oifigiúla.

Le linn 2020, lean foireann oiliúna Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála lena chomhbhainistíocht ar rannpháirteachas na hÉireann i gclár an Choimisiúin Eorpaigh um Oiliúint Níos Fearr i gcomhair Bia Níos Sábháilte.

Lean an fhoireann oiliúna ar aghaidh le cumarsáid a dhéanamh le Líonra na nOiliúnóirí, trí úsáid a bhaint as Monatóireacht Feachtais, arb é a aidhm faisnéis ábhartha a sholáthar d'oiliúnóirí maidir lena ról mar oideoirí gnó. Cuirtear ar an eolas iad maidir le hacmhainní agus imeachtaí nua, amhail sraith seimineár gréasáin Blúirín am Bricfeasta', agus spreagtar iad ní hamháin leis na hacmhainní sin a úsáid iad féin ach leis an bhfaisnéis a chur in iúl dá gcliaint.

Comhairliúchán agus rannpháirtíocht

idirghníomhaíonn réimse feidhmiúil fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála leo sin atá 'rialaithe', is é sin go díreach le gnólachtaí aonair nó trína n-eagraíochtaí trádála. Tá an fhoireann freagrach chomh maith as bainistíocht agus comhordú a dhéanamh ar Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia an Údaráis, Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia, an Fóram Miondíola. agus an Fóram Seirbhíse Bia. Ar an mbealach sin, déanann an fhoireann Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála cúram de theagmháil agus rannpháirtíocht le príomhpháirtithe



leasmhara laistigh d'éiceachóras na sábháilteachta bia. D'athraigh an rannpháirtíocht seo chuig cruinnithe ar líne le linn 2020. Lean an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia leis na cruinnithe le linn 2020, agus bhog siad chuig ardán ar líne freisin. Agus í faoi chathaoirleacht an Uas. Ray Bowe, dhéileáil sé le réimse leathan topaicí agus tá sé i gceist aici cruinniú oscailte na Comhairle Comhairlí a reáchtáil in 2021.

Tagann na grúpaí seo le chéile go rialta agus cuireann siad ar chumas an Údaráis éisteacht le tuairimí ó earnálacha tábhachtacha de thionscal bia na hÉireann, mar aon le deis phraiticiúil a sholáthar don Údarás maidir le rannpháirteachas ar cheisteanna sábháilteachta bia agus rialála bia. D'oibrigh foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála go déthaobhach leis na grúpaí sin agus le Fáilte Éireann chun treoir a fhorbairt maidir le hathoscailt, agus feidhmiú go sábháilte le linn phaindéim COVID-19. Ghlac foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála páirt freisin i gcoistí an FSS maidir le ráigeanna COVID-19 i monarchana feola agus in earnáil na próiseála bia, agus d'fhorbair sé treoir phraiticiúil arís do na hearnálacha seo.

Ceisteanna rialála

Feidhmíonn réimse feidhmiúil fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála mar stór faisnéise agus tacaíochta ar ghnéithe áirithe de dhlí an bhia. In 2020, bhí siad i mbun 31 comhlíontacht rialála a fhiosrú agus a athsheiceáil.

Fuarthas gearáin faoi lipéadú uisce. Rinneadh socruithe ní b'fhéarr leis na gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le rialú ar lipéadú

deochanna biotáille, earnáil den mhargadh a bhfuil fás as cuimse tagtha air in Éirinn. Cuireadh tacaíocht ar fáil d'earnálacha tionscail ar ghnéithe éagsúla de dhlí na faisnéise bia. Tionóladh cruinnithe le hionadaithe ó earnáil an tionscail, go háirithe ó earnáil na ndeochanna agus ó earnáil na déiríochta. Tionóladh cruinnithe rialta le Bia Deoch Éireann, agus le Fiontraíocht Éireann, ar cheisteanna rialála a bhaineann le Brexit. Seachadadh roinnt láithreoireachtaí do thionscal an bhia agus na seirbhíse ar lipéadú; san áireamh leis seo bhí láithreoireachtaí a reáchtáil Teagasc ar Fhorbairt Táirge Nua, agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann ar Shábháilteacht Bia agus Athoscailt Gnólachtaí. Rinne ball d'fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála cur i láthair ar shraith fhíorúil 'Blúirín am Bricfeasta' an Údaráis. Lena chois sin, sheachaid foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála seimineár speisialta le haghaidh Bhord Bia ar cheisteanna lipéadaithe agus éilimh shláinte agus chothaithe.

Tá foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála ina cathaoirleach ar ghrúpa comhsheasmhachta comhlíontachta agus coiste reachtaíochta leis an FSS chun cineálacha cur chuige a chomhoiriúnú maidir le dlí faoi bhia a chur i bhfeidhm. In 2020, sa tsúil le Brexit, rinneadh obair shuntasach le grúpa trasghníomhaireachta ar rialuithe iompórtála, lena n-áirítear forbairt treorach.

Cé gur fhorbhianna ba mhó a bhí gceist roimhe seo leis an margadh ar líne, tá gach cineál bia ar fáil anois le díol ann, ar a n-áirítear feoil agus iasc úr. Leathnaigh reachtaíocht leasaithe an AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625 an riachtanas le haghaidh rialuithe

oifigiúla le go ndéileálfadís le díolacháin ar líne. Dhréachtaigh réimse feidhmiúil fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála cáipéisí ar fhorfheidhmiúchán ríomhthráchtála do na gníomhaireachtaí oifigiúla agus tá sé ag súil le go bhfoilseofar é seo in 2021. Gné shuntasach d'ullmhúchán do Brexit is ea rialuithe ar iompórtálacha. Chuir foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála béim mhór ar an obair seo le linn 2020.

Feidhmíonn réimse feidhmiúil fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála mar phointe teagmhála don Roinn Sláinte ar reachtaíocht bia, soláthraíonn sé aiseolas ar dhréachtionstraimí reachtúla agus treoir do na gníomhaireachtaí oifigiúla.

Le linn 2020, ghlac baill d'fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála páirt i ngrúpaí oibre an AE ar dhlí ginearálta faoi bhia, ríomhthráchtáil, faisnéis bia agus lipéadú, rialuithe oifigiúla, agus rialuithe iompórtála.

Sláinte Phoiblí Tréidliachta agus Talmhaíocht

Cuireann foireann saineolaithe ar Shláinte Phoiblí Tréidliachta de chuid fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála tacaíocht shainiúil ar fáil do chomhghleacaithe gníomhaireachtaí oifigiúla trí fhiosruithe teicniúla agus dlíthiúla a freagairt; oiliúint a sholáthar; páirt a ghlacadh i gcruinnithe bainistíochta agus idirghabhála; agus cuairt a thabhairt ar an láthair. Sholáthair an fhoireann tacaíocht theicniúil ar cheisteanna iomadúla, amhail fotháirgí ainmhithe, rialuithe iarmhair, agus lotnaidicídí, chomh maith le tacaíocht

rúnaíochta teicniúla a sholáthar d'Fhochoiste Ad-hoc na Comhairle Eolaíche ar Mycobacterium avium fospeiceas paratuberculosis agus Galar Crohn. Cinntíonn foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála freisin go nglacann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann páirt i dtionscnaimh pháirtithe leasmhara an tionscail, amhail scéimeanna dearbhaithe cáilíochta Bhord Bia, Scéim Printíseachta Bhúistéara Ceirde Náisiúnta de chuid Chumann Búistéirí Ceirde na hÉireann, agus anailís ghuaise agus pointe rialúcháin criticiúil Chumann Ghrán agus Bhia Ainmhithe na hÉireann.



Iniúcháireacht agus Imscrúduithe

Peter Whelan

Stiúrthóir, Iniúcháireacht agus Imscrúduithe



Tá an tUasal Peter Whelan i gceannas ar réimse feidhmiúil na hIniúcháireachta agus na nImscrúduithe atá freagrach as iniúchtaí a dhéanamh agus nochtuithe cosanta agus calaois bhia a imscrúdú. Déanann an fhoireann san Iniúcháireacht agus Imscrúduithe iniúchtaí ar an gcóras rialuithe oifigiúla bia, chomh maith le hiniúchtaí spriocdhírthe ar ghnólachtaí bia lena chinntiú go bhfuil sainordú dlíthiúil an Údaráis á chomhlíonadh.

Soláthraíonn an fhoireann tacaíocht chomh maith ar iniúchtaí tríú tíortha agus F-Santé in Éirinn. Tá an clár bliantúil iniúcháireachta bunaithe ar riosca deartha chun cumhdach dóthanach réimsí ábhartha uile na gníomhaíochta agus na ngníomhaireachtaí oifigiúla a chinntiú thar thréimhse nach faide ná 5 bliana. Déantar tuarascálacha maidir le hiniúchtaí agus a bpleananna gníomhaíochta ceartaithí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Déanann an fhoireann imscrúduithe speisialta chomh maith i gcomhar le gníomhaireachtaí oifigiúla agus le gníomhaireachtaí Stáit sa chás gur maíodh sárúithe tromchúiseacha ar an dlí faoi bhia nó gur braitheadh calaois bhia. Tá na himscrúduithe sin deartha chun cineál agus méid na neamh-chomhlíontachta maidir leis an dlí faoi bhia agus/nó calaois bhia ghaolmhar a dhearbhu.

D'fhéadfadh gníomhartha forfheidhmiúcháin agus imeachtaí coiriúla i gcoinne ciontóirí a bheith mar thoradh ar na torthaí ar na himscrúduithe sin. Déanann foireann na hIniúcháireachta agus na nImscrúduithe iniúchadh ar fhógraí chuig an PFO, atá ina d(h)uine ainmnithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Iniúchtaí

Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar rialuithe oifigiúla an Údaráis agus ar chlár iniúchta spriocdhírthe. Rinneadh roinnt oibre ar iniúchtaí a bhí idir lámha cheana féin. Chun comhlíontacht le treoirlínte sláinte poiblí Rialtais a chinntiú, níor cuireadh tús le ceann ar bith de na hiniúchtaí pleanáilte le haghaidh 2020.

Iniúchtaí idirnáisiúnta



D'fhéadfadh feidhm iniúchta DG SANTE an Choimisiúin Eorpaigh iniúchadh rialta a dhéanamh ar chóras rialuithe oifigiúla na hÉireann. Ba é an phríomhghníomhaíocht in 2020 clár forleathan ullmhúcháin leis na gníomhaireachtaí oifigiúla le haghaidh misean bailithe eolais ar rialuithe ar chleachtais chalaoiseacha agus mhealltacha laistigh de bhiashlabhra an agraibhia; cuireadh an clár ullmhúcháin seo i nDeireadh Fómhair 2020. Ba í Éire an chéad Bhallstát de chuid an AE a ndearna foireann misin staidéar uirthi i sraith bailithe eolais ar an topaic seo, ar ábhar fócais mhéadaithe é i reachtaíocht an AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625. Thar aon ní eile, dhírigh an tuairisc ar fhorfheidhmiú fhorálacha Airteagal 9(2) den Rialachán i dtaca le feidhmíocht na rialuithe oifigiúla, ar bhonn rialta agus le minicíocht iomchuí mar a chinntear ar bhonn riosca, chun sárúithe féideartha d'aon turas a shainnithint dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a dhéantar trí chleachtais chalaoiseacha agus mhealltacha. Chuir an tÚdarás pacáiste cuimsitheach faisnéise faoi bhráid na foirne


misin roimh an misean. Thug foireann SANTE F suntas ina litir i ndiaidh deireadh a chur leis an misean go bhfuil “Éire chun cinn go maith cheana féin maidir le forfheidhmiú na socruithe chun dul i ngleic le slabhra an agraibhia, lena n-áirítear acmhainní láidre iniúchta atá á dtreorú ag faisnéis, comhoibriú trasghníomhaireachta agus iniúchtaí spriocdhírthe.”

San áireamh san obair eile a rinneadh a bhaineann le SANTE F tá an t-ullmhú trasghníomhaireachta maidir le freagairtí ar thuairiscí ar iniúchtaí rialuithe ar tháscarí tíreolaíochta agus ar fheoil capall.

Arís, de bharr phaindéim COVID-19, ní dhearna Údarás Bia agus Drugaí na Stát Aontaithe ná aon tríú tír aon iniúchadh in Éirinn. Leanann an tÚdarás d'ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ar Líonra na gCóras Iniúcháireachta Náisiúnta a ndéanann an Coimisiún Eorpach cathaoirleacht air.

Mol Lárnach Faisnéise

Is é bunú Moil Lárnaigh Faisnéise laistigh den Údarás an chéad chéim de chlár oibre beartaithe ceithre chéim chun a chinntiú go soláthraítear an tacaíocht agus an comhordú riachtanach do na gníomhaireachtaí oifigiúla chun aghaidh cheart a thabhairt ar an mbagairt maidir le sláinte tomhaltóirí agus leasanna atá ag baint le cleachtas calaoiseach agus mealltach sa bhiashlabhra. Le linn 2020, fuarthas maoiniú trí scéim mhaoinithe caipitil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chumasóidh seachadadh an Mhoil



Lárnaigh Faisnéise agus forbairt líonra bainistíochta faisnéise atá comhlíontach ó thaobh an dlí de.

Sainithníodh go bhfuil baint ag an easpa acmhainne maidir le faisnéis a thiomsú agus a anailísiú ag ionad lárnach le bunú agus fás na calaoise bia. Ciallaíonn ról an Údaráis mar an t-údarás inniúil a bhfuil freagracht fhoriomlán aige as reachtaíocht bia in Éirinn a fhorfheidhmiú agus a chomhordú go bhfuil sé san áit is fearr chun ról lárnach a ghlacadh maidir le feidhm an Mhoil Lárnaigh Faisnéise a bhunú agus a chomhordú, de réir a shainordaithe dhlíthiúil. Cinnteoidh sé seo an inniúlacht chun faisnéis a ghabháil agus a anailísiú chun dul i gcion ar an gcinnteoireacht bunaithe ar riosca trí thabhairt isteach Rialachán AE 2017/625. Ba cheart measúnú riosca a théann i gcion ar an gcur chuige seo faisnéis a chur san áireamh ó réimse leathan foinsí, lena n-áirítear ábhar a roinntear trí mheicníochtaí maidir le Cúnamh agus Comhoibriú Riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh a ndéantar foráil orthu in Airteagail 102 go 108, a bhfuil an tÚdarás freagrach astu.

Tá na buntáistí seo a leanas ag baint leis an Mol Lárnach Faisnéise:

- Réiteach éifeachtach agus cost-éifeachtúil a sholáthar maidir leis na riachtanais bhreise reachtúla a chomhlíonadh i dtaobh Rialachán AE 2017/625 trí úsáid a bhaint as na hacmhainní gníomhaireachtaí oifigiúla reatha, mar a shainithnítear i socruithe conartha seirbhíse.
- Soláthraíonn sé deiseanna do mhaolú breise ar riosca maidir leis an tomhaltóir agus cruthaíonn sé breis éifeachtúlacht acmhainne mar thoradh ar shainithint níos luaithe ar chleachtas calaoiseach agus idirghabhálacha spriocdhírthe atá bunaithe ar riosca, lena n-áirítear straitéisí a chosc agus a chosaint.
- Baineann sé úsáid as an struchtúr reatha maidir le reachtaíocht bia a chur i bhfeidhm atá á bhainistiú trí shocruithe conartha seirbhíse idir an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla, mar sin seachnaítear an gá le hathrú reachtúil agus struchtúrtha chun riachtanais Rialachán AE 2017/625 a chomhlíonadh
- Baineann sé úsáid as bealaí dlíthiúla reatha maidir le roinnt faisnéise, rud a sheachnaíonn an gá le socruithe dlíthiúla eile a fhorbairt i ngach gníomhaireacht, chun comhlíontacht a chinntiú i dtaca le dlí cosanta sonraí, e.g. Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí; Treoir Forfheidhmiúcháin Dlí 2016/680; an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2016; agus Treoir AE 2019/1937.
- Tugann sé an bunús le haghaidh deiseanna breise chun pleanáil straitéiseach atá bunaithe ar riosca a fhorbairt mar atá sainaitheanta i gCéim 4 den tsamhail bheartaithe
- Baineann sé an leas is fearr as acmhainní atá ar fáil, mar sin seachnaítear dúbláil agus cinntítear nach bhforbraíonn gach gníomhaireacht córais bhainistíochta faisnéise ar leith.

Iniúchtaí

Le linn 2020, rinne oifigigh údaraithe de chuid an Údaráis, mar aon le húdaráis rialála Stáit eile agus na gníomhaireachtaí oifigiúla, 95 iniúchadh. Bhí na himscrúduithe sin deartha chun cineál agus méid na neamh-chomhlíontachta maidir leis an dlí faoi bhia agus calaois bhia ghaolmhar a dhearbhú. Bhí cineálacha éagsúla cur chuige riachtanach, ó bharántais chuardaigh a fuarthas sa Chúirt Dúiche go monatóireacht ar leathanaigh ó na meáin shóisialta i gcásanna nuair a bhíothas amhrasach faoi oibríocht na ngnólachtaí bia neamhúdaraithe. Ba é toradh na bhfiosrúchán i roinnt cásanna gur eisíodh Orduithe Forfheidhmiúcháin. Baineadh breis agus 24 tonna bianna de bhunús ainmhí agus nach de bhunús ainmhí den mhargadh mar thoradh ar na hiniúchtaí seo.

EVIDENCE BAG

PLEASE ENSURE THAT ALL BOXES IN BOLD ARE COMPLETED AT THE SCENE OF THE EXHIBIT RECOVERY

(Continuity)		(Continuity)
Name/Rank/No. (Block Letters):		Name/Rank/No. (Block Letters):
Signed		Signed
Date		Date
Name/Rank/No. (Block Letters):		Name/Rank/No. (Block Letters):
Signed		Signed
Date		Date

Grianghraf de mhála fianaise ó fhiosrúchán.

I gcaitheamh na bliana, ghlac foireann an Údaráis páirt in éineacht le foireann na gníomhaireachta oifigiúla i seicphointí ilghníomhaireachtaí ar thaobh an bhóthair, a bhí á reáchtáil ag an nGarda Síochána.



Déanann an tÚdarás cathaoirleacht ar Thascfhórsa na Calaoise Bia, agus le linn 2020, tionóladh cruinniú fíorúil amháin den tascfhórsa.

Leanann an fóram ilghníomhaireachtaí, ildisciplíneach ar aghaidh le ceisteanna a mheas agus a thuirisciú ar dóchúil go mbeidh éifeacht shuntasach acu ar ionracas/bharántúlacht bhia. In 2020, d'fhreastail foireann réimse feidhmiúil na hIniúcháireachta agus na nImscrúduithe ar chruinniú fíorúil amháin den Tascfhórsa Trasteorann ar Bhia agus ar Choiriúlacht Tuaithe.

Calaois bhia – comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta

Thar ceann an Údaráis, gníomhaíonn réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúdithe mar an pointe teagmhála i dtaobh calaois bhia náisiúnta le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh. Le linn 2020, ghlac ionadaithe réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúduithe páirt in dhá chruinniú de chuid Líonra Calaoise Bia AE, a tionóladh go fíorúil. Lena chois sin, rinne an tÚdarás monatóireacht ar bhunachar sonraí Chúnamh agus Comhoibriú Riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh/Líonra Calaoise Bia. In 2020, d'fhoilsigh Éire 11 chás a bhaineann le feoil, alcól agus forbhianna a d'éiligh go raibh siad ag cóireáil, ag leigheas agus/nó ag cosc ionfhabhtú COVID-19. D'fhreagair Éire do chásanna na mBallstát eile de mar a éilíodh.

Leanann an tÚdarás ar aghaidh lena rannpháirtíocht i Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia agus bíonn cruinnithe aige uair in aghaidh na ráithe le baill bhord bainistíochta Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia. Déanann Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia ionadaíocht ar lear mór cuideachtaí thionscal an bhia in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is éard a bhíonn i gceist le cruinnithe Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia plé ar thuarascálacha faisnéise agus roinnt eolais ábhartha ar chalaos bhia. Suíonn ionadaithe ón Údarás freisin ar an bhFóram um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun Cinn, a ndéanann Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann comhchathaoirleacht air.



I gcomhar leis an nGarda Síochána agus Seirbhís Custaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim, ghlac an fhoireann Iniúchóireachta agus Imscrúduithe páirt i gcomhoibríocht Europol/INTERPOL a bhí dírithe ar choireacht bia. Agus Oibríocht OPSON IX mar ainm air, in 2020, san áireamh sna tuairisceáin a chuir Éire faoi bhráid Europol bhí gabhálacha bia de bhunús ainmhí (feoil/déiríocht), chomh maith le huisce buidéal, agus alcól góchumtha.

Leanann an tÚdarás ar aghaidh lena rannpháirtéachas i nGrúpa Oibre na gCeann um Gníomhaireacht na hEorpa ar Chalaos Bhia. Le linn 2020, glacadh leis an treoir ar chomhlíonadh riachtanas maidir le hAirteagal 140 de Rialachán AE 2017/625 ar rialuithe oifigiúla i dtaca le tuairisciú ar sháruithe.

I gcomhar le hOllscoil Manchester, leanann an tÚdarás de pháirt a ghlacadh i dtionscadal a fhorbairt tacar oibriúcháin le haghaidh cleachtóirí sábháilteachta bia atá tiomanta do neamhchomhlíontacht a laghdú i dtionscal an bhia. Meastar go mbainfidh cleachtóirí, rialtóirí agus pearsanra forfheidhmiúcháin leas as an tacar chun anailís a dhéanamh ar chlaonaíocht i gcóras an bhia, agus chun meicníochtaí idirghabhála a dhearadh d'fhonn claonaíochtaí mar seo a chur ina gceart.

Tá an tÚdarás ag glacadh páirt chomh maith i dtionscadal FoodSmartphone, a fhéachann le bearnaí eolaíochta agus nuálaíochta a shainaithint agus míniú a thabhairt ar conas a bhaineann siad le bithaitheantas éilleán ardluais agus nua. Forbrófar tacair ar féidir iad a ghreamú do fhóin chliste chun anailís a dhéanamh ar bhiana láithreach.



Eolaíocht agus Caighdeán Bhia

An Dr Wayne Anderson

Stiúrthóir, Eolaíocht agus Caighdeán Bhia



Díríonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia a shaothar ar a bhonn fianaise a leathnú agus anailís a dhéanamh air seo agus soláthraíonn sé saineolas eolaíochta chun measúnuithe riosca a dhéanamh, chun treoir theicniúil a dhréachtú le haghaidh thionscal an bhia, chun tacú le hobair na ngníomhaireachtaí oifigiúla, chun rialuithe oifigiúla díreacha a dhéanamh, agus chun tacaíocht saineolaithe a sholáthar d'oifigigh sa Roinn Sláinte, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le reachtaíocht faoi bhia a fhorbairt ag leibhéal Eorpach.

Bainistíonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia Coiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chomh maith agus soláthraíonn sé ionchur teicniúil maidir le hobair mheasúnaithe riosca an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus an Choimisiúin Codex Alimentarius a leagann síos caighdeán idirnáisiúnta bhia.

Tá obair eolaithe i réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia agus sa Choiste Eolaíoch á thacú ag foireann thiomanta riarthóirí a mbaineann a n-obair lánleas as éifeachtacht agus éifeachtúlacht réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia agus cinntíonn sé cáilíocht aschur, chomh maith le seirbhísí fíorthábhachtacha intí a sholáthar do réimsí feidhmiúla eile.

Díríonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia a obair ar an mbonn fianaise a mhéadú agus anailís a dhéanamh air. Ligeann an obair seo, mar aon le saineolas eolaithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, d'fhoireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia measúnuithe riosca, dréacht-treoir theicniúil do thionscal an bhia a dhéanamh, tacú le hobair na ngníomhaireachtaí oifigiúla, agus rialuithe oifigiúla díreacha a chur i gcrích, arb é a aidhm sláinte phoiblí a chosaint.

Soláthraíonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia tacaíocht shainiúil freisin don Roinn Sláinte agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fhorbairt na reachtaíochta bia. Ina theannta sin, soláthraíonn saineolaithe na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ionchur teicniúil maidir le hobair measúnaithe riosca an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus, ar leibhéal idirnáisiúnta, ionchur chuig obair forbartha caighdeán bia trí Choimisiún Codex Alimentarius.

Taighde agus comhoibriú

Lean foireann fheidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia dá rannpháirtíocht a mhéadú i dtaighde in 2020, ag freastal i gcáil chomhairleach ar chúig thionscadal taighde náisiúnta i réimsí na sábháilteachta bitheolaíche agus na sábháilteachta ceimicí, lena n-áirítear obair chun caidmiam i nglasraí fréimhe a mhaolú agus obair chun *Campylobacter* in éineoil a mhaolú, agus aghaidh a thabhairt ar riosca *Listeria monocytogenes* i mbia. Den chéad uair, d'fhoilsigh an tÚdarás liosta tosaíochtaí taighde a chuirfidh clár measúnaithe riosca na heagraíochta chun cinn. Sholáthair sé



tosaíochtaí taighde freisin don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara dá glaoch 2020 faoin mBeart um Thaighde Institiúideach Bia, arb é a thoradh go mbeidh moltaí dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais sonraí an Údaráis. I gcomhar le *safefood*, rinneadh taighde ar *L. monocytogenes* i nglasraí reoite, i ndiaidh ráig listéaróise ar fud na hEorpa. Phleanáil agus chomhordaigh foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia staidéir fhócasaithe faoi rialuithe oifigiúla leis na gníomhaireachtaí oifigiúla ar shíor-thruailleáin orgánacha i mbia, chomh maith le staidéir leanúnacha ar leibhéil suilfítí agus nítrítí i dtáirgí feola. Foilsíodh staidéar ar shábháilteacht mhicribhitheolaíochta cnónna agus síolta. Ar deireadh, rinne mic léinn tríú leibhéal atá ag obair leis an Údarás staidéar ar bhianna a dhéanann éilimh faoi phróitéin agus foilsíodh é seo ar shuíomh gréasáin an Údaráis mar fhísghrafaic go luath in 2021.



Feidhm thábhachtach de réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia is ea bainistiú agus éascú ar obair an Choiste Eolaíoch agus a fhochoistí agus a ghrúpaí oibre a bhfuil 83 eolaí orthu. Comhlánaíodh roinnt tuairimí agus iarratais thábhachtacha. Foilsíodh cúig thuarascáil ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann: *Nithe le cur san áireamh maidir le Sábháilteacht Feamainne agus Bianna atá díorthaithe ó Fheamainn atá ar fáil i Margadh na hÉireann; Moltaí Eolaíochta Vitimín D do Threoirlínte Cothaithe Bia-bhunaithe d'Aosaigh níos sine in Éirinn; Breithmheas ar theicneolaíochtaí próiseála nua agus atá ag teacht chun cinn agus a rioscaí féideartha maidir le sábháilteacht bia; Roghanna bainistíochta riosca a bhaineann le húsáid substaintí luibhe i bhforbhianna; agus Moltaí Eolaíochta le haghaidh Treoirlínte*

Cothaithe Bia-bhunaithe do Leanaí 1-5 Bliana d'aois in Éirinn.

Ghlac an Coiste Eolaíoch le dhá thuairim bhreise le foilsiú in 2020 le foilsiú in 2021. Seo a leanas na foilseacháin sin: *Moltaí eolaíochta ar threoirínta bia shláintiúil do dhaoine aosta; An t-eolas is déanaí maidir le tuairim an Choiste Eolaíoch i leith Mycobacterium avium fospeiceas paratuberculosis agus Ghalar Crohn.*

Chuir an Coiste Eolaíoch críoch le téarma oifige 5 bliana ar an 31 Nollaig 2020 agus cuireadh liosta ball iarrthóra agus Cathaoirleach i gcomhair Coiste Eolaíoch ionaid faoi bhráid an Aire Sláinte chun cinneadh a dhéanamh faoi.



In 2020, ghlac an tÚdarás páirt i dtionscnamh Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun taighdeoirí a chur i gcomhlachtaí poiblí. D'éirigh leis an Údarás bheirt 'taighdeoirí chónaitheacha' – duine amháin i réimse na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus duine eile i réimse na sábháilteachta bitheolaíochta, go háirithe bianna próibhitheacha. Thug na taighdeoirí seo saineolas nach beag leo go dtí an tÚdarás, ag cur ar ár gcumais ár ngníomhaíochtaí eolaíochta a chur chun cinn agus cur le scileanna ár n-eolaithe cónaitheacha. Tá córas comharthaí riosca atá ag teacht chun cinn a fhorbairt bunaithe ar inneall cuardaigh cliste a dhíríonn ar an litríocht eolaíochta fhoilsithe, agus tá bunachair sonraí an Údaráis á gceistiú le haghaidh patrúin riosca bhreise atá ag teacht chun cinn. Táthar ag scrúdú córais a fhéachann ar na meáin shóisialta maidir le rabhadh luath i dtaobh nimhiú bia; ina theannta sin, táthar

ag fiosrú córas a chuireann ar chumas an Údaráis gnólachtaí bia neamhchláraithe nó neamhfhaofa a shainiú.

D'fhreastail foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ar 46 cruinniú saineolaithe ar fhorbairt reachtaíochta a bhí á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an gComhairle Eorpach; mar aon le faisnéis a thabhairt don Roinn Sláinte le haghaidh vótaí ar an obair chríochnaithe. Cuireadh cúig aighneacht faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le forbairt reachtaíochta.

Is cuid den chomhoibriú leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia iad na cruinnithe líonra saineolaithe, agus ina fhianaise sin, ghlac foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia páirt ghníomhach i gcúig chruinniú líonra i réimsí na rioscaí atá ag teacht chun cinn, an mheasúnaithe riosca micribhitheolaíochta, na n-orgánach géinmhodhnaithe, na mbianna nua, agus na nana-ábhar. Ar bhonn idirnáisiúnta, chuir baill foirne na hEolaíochta agus Caighdeán Bia aighneachtaí mionsonraithe teicniúla faoi bhráid trí ghrúpa oibre leictreonach de na coistí faoi Choimisiún Codex Alimentarius, ina ndéantar caighdeán dhomhanda bhia a chomhaontú. Cuireadh cruinnithe iomlánacha ar ceal de bharr phaindéim COVID-19.

Soláthraíonn an tÚdarás cúnamh freisin don Eagraíocht Domhanda Sláinte agus in 2020 tugadh cuireadh do dhuine dár bpríomhspeisialtóirí chun páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán saineolaithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar thairseacha agus bainistíocht ailléirgine i mbianna; lena chois sin, iarradh ar an speisialtóir athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar ráigeanna bia-iompartha a bhaineann le sméara.

Ag tacú le forfheidhmiú agus comhlíontacht sábháilteachta bia

Gné lárnach d'obair fhoireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia is ea tacú le réimsí feidhmiúla eile de chuid a Údaráis, comhlachtaí rialtais, agus gníomhaireachtaí AE maidir le córas bia na hÉireann a chosaint. I ndiaidh gur tugadh clár tástála comhordaithe ábhar truailithe ar fud an AE, sholáthair foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ionchuir shuntasacha theicniúla don Choimisiún Eorpach. Leanadh ar aghaidh leis an obair ar bhonn riosca a fhorbairt le haghaidh sampláil cheimiceach a chuimsíonn forfheidhmiú rangaithe riosca a d'fhorbair Coiste Eolaíoch an Údaráis. Soláthraíonn réimse feidhmiúil fhoireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia tacaíocht shainiúil d'obair forfheidhmiúcháin sábháilteachta bia na ngníomhaireachtaí oifigiúla. Cuireadh moltaí eolaíoch mionsonraithe ar fáil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dá chlár monatóireachta ceimicí 2021 agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir lena chlár bheartaithe mhonatóireachta i dtaca le leigheas tréidliachta agus lotnaidicíd in 2021. Tugadh aghaidh ar roinnt mórcheisteanna eile a bhaineann le forfheidhmiúchán in éineacht leis an bhfoireann sna gníomhaireachtaí oifigiúla. Chuimsigh sé seo fadhbanna creidiúnaithe a réiteach do shaotharlanna oifigiúla i dtaca leis an éiginnteacht a thomhas maidir le tástáil micribhitheolaíochta, mar aon le haghaidh a thabhairt ar fhionraíocht creidiúnaithe i saotharlann amháin de chuid ann FSS mar gheall ar mhaolú i sampláil bia mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Soláthraíodh ionchuir theicniúla bhreise do na gníomhaireachtaí oifigiúla le linn cruinnithe faoi cheisteanna idirghabhála i dtaobh conarthaí. Tugadh aghaidh ar shaincheisteanna

teicniúla a bhí le sárú ag na gníomhaireachtaí oifigiúla freisin, amhail deimhniú próiseas teirmeach agus cleachtais fuaraithe i ngnólachtaí bia áirithe a mheasúnú, agus measúnú riosca i bpróisis reo agus leá.

Ba dhíol suntais iad fás thionscal na cnáibe agus margaíocht olaí annaibidé-óil in 2020.

Shainaithin staidéar fhoireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia roinnt ceisteanna a bhaineann le holaí annaibidé-óil, agus dheimhnigh fiosrúcháin rialuithe oifigiúla ina dhiaidh sin neamhchomhlíontacht maidir le tionscal na cnáibe. Rinne baill d'fhoireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia obair shuntasach chun go mbeadh comhlíonadh níos fearr sa tionscal seo agus chun a chinntiú nár cuireadh bianna nua ar an margadh gan údarú an AE. Soláthraíodh comhairle bhreise theicniúil freisin le linn rolladh amach reachtaíocht na rialuithe oifigiúla nua.

Imríonn réimse feidhmiúil ról freisin maidir le fógraí agus faomhadh bianna áirithe. In 2020, cuireadh an tÚdarás ar an eolas faoi 112 bia le haghaidh sainchuspóirí leighis agus 40 bainne foirmle/bainne foirmle leantach. Rinneadh seiceálacha tosaigh comhlíontachta comhdhéanaimh ar na bianna sin. Lena chois sin, rinneadh measúnú ar 1,162 táirge eile (forbhianna den chuid is mó) ó thaobh comhlíonadh maidir le reachtaíocht i leith cothú agus éilimh shláinte. Faoi rialacháin na mbianna nua, rinne foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia measúnú ar 12 fhógra maidir le bianna traidisiúnta ó thríú tíortha, nocht sé tuairim réasúnach ar stádas bianna nua ar 10 iarratas comhairliúcháin, agus chuir sé faisnéis ar aghaidh faoi 14 iarratas bianna nua chuig an Roinn Sláinte chun vótáil ag leibhéal AE. Ina theannta sin, rinne oireann na hEolaíochta agus



Caighdeán Bia 12 athbhreithniú ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe le haghaidh bia agus bia ainmhithe i ndiaidh mheasúnú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia.

Tacaíonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia le foireann na dteagmhas bia i réimse feidhmiúil fhoireann Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála trí chomhairle eolaíoch a sholáthar agus measúnuithe riosca a dhéanamh. Sholáthair réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ionchur teicniúil i gcomhairle an Údaráis ar COVID-19, agus choinnigh sé súil ar fhorbairtí eolaíochta le linn an ‘plá faisnéise’ mar a thugtar air, inar foilsíodh na mílte staidéar taighde roimh an phiarmheasúnaithe agus ina dhiaidh araon. Foilsíodh measúnú riosca cáilíochtúil mór ar SARS-CoV-2 (víreas COVID-19) agus ar mhoilisc dhébhlaoscacha, a thug aghaidh ar ábhar imní i dtaobh sábháilteacht sliogéisc. Sholáthair foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia 158 measúnú riosca, lena n-áirítear 108 i réimse na sábháilteachta ceimicí amháin. Ba bhliain ghnóthach í 2020 maidir le tacú le foireann Iniúchóireachta agus Imscrúduithe an Údaráis ina n-obair ar nochtuithe cosanta, le rannpháirtíocht san obair allamuigh ghaolmhar agus an méid a lean dhá fhiosrúchán mhóra, mar aon le tacaíocht theicniúil a sholáthar ar thorthaí tástála agus forbairt an mhoil lárnaigh faisnéise.

Cumarsáid agus for-rochtain

Soláthraíonn an tÚdarás Líne Chomhairle den scoth dá pháirtithe leasmhara. Tacaíonn réimse fheidhmiúil na hEolaíochta agus



Caighdeán Bia leis an tseirbhís trí fhreagra díreach a thabhairt ar go leor fiosruithe. San iomlán, thug foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia freagra ar 970 fiosrú seachtrach, orthu sin bhain 401 acu le bianna nua agus ceisteanna teicneolaíochta bia eile; thug an fhoireann freagra ar 272 fiosrú seachtrach ar cheisteanna sábháilteachta ceimicí, bhain 162 fiosrú le guaiseacha sábháilteachta bitheolaíochta, agus bhain 135 fiosrú le cothú. I ndiaidh obair fhairsing le tionscal bainne foirmle náionda, d’fhoilsigh an tÚdarás treoirlínte agus uirlis mheasúnaithe chun a chinntiú go raibh cumarsáid le gairmithe sláinte ar bhainne foirmle náionda ag cloí le rialacháin éileamh sláinte agus go raibh siad bunaithe ar eolaíocht a bhfuil glactha ag an bpobal eolaíochta leis go ginearálta. Maidir leis an ngné is deireanaí thuasluaite, d’fhoilsigh réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia treoir ar mheasúnú fianaise eolaíochta chun cabhrú lena bhfuil i gceist le sainmhíniú ‘a bhfuil glactha ag an bpobal eolaíochta leis go ginearálta’ nuair a thagraítear dó i reachtaíocht. Foilsíodh píosa mór oibre eile a bhain le tionscal na bhforbhianna in 2020. Sholáthair an tuarascáil seo bealach do thionscal an bhia chun a chinntiú go mbeadh an leibhéal ab airde vitimíní agus mianraí ina bhforbhianna sábháilte. D’fhoilsigh réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia cáipéisí ceisteanna coitianta ar éilimh shláinte ar COVID-19, d’fhonn cabhrú le tionscal an bhia cur ar an eolas faoi riachtanais agus rioscaí dlí. Ina theannta sin, sholáthair foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia tacaíocht dhíreach theicniúil



fhairsing do ghnólachtaí bia ar shábháilteacht a bpróiseas – ceistanna ar mhínic leo a bheith uathúil agus casta, agus a éilíonn cuid mhaith ama agus saíneolais chun iad a réiteach.

In ainneoin shrianta phaindéim COVID-19, rinne foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia cur i láthair ag dhá chruinniú náisiúnta agus trí chruinniú idirnáisiúnta. Chuir ionadaithe ó fhoireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia dhá phóstaer i láthair freisin ag cruinnithe eolaíochta. Mar chuid den Straitéis Eolaíochta, lean eolaithe Eolaíochta agus Caighdeán Bhia ar aghaidh le tacú le hinstiúidí tríú leibhéal trí 16 léacht a sheachadadh do mhic léinn bhunchéime agus iarchéime araon i seacht n-ollscoil agus instiúid teicneolaíochta.


Straitéis

In 2020, lean foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ar aghaidh leis an mbonn eolaíoch san Údarás a fhorbairt; lena n-áirítear foilsíú an dara *Straitéis Eolaíochta 2020-2024* de chuid an Údaráis, ina bhforbróidh foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia scileanna fíorthábhachtach breise eile, an leas is fearr a bhaint as láidreachtaí i sintéis eolaíochta do mheasúnú riosca, tionchar a imirt chun a chinntiú go dtabharfar faoi thaighde fíorthábhachtach ar shábháilteacht bia in Éirinn. Sainithnítear an tábhacht a bhaineann le holaíocht bia a chur in iúl do ghrúpaí eile ar fud an Údaráis. Le linn 2020, i measc imeachtaí an Údaráis bhí: treoir a fhorbairt maidir le cumarsáid eolaíochta; físeáin ghearra a chur amach ar thopaicí eolaíochta; agus roinnt ionchur eolaíochta a scaipeadh trí LinkedIn agus ardáin eile meán sóisialta. Lena chois sin, don dara bliain, mhaoinigh an tÚdarás agus chuaigh sé i mbun teagmhála le clár *Eolaíocht agus Teicneolaíocht ag Obair* atá á threorú ag an

tionscal. Tá sé seo ag teacht lenár sprioc chun dul i bhfeidhm ar dhaltaí óga chun staidéar ar dhéanamh ar ábhair STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) de bharr go mbeidh siadsan ina n-eolaithe sna blianta atá romhainn.

Tá foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia tiomanta d'obair ar fud an Údaráis chun a chinntiú go gcaomhnóimid eagraíocht chomhtháite. I gcaitheamh thréimhse oibre cianda 2020, chabhraigh coiste foirne an Údaráis agus a fhoghrúpaí le gáire a chur ar bhéal daoine agus iad a choinneáil nasctha lena chéile, agus bhí ríméad ar fhoireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia páirt a ghlacadh sa chomhiarracht seo.

D'fhoilsigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann *Straitéis Eolaíochta 2020–2024* i Meitheamh 2020.



Rialachas corparáideach

I gcomhréir leis an *gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016), tá Creat Rialachais Chorparáidigh i bhfeidhm ag an Údarás. Forbraíodh an creat sin d'fhonn cuidiú le héifeachtacht, oscailteacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Soláthraítear treoir sa chreat sin don eagraíocht faoi chúrsaí amhail: gnó an Bhoird a stiúradh; pleanáil straitéiseach; próisis oibriúcháin; bainistíocht riosca; rialú airgeadais, agus caighdeán iompraíochta. Le linn, 2020, d'oibrigh an tÚdarás ar an *gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016) a chomhlíonadh go hiomlán.

An Bord

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Bhoird an treo straitéiseach a athbhreithniú agus a threorú, mórphleananna gníomhaíochta, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó bliantúla, cuspóirí feidhmíochta a shocrú, monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme fheidhmíocht an Údaráis, agus maoirseacht a dhéanamh ar mhórchinntí caiteachais infheistíochta caipítíl. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord maidir le cúrsaí a choimeádtar dó, chun cinneadh a dhéanamh orthu. Cuireann an Bord tús le gach cruinniú le seisiún próbháideach den Bhord, gan comhaltaí ar bith den Údarás i láthair.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca lánfheidhmiúil ag an Údarás a rinne na hiniúchtaí seo a leanas i rith 2020: rialuithe inmheánacha airgeadais, párolla, agus athbhreithniú ar thorthaí iniúchtaí inmheánacha roimhe seo. Le linn 2020, lean an Bord ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht agus rinne an Bord machnamh ar athbhreithniú éifeachtúlachta go luath in 2020,

agus cuireadh gníomhaíochtaí comhaontaithe i bhfeidhm. Bhí na ráitis airgeadais, arna bhfaomhadh ag Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird, faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tionóladh ceithre chruinniú de chuid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird in 2020. Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir

le dearbhú a sholáthar don Bhoird i dtaobh rialú inmheánach, bainistíocht riosca, cúrsa iniúcháireachta agus dearbhaithe mar chuid den athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an Údaráis. Oibríonn an

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca faoi chairt chomhaontaithe agus ullmhaíonn sé tuarascáil bhliantúil fhoirmiúil don Bhord.

- Líon cruinnithe: Ceithre chruinniú
- Cathaoirleach: An tUasal Margaret Moran go dtí Meitheamh 2020, ghlac an tUasal Mary Cullen a háit.

An Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair

Tá an Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair ceaptha chun meicníocht iomchuí a cheapadh agus a chur chun feidhme le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus, tríd an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht Fhoireann Feidhmiúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Mar a éilítear, comhaontaíonn an Fochoiste luach saothair le Ranna Rialtais, forbraíonn sé na sainchuntais phoist, sainaitníonn sé

na hinniúlachtaí ábhartha agus an phróifíl iarrthóra is fearr don phost, comhaontaíonn sé an próiseas earcaíochta agus cuardaigh agus leagan sé amach amchlár sonracha. Tagann an Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair le chéile mar a éileoidh an Bord é.

- Líon cruinnithe: Dhá cheann
- Cathaoirleach: Martin Higgins
- Ballraíocht: An tOllamh Albert Flynn agus An tUasal Ros O'Shea

Fógraí reachtúla agus fógraí eile

De réir Alt 41 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na nAchtanna um Caighdeán in Oifigí Poiblí 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí de Bhord an Údaráis, den Choiste Eolaíoch, de na Fochoistí Eolaíocha agus d'fhoireann ainmnithe an Údaráis, dearbhú leasanna a sholáthar gach bliain. Cuireann an tÚdarás na dearbhuithe sin ar aghaidh chuig an Aire Sláinte nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, de réir mar is cúf.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Chuir fostóirí nó iarfhostaithe de thionscal an bhia seacht nochtadh cosanta faoi bhráid an Údaráis in 2020.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Is é beartas an Údaráis a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Tá gach iarracht á déanamh, i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais iomchuí, lena chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh de na hamchláir a theastaíonn, de réir na ndea-chleachtas. Foilsíonn an tÚdarás tuarascálacha ráithiúla maidir le comhlíonadh ar a shuíomh gréasáin.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol), 2007.

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol), 2007. (I.R. Uimh. 133/2007) cearta dlíthiúla dóibh siúd atá ag lorg rochtana ar fhaisnéis ar an gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Le linn 2020, ní dhearnadh aon iarratas faoi reachtaíocht i dtaca le Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol.

Cairt Custaiméirí

D'fhoilsigh an tÚdarás Cairt Custaiméirí ina dtugtar eolas faoina thiomantas iomlán maidir le seirbhís éifeachtach, thráthúil, ghairmiúil agus chúirtéiseach a chur ar fáil dá chustaiméirí. Leagtar amach na caighdeáin seirbhíse a bhféadfadh custaiméirí bheith ag súil lena bhfáil ón Údarás.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Deimhnítear san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ceart bhaill an phobail faisnéis oifigiúil a rochtain a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus an ceart chun príobháideachta i measc daoine aonair. Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, agus foilsíonn sé de réir Alt 8 den Acht. Soláthraítear san fhoilseachán seo faisnéis faoi sheirbhísí an Údaráis a soláthraíodh, nó atá le soláthar, don phobal, agus tá logaí nochtuithe agus faisnéis airgeadais ar fáil ann freisin. Le linn 2020, fuarthas 23 fiosrúchán i dtaca le Saoráil Faisnéise.

Spriocanna straitéiseacha agus an méid a baineadh amach

Sprioc 1 Forfheidhmiúchán agus comhlíonadh

Sábháilteacht bia a chur chun feidhme agus comhlíonadh a mhéadú, i gcomhar lenár bpáirtithe rialála eile, trí chóras rialála den chéad scoth um shábháilteacht bia

Cuspóir 1.1 Rialtóirí sábháilteachta bia na hÉireann a threorú agus tacú leo chun córas forfheidhmiúcháin cóir, comhsheasmhach agus éifeachtach a chur i bhfeidhm

- Cáipéis treorach a fhorbairt ar shampláil mhicribhitheolaíochta agus foilsíodh tuarascáil ar shuirbhé rialuithe oifigiúla comhordaithe ar shábháilteacht mhicribhitheolaíochta maidir le luibheanna triomaithe agus spíosraí réamhphacáilte
- Cuireadh moltaí mionsonraithe ar fáil maidir le Lotnaidicídí agus Leigheasanna Tréidliachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Cláir Rialuithe Oifigiúla um Shábháilteachta bia 2021 de chuid an FSS.
- Soláthraíodh ionchur teicniúil mionsonraithe do na gníomhaireachtaí oifigiúla ar roinnt topaicí: mar shampla, tomhas éiginnteachta i saotharlanna micribhitheolaíochta oifigiúla; cabhrú le cigirí chun deimhniú cleachtas cócarála agus fuaraithe a mheasúnú i ngnólachtaí bia áirithe; agus measúnú riosca ar phróisis reo agus leá
- Sraith chuimsitheach conarthaí seirbhíse a chothú leis na gníomhaireachtaí oifigiúla chun a rialuithe oifigiúla a chlúdach ar shábháilteacht bia
- Forbraíodh modheolaíochtaí agus uirlisí oiliúna nua chun oiliúint a chumasú le go mbeadh sí ar fáil go fíorúil agus cur le modúil ríomhfhoghlama
- Tacaíodh le hoiliúnóirí maidir le clár oiliúna Sábháilteacht Bia agus Tusa a sheachadadh
- Seachadadh seisiún oiliúna 'Prionsabail ar Rialú Calaoise Bia atá á rialú ag Faisnéis' chun na huirlisí agus an fhaisnéis a sholáthar do chigirí ó na gníomhaireachtaí oifigiúla chun cur chuige atá a rialú ag faisnéis a ghlacadh chun dul i ngleic le cleachtais chalaoiseacha agus mealltacha i slabhra an agraibhia
- Maoiníodh na rialuithe sábháilteachta bia a rinne údarás áitiúla agus an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.
- Glacadh páirt in athbhreithniú le Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach ar riachtanais mhaoinithe na n-údarás áitiúil
- Mar chuid de na hullmhúcháin do reachtaíocht leasaithe an AE i leith rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625, sholáthair an tÚdarás comhairle do na gníomhaireachtaí oifigiúla ar reachtaíocht náisiúnta nua a tugadh isteach in 2020 chun éifeacht a thabhairt don Rialachán.
- Lean Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar aghaidh le modúil ríomhfhoghlama a fhorbairt i gcomhair fhoireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla agus gnólachtaí bia.

- Chomh maith leis sin, bhainistigh sé gnéithe de rannpháirteachas na hÉireann i gclár an Choimisiúin Eorpaigh um Oiliúint Níos Fearr i gcomhair Bia Níos Sábháilte.
- I measc ghníomhaíochtaí fairsinge rannpháirteachais agus tacaíochta an Údaráis leis na gníomhaireachtaí bhí na nithe seo a leanas: cruinniú trasghníomhaireachta a tionóladh i Márta 2020 chun éiginnteacht tomhais a phlé i dtaca le saotharlanna micribhitheolaíochta bia; rannpháirteachas i gcruinniú de ghrúpa trasghníomhaireachta ar shocruithe cigireachta le haghaidh gnólachtaí bia le gníomhaíochtaí casta bia ina bhféadfadh níos mó ná gníomhaireacht oifigiúil i gceist leis i gcomhair rialuithe oifigiúla – ina ndearnadh athruithe comhaontaithe ar an treoir reatha. Chomhaontaigh an tÚdarás freisin ar athbhreithniú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na bpróiseas i gcomhair gnólachtaí bia chun faomhadh a fháil le dul i mbun gnó.
- Fiosruithe teicniúla agus dlíthiúla a bhainistiú ó fhoireann na gníomhaireachta agus an Údaráis.

Cuspóir 1.2 Rioscaí a bhainistiú sa bhiashlabhra agus freagairt go héifeachtach d'aon teagmhas bia nó géarchéim bhia náisiúnta nó idirnáisiúnta

- Phróiseáil an tÚdarás fiche cúig Fhógra um Chúnaimh agus Chomhoibriú Riaracháin i leith Calaois Bhia de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.
- Téama comhsheasmhach do na gníomhaireachtaí oifigiúla le linn 2020 ba ea an tionchar a bheadh ag ullmhúchán do Brexit ar gnéithe eile de na rialuithe oifigiúla a dhéanann gníomhaireachtaí oifigiúla agus an tÚdarás. Cruthaíonn an t-ullmhúchán, go háirithe maidir le rialuithe feabhsaithe iompórtála i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus Europort Ros Láir, dúshlán phraiticiúla maidir le gnáthleibhéal rialuithe oifigiúla a sheachadadh.
- In 2020, dhéileáil an tÚdarás le 661 teagmhas bia.
- Shainaithin agus thuairiscigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (le tacaíocht óna ghníomhaireachtaí oifigiúla) 27 táirge do Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe de chuid an Aontais Eorpaigh. Oibríonn sé seo ar bhonn 24/7/365.
- Fuair staidéar fhoireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia amach go raibh roinnt ceisteanna a bhaineann le holaí annaibidé-óil, agus dheimhnigh fiosrúcháin rialuithe oifigiúla ina dhiaidh sin neamhchomhlíontacht maidir le tionscal na cnáibe. Eisíodh preasráiteas ar na torthaí seo, chuaigh an tÚdarás i mbun plé ina dhiaidh sin le tionscal agus aistarraingíodh bia den mhargadh.

Cuspóir 1.3 Sábháilteacht, ionracas agus barántúlacht an bhiashlabhra a chinntiú trí shárúithe ar an dlí faoi bhia a aimsiú, a dhíspreagadh agus a sheachaint, agus beart a dhéanamh chun tomhaltóirí a chosaint

- Eisíodh 167 fógra poiblí san iomlán faoi bhia a aistarraingt nó a bhaint den mhargadh i bhfoirm foláirimh bhia (112) agus foláirimh ailléirgine bia (55), rud is ionann agus méadú beag ar na 107 foláireamh in 2019.

- Chun tacú le hobair fhoireann na dteagmhas bia, rinneadh 159 measúnú riosca, lena n-áirítear 108 i réimse na sábháilteachta ceimicí amháin.
- Rinneadh nócha fiosrúchán i gcomhar le húdaráis rialála Stáit eile agus na gníomhaireachtaí oifigiúla.
- Rinneadh iniúchóireacht ar sheacht nochtadh chosanta.
- In 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás 42 Ordú Forfheidhmiúcháin (lena n-áirítear 31 Ordú Dúnta, 9 Ordú Toirmisc agus 2 Ordú Feabhsúcháin) a seirbheáladh do ghnólachtaí bia le haghaidh sáruiithe ar reachtaíocht sábháilteachta bia. Is laghdú 67% é seo ar na 125 Ordú Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh in 2019, rud a léiríonn an tionchar ollmhór a bhí ag paindéim COVID-19 ar earnáil na seirbhíse bia.

Cuspóir 1.4 Ar ndícheall a dhéanamh chun córas rialaithe bia oifigiúil den chéad scoth d'Éirinn a sholáthar a sheachadann na torthaí is fearr le haghaidh tomhaltóirí

- Fuarthas fógra i gcomhair 112 bia le haghaidh sainchuspóirí leighis agus 40 bainne foirmle/bainne foirmle leantach. Rinneadh measúnú orthu seo ó thaobh sábháilteachta agus comhlíontachta de maidir le reachtaíocht sábháilteachta bia.
- In 2020, cuireadh 3,243 fógra sábháilteachta bia ar aghaidh.
- Rinneadh seiceálacha éileamh sláinte agus cothaithe ar 1,162 táirge eile (forbhianna den chuid is mó). Rinneadh 1,200 seiceáil breiseán san iomlán ar fhorbhianna.
- Faoi rialacháin na mbianna nua, rinne an tÚdarás measúnú ar 12 fhógra maidir le bianna traidisiúnta ó thrú tíortha, nocht sé tuairim réasúnach ar stádas bianna nua ar 10 n-iarratas comhairliúcháin, agus chuir sé faisnéis ar aghaidh faoi 14 iarratas bianna nua chuig an Roinn Sláinte le haghaidh vótála ag leibhéal AE.
- Rinne an tÚdarás 12 athbhreithniú ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe le haghaidh bia agus bia ainmhithe i ndiaidh mheasúnú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia.
- Rinneadh nuashonrú ar thuarascálacha iniúchóireachta agus pleananna gníomhaíochta.
- Forbraíodh dhá thionscadal iniúchóireachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe oifigiúla.
- Le linn 2020, lean an tÚdarás ar aghaidh le hobair ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta athbhreithnithe an AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625. Leagann an Rialachán seo rialacha síos maidir le feidhmíocht Bhallstáit an AE i dtaobh rialuithe san earnáil agraibhia agus tá sé ann in ionad reachtaíocht reatha rialuithe oifigiúla (Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 854/2004). Áirítear i measc na hoibre rannpháirtíocht i ngrúpa stiúrtha ar a bhfuil an tÚdarás, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an Roinn Sláinte.
- Glacadh páirt sna Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa ar Rialachán (AE) 2017/625, lena n-áirítear cathaoirleacht a dhéanamh ar ghrúpa oibre inar soláthraíodh treoirilínte ar ghnéithe saotharlainne den Rialachán.
- Leis na gníomhaireachtaí oifigiúla, chomhordaigh an tÚdarás ullmhúcháin do mhisean bailithe eolais, rinneadh é i nDeireadh Fómhair 2020, chun iniúchóireacht a dhéanamh ar chleachtais chalaíseacha agus mhealltacha i slabhra an agraibhia. Ba í Éire an chéad Bhallstát de chuid an AE a ndearna foireann an Choimisiúin Eorpaigh staidéar uirthi i sraith bailithe eolais ar an topaic seo, ar ábhar

fócais mhéadaithe é i Rialachán (AE) 2017/625. Thug fan Coimisiún Eorpach suntas ina aiseolas go bhfuil “Éire chun cinn go maith cheana féin maidir le forfheidhmiú na socruithe chun dul i ngleic le slabhra an agrairbhia, lena n-áirítear acmhainní láidre iniúchta atá á dtreorú ag faisnéis, comhoibriú trasghníomhaireachta agus iniúchtaí spriocdhírthe.”



Cuspóir 2 Eolaíocht, saineolas agus saineolas

Chun sábháilteacht agus ionracas bia a chur chun cinn trí eolaíocht neamhspleách, saineolas agus bonn láidir fianaise

Cuspóir 2.1 Tacú le cinnteoireacht agus beartas bunaithe ar riosca le saineolas neamhspleách ar ardchaighdeán

- Tháinig an Coiste Eolaíoch le chéile sé huairé in 2020 agus bhí naoi gcruinniú bhreise de na fochoistí agus grúpaí oibre chun comhairle a chur chun cinn.
- Foilsíodh cúig thuarascáil ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann: *Nithe le cur san áireamh maidir le Sábháilteacht Feamainne agus Bianna atá díorthaithe ó Fheamainn atá ar fáil i Margadh na hÉireann; Moltaí Eolaíochta Vitimín D do Threoirlínte Cothaithe Bia-bhunaithe d’Aosaigh níos sine in Éirinn; Breithmheas ar theicneolaíochtaí próiseála nua agus atá ag teacht chun cinn agus a rioscaí féideartha maidir le sábháilteacht bia; Roghanna bainistíochta riosca a bhaineann le húsáid substaintí luibhe i bhforbhianna; agus Moltaí Eolaíochta le haghaidh Treoirlínte Cothaithe Bia-bhunaithe do Leanaí 1-5 Bliana d’aois in Éirinn.*
- Ghlac an Coiste Eolaíoch le dhá thuairim bhreise le foilsiú in 2020 le foilsiú in 2021: Moltaí eolaíochta ar threoirlínte bia shláintiúil do dhaoine aosta; An t-eolas is déanaí maidir le tuairim an Choiste Eolaíoch i leith Mycobacterium avium fospeiceas paratuberculosis agus Ghalar Crohn. Soláthraíodh tacaíocht don Aire Sláine nuair a cheap sé Coiste nua maidir le Coiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann in 2021.
- Sholáthair an tÚdarás comhairle do na gníomhaireachtaí oifigiúla ar reachtaíocht náisiúnta nua a tugadh isteach in 2020 chun éifeacht a thabhairt do reachtaíocht leasaithe AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625.
- Choinnigh an tÚdarás súil ar fhorbairtí eolaíochta le linn phaindéim COVID-19 inar foilsíodh na mílte staidéar taighde roimh an phiarmheasúnaithe agus ina dhiaidh.
- Chuir an tÚdarás measúnú mór riosca cháilíochtúil ar SARS-CoV-2 (víreas COVID-19) agus ar mhoilisc dhébhlaoscacha, a thug aghaidh ar ábhar imní i dtaobh sábháilteacht sligéisc.
- Rinne an tÚdarás 158 measúnú riosca chun tacú le gníomhaíochtaí bainistíochta riosca, lena n-áirítear 108 measúnú i réimse na sábháilteachta ceimicí amháin.

Cuspóir 2.2 An bonn fianaise a mhéadú trí thaighde, staidéar comhordaithe agus comhoibriú eolaíochta

- Tháinig méadú ar rannpháirtíocht i dtaighde, ag freastal i gcáil chomhairleach ar chúig thionscadal taighde náisiúnta i réimsí na sábháilteachta bitheolaíche agus na sábháilteachta ceimicí, lena n-áirítear obair chun caidmiam i nglasraí fréimhe a mhaolú agus obair chun *Campylobacter* in éineoil a mhaolú.
- Foilsíodh liosta tosaíochtaí taighde a chuirfidh clár measúnaithe riosca an Údaráis chun cinn.
- Soláthraíodh liosta cuimsitheach tosaíochtaí taighde don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus bhí rath ar an Údarás maidir le go leor tosaíochtaí taighde a fhaomhadh faoi bhabhta maoinithe an Bhirt um Thaighde Institiúideach Bia de chuid an AE.
- Staidéir fhócasaithe phleanáilte agus comhordaithe leis na gníomhaireachtaí oifigiúla ar shíorthruailleáin orgánacha i mbia, chomh maith le staidéir leanúnacha ar leibhéil suilfítí agus nítrítí i dtáirgí feola.
- Glacadh páirt i dtionscnamh Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun taighdeoirí a chur i gcomhlachtaí poiblí. D'éirigh leis an Údarás bheirt 'taighdeoirí chónaitheacha' – duine amháin i réimse na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus duine eile i réimse na sábháilteachta bitheolaíochta, go háirithe bianna próibhitheacha. Chuir na taighdeoirí seo saineolas ar fáil don Údarás, ag cur ar ár gcumais ár ngníomhaíochtaí eolaíochta a chur chun cinn, chomh maith le cur le scileanna ár n-eolaithe cónaitheacha.
- I gcomhar le *safefood*, rinneadh taighde ar *L. monocytogenes* i nglasraí reoite, i ndiaidh ráig listéaróise le deireanas ar fud na hEorpa.

Cuspóir 2.3 Cleachtas measúnaithe riosca a chur chun cinn chun iontaoibh agus rannpháirtíocht a chur chun tosaigh

- Glacadh páirt ghníomhach i gcúig chruinniú líonra fhíorúla de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia i réimsí na rioscaí atá ag teacht chun cinn, an mheasúnaithe riosca micribhitheolaíochta, na n-orgánach géinmhodhnaithe, na mbianna nua, agus na nana-ábhar
- In 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás dhá chomhairliúchán.

Cuspóir 2.4 Ár n-inniúlacht a fhorbairt chun rioscaí agus bagairtí don bhiashlabhra a shainnithint

- Glacadh páirt in dhá chruinniú an Airmheáin Comhpháirtigh Thaighde de chuid an Choimisiún Eorpaigh i dtaca le calaois bhia agus cáilíocht bhia.
- Bunaíodh grúpa intí Grúpa Seiceála na Rioscaí atá ag teacht chun cinn chun nótaí mionteagaisc a chur chun cinn atá forbartha i dtaca le ceisteanna féideartha atá ag teacht chun cinn. Lean an tÚdarás ar aghaidh lena bhunachar sonraí maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn a fhorbairt i litríocht phiarmheasúnaithe, agus rinne sé iniúchadh ar an bhféidearthacht i dtaca le roinnt uirlisí meán sóisialta a úsáid le haghaidh córais luathfholáirimh.

- Roinn sé sonraí maidir le ceisteanna i dtaobh rioscaí atá ag teacht chun cinn leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; agus roinn an tÚdarás sonraí freisin maidir le ceisteanna mar sin agus teagmhálaithe riosca náisiúnta atá ag teacht chun cinn le tionscal an bhia ag dhá chruinniú den Fhóram um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun cinn.
- Rinneadh comhoibriú le hIonad Eolais na Nimheanna Náisiúnta in Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath ar chlár píolótach i dtaca le córas forairdill cothaithe d'Éirinn.

Cuspóir 2.5 Tionchar a imirt ar fhorbairt caighdeán bia agus cur chuige forfheidhmiúcháin ag leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta

- Freastalaíodh ar 60 cruinniú saineolaithe ar fhorbairt reachtaíochta a bhí á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an gComhairle Eorpach, mar aon le faisnéis a thabhairt don Roinn Sláinte le haghaidh vótaí ar an obair chríochnaithe.
- Cuireadh cúig aighneacht faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le forbairt reachtaíochta.
- Cuireadh aighneachtaí mionsonraithe teicniúla faoi bhráid ceithre ghrúpa oibre leictreonach de na coistí faoi Choimisiún Codex Alimentarius, ina ndearnadh caighdeán dhomhanda bhia a chomhaontú.
- Leanadh ar aghaidh le páirt a ghlacadh i líonra Ballstát eile de chuid an AE agus sa Choimisiún Eorpach, ag obair ar fhormaid chaighdeánach chun Pleananna Rialuithe Náisiúnta a tháirgeadh le haghaidh rialuithe oifigiúla trasna an AE agus chun tuairisciú orthu.
- Faoin gCoiste Codex ar Chothú agus Bianna do Shainúsáidí Cothaithe, lean an tÚdarás ar aghaidh ina ról cathaoirleachta maidir le grúpa oibre leictreonach ar luachanna tagartha cothaitheach a bhunú do naíonáin níos sine agus do pháistí óga. San áireamh san obair seo bhí Comhairliúchán idirnáisiúnta ar Phrionsabail Ghinearálta le haghaidh luachanna tagartha cothaitheach a tionóladh i mBealtaine 2020 agus Páipéar Cláir Ghnó a cuireadh ar aghaidh i Nollaig 2020.
- Glacadh páirt i gcruinniú saineolaithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte/Foras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe ar ailléirginí, d'fhonn comhairle a sholáthar do Choiste Codex ar Lipéadú Bia.
- Soláthraíodh ionchur i bhforbairt reachtaíochta treasaí (Achtanna AE a chur i bhfeidhm agus a tharmligean) i dtaca le Rialachán Rialuithe Oifigiúla (AE) 2017/625.



Cuspóir 3: Rannpháirtíocht agus cumarsáid

Le bheith ina cheannaire ar an tsábháilteacht agus ionracas bia trí chumarsáid, comhpháirtíocht, comhoibriú agus abhcóideacht

Cuspóir 3.1 Comhairle agus faisnéis shoiléir agus bunaithe ar fhianaise chun sábháilteacht bia a chur chun cinn agus chun comhlíonadh na sábháilteachta bia a fhorbairt

- Rinneadh nuashonrú agus cothabháil rialta ar shuíomh gréasáin an Údaráis, www.fsai.ie, chun inrochtaineacht a chinntiú do gach úsáideoir ar gach gléas. Tiomsaíodh aiseolas cuimsitheach ó chustaiméirí le linn 2020; baineadh úsáid as an aiseolas chun taithí úsáideoirí an tsuímh gréasáin a fheabhsú, agus rachaidh sé i gcion ar fhorbairt bhreise a dhéanfar in 2021. Bronnadh an conradh d'fhorbairt an tsuímh gréasáin in 2020 agus cuireadh tús leis an obair ar an suíomh gréasáin nua in 2020.
- Le linn 2020, ghin suíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 3,325,057 amharc leathanaigh, méadú 28% ar 2019. Ba iad na leathanaigh ar COVID-19; na ceisteanna coitianta; foláirimh bia; agus 'Tús a chur le Gnólacht Bia' na ranna ba mó cuairteanna ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann in 2020.
- Dáileadh ríomhírisí rialta ar ghrúpaí síntiúsóirí i gcaitheamh na bliana. Leanann an tÚdarás ar aghaidh le seimineáir ghréasáin agus uirlisí ríomhfhoghlama a úsáid chun tacú le comhlíonadh méadaithe na reachtaíochta faoi bhia.
- Baineadh rannpháirtíocht ghníomhach amach ar an dá thaobh lenár bpáirtithe leasmhara. Thairfeadamar méadú ar líon na leantóirí ar ardáin meán sóisialta, le 19,400 leantóir ar Facebook (2019: 14,512); 9,900 leantóir ar Twitter (2019: 8,579); agus 23,300 leantóir ar LinkedIn (2019: 16,984). Cuireadh Instagram le cainéil meán sóisialta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann in 2020.
- Éascaíodh rannpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla trí SafetyNet, eisíodh le haghaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus foireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla. Roinneadh doiciméid agus faisnéis faoi chruinnithe tríd an tairseach sin, sholáthair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann rochtain freisin ar theagasc ar líne le haghaidh úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha.
- Thug an tÚdarás freagra ar 970 fiosrú teicniúla ó fhoinsí lasmuigh d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann trí Líne Chomhairle an Údaráis, ar na 970 fiosrú sin, bhain 272 díobh le cúrsaí sábháilteachta ceimicí, bhain 135 fiosrú le cothú, bhain 162 fiosrú le sábháilteacht bhitheolaíoch, agus bhain 401 fiosrú le bianna nua agus ceisteanna sábháilteachta eolaíoch eile. I ndiaidh obair fairsing le tionscal bainne foirmle naíonda, d'fhoilsigh an tÚdarás treoirlínte agus uirlis mheasúnaithe chun a chinntiú go raibh cumarsáid le gairmithe sláinte ar bhainne foirmle naíonda ag cloí le rialacháin éileamh sláinte.

- Foilsíodh treoir ar thionscal na bhforbhianna ar uas-leibhéal shábháilte vitimíní agus mianraí ina dtáirgí
- Foilsíodh an Pacáiste Féinfhrestail nuashonraithe in 2020. Cuimsíonn sé rannóga nua ar tháirgeadh sábháilte súisí, bainistíocht ailléirgine, agus rialú aicriolaimíde.
- Reáchtáladh comhairliúchán poiblí don Roinn Sláinte ar shuíomh gréasáin an Údaráis d'fhonn tuairimí páirtithe leasmhara a lorg ar a fhairsinge agus atá soláthar miondíol le miondíol bianna de bhunús ainmhithe ar cheart iad a cheadú faoi dhíolúine 'mhion, logánta agus theoranta' ó dhlíthe sláinteachais áirithe de chuid an AE.
- Reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar shuíomh gréasáin an Údaráis maidir leis na critéir le haghaidh saineolaí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, ar mhaithe le hathbhreithniú cáipéisíochta ó ghnólachtaí bia a bhfuil an FSS i dteideal sampláil bhia oifigiúil a dhéanamh orthu; ba chuid í an ghníomhaíocht seo d'ullmhúchán na treorach do reachtaíocht leasaithe an AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625.
- Obair leanúnach ar thionscadal forbartha comhlíontachta in 2020, d'fhonn réiteach comhlíontachta nua a chruthú chun cuidiú le táirgeoirí dheochanna agus bhia na hÉireann chun éilimh shláinte agus chothaithe a dhéanamh ar a dtáirgí maidir le comhlíontacht.

Cuspóir 3.2 Obair i gcomhpháirtíocht leis an Rialtas, le gníomhaireachtaí Stáit eile, leis an saol acadúil agus le heagraíochtaí ón tsochaí shibhialta chun sábháilteacht bia laistigh d'Éirinn a chosaint

- Tionóladh cruinniú fíorúil amháin de Thascfhórsa na Calaoise Bia in 2020; tá an tascfhórsa seo faoi chathaoirleacht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Freastalaíodh ar Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia agus cruinnithe uair in aghaidh na ráithe
- Rinneadh comh-chathaoirleacht ar chruinniú amháin den Tascfhórsa Trasteorann ar Bhia agus ar Choiriúlacht Tuaithe
- Glacadh páirt in oibríochtaí ilghníomhaireachtaí, lena n-áirítear barántais chuardaigh a chur i gcrích i dtithe cónaithe ina rabhtas in amhras faoi chleachtais chalaoiseacha agus mhealltacha
- Chuir paidéim COVID-19 isteach i dtosach ar an rannpháirteachas le pobal na heolaíochta nuair a cuireadh comhdhálacha ar ceal, ach leanadh ar aghaidh leis an rannpháirteachas go fíorúil. I measc na ngníomhaíochtaí cuireadh trí pháipéar i láthair agus rinneadh cathaoirleacht ar sheisiún (ina bhfuarthas cuireadh) ag cruinnithe idirnáisiúnta; rinneadh trí chur i láthair ag cruinnithe náisiúnta; cuireadh póstaeir ag cruinnithe eolaíochta agus imeachtaí fíorúla. Mar chuid de Straitéis Eolaíochta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, lean eolaithe an Údaráis ar aghaidh le tacú le hinstiúidí tríú leibhéal trí 16 léacht a sheachadadh do mhic léinn bhunchéime agus iarchéime i 10 ollscoil agus instiúid teicneolaíochta.
- In 2020 leanadh de rannpháirtíocht leantach leis an Líonra Oiliúnóirí um Shábháilteacht Bia.

Cuspóir 3.3 Comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun cultúr sábháilteachta bia agus comhlíonadh thionscal bia na hÉireann a chothú agus a chur chun cinn

- Glacadh páirt in oibriúchán faoi stiúir na nGardaí a dhírigh ar sholáthar mídhleathach capall do mharú.
- Soláthraíodh tacaíocht theicniúil do Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Campylobacter na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, atá ag obair ar shábháilteacht na héineola a fheabhsú in Éirinn.
- Tháinig an Coiste Conartha Seirbhíse um Chomhsheasmhacht Forfheidhmiúcháin idir an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le chéile trí huair in 2020.
- Tugadh tacaíocht d'obair Bhia Deoch Éireann trí fhreastal ar thrí chruinniú fhíorúla, agus soláthraíodh trí achoimre de chuid an Údaráis i scríbhinn agus dhá chur i láthair ar cheisteanna rialála do Bhia Deoch Éireann
- Tháinig grúpaí earnáil tionscail agus bhia Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann – an Fóram Miondíola, Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia agus an Fóram Seirbhíse Bia le chéile go minic le linn 2020.
- Le linn 2020, thionóil an tÚdarás cruinnithe idirghabhála freisin leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus le grúpaí ionadaithe tionscail.
- Tháinig an coiste trasghníomhaireachtaí, an Coiste ar Iompórtáil Bia de Bhunús Neamhainmhíoch le chéile uair amháin in 2020 chun forfheidhmiúchán rialuithe iompórtála a chomhordú agus chun tacú leis sin.
- Bhí an tÚdarás rannpháirteach i gCoiste Stiúrtha Maoirseachta Náisiúnta COVID-19 faoi stiúir an FSS, a rinne maoirseacht ar ráigeanna COVID-19 i monarchana feola agus in ionaid oibre eile.
- Le linn 2020, mhéadaigh an tÚdarás a rannpháirteachas leis an gCoiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, comhfhóram le tionscal sliogéisc na hÉireann; cuireadh an rannpháirteachas seo i gcrích trí chruinnithe físchomhdhála a úsáid.

Cuspóir 3.4 Ár n-inniúlacht agus ár gcumas a fheabhsú trí obair le daoine eile chun tacú le bia sábháilte agus iontaofa do chách

- Ghlac an tÚdarás ról na rúnaíochta air féin maidir le grúpa na gCeann um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa. Reáchtáil an tÚdarás cruinniú den grúpa seo i gcomhar leis an Institiúid Fheidearálach um Mheasúnú Riosca, an Ghearmáin, Uachtaránacht na gCeann um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa. Lena chois sin, tá go leor de na baill foirne ina gcomhaltaí ar ghrúpaí oibre na gCeann um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa.
- Ghlac Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann páirt i dtionscnaimh páirtithe leasmhara tionscail amhail Scéim Deimhnithe Cáilíochta Bhord Bia, an Scéim um Printíseacht Bhúistéireachta de chuid Chumann Búistéirí Ceirde na hÉireann agus Cumann Gránach agus Bia Ainmhithe na hÉireann HACCP.

- Mhaoinigh an tÚdarás an clár ‘Eolaíocht agus Teicneolaíocht ag Obair’ agus d’fhorbair sé ceacht do dhaltáí meánscoile ar ailléirginí. Tá sé seo ag teacht lenár sprioc chun dul i bhfeidhm ar dhaltáí óga chun staidéar ar dhéanamh ar ábhair STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) de bharr go mbeidh siadsan ina n-eolaithe sna blianta atá romhainn.



Cuspóir 4 Barr feabhais eagrúcháin

Chun cumhacht a thabhairt dár bpobal, chun ár gcórais a threisiú, agus chun ár gcultúr a fhorbairt chun barr feabhais eagrúcháin a bhaint amach agus chun lánleas a bhaint as ár dtionchar

Cuspóir 4.1 Cultúr ardfheidhmíochta agus cumasaithe a chinntiú dár bpobal, atá tógtha ar nuálaíocht, comhluachanna agus obair foirne

- Ag tús phaindéim COVID-19 in Éirinn, ba iad treoirlínte agus teoracha an Rialtais go n-oibreodh daoine ón mbaile dá mb’fhéidir, is gearr go ndeachaigh an tÚdarás agus a fhoireann i dtaithí air seo agus ní hamháin gur sheachaid siad formhór obair bheartaithe an Údaráis don bhliain trína modhanna a leasú agus réitigh nuálacha a úsáid ach sheachaid siad méid suntasach obair bhreise fhrithghníomhach freisin. Bhí an tÚdarás in ann a phlean bainistíochta géarchéime a chur i ngníomh freisin, rud a tástáladh roimh dhianghlasáil phaindéim COVID-19.
- Tionóladh roinnt seisiúin faisnéise tionscadail i gcaitheamh na bliana. Aithnítear seisiúin faisnéise tionscadail mar phríomhuirlis chumarsáide chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí eagrúcháin nach gá go mbeadh aon bhaint dhíreach acu leo.
- Leanadh ar aghaidh le hobair ar luachanna an Údaráis - is é sin, ionracas, meas, díograis, trédhearcacht, obair foirne agus comhoibriú a neadú laistigh d’fhoireann na heagraíochta.
- Chuir an tÚdarás clár mionsonraithe chun cinn ag féachaint le timpeallacht oibre dhearfach, chomhoibríoch agus ardfheidhmíochta a fhorbairt tuilleadh. Áirítear leis seo freagairtí ó shuirbhé fhoireann 2018 a chur i bhfeidhm, ceardlanna téamúla a eagrú leis an bhfoireann ar fad, agus clár d’fhorbairt foirne, bainisteoirí agus cheannaireachta a chur i bhfeidhm. Ag deireadh 2020, rinneamar suirbhé nua foirne agus bainfear leas as torthaí an tsuirbhé chun an eagraíocht a fhorbairt tuilleadh sna blianta atá romhainn. Ina cheann sin, bhunaíomar coiste um comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú in 2020.
- Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais earcaíochta an Údaráis, cuireadh earcaíocht chun cinn i gcaitheamh na bliana, i gcomhréir le ceaduithe a fuarthas ón Roinn Sláinte. Rinneadh anailís ar bhearna scileanna, chomh maith le foghlaim agus pleananna forbartha foirne d’fhonn riachtanais eagrúcháin amach anseo a phleanáil.

- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais Acmhainní Daonna chun comhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta ábhartha agus dea-chleachtas a chinntiú.
- Cuireadh Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta an Státseirbhís i bhfeidhm agus neadaíodh é tuilleadh i gcóras Acmhainní Daonna an Údaráis trí dhul i mbun teagmhála go forleathan leis an bhfoireann d'fhonn treoir agus oiliúint a sholáthar chun a chinntiú go gcuirfear le feidhmíocht foirne agus aonair na heagraíochta.
- D'óstáil an tÚdarás roinnt mac léinn i gcaitheamh na bliana trasna gach réimse feidhmiúil.
- Bhí roinnt tionscnamh faoi Chreat Sláinte agus Folláine Life@FSAI, a d'fhorbair an Coiste Foirne agus ar thacaigh an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí leo, ar siúl le linn 2020. Áirítear leis na tionscnaimh seo seisiúin aireachais don fhoireann, ióga, rúiléid caife, Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, seiceálacha eirgeanamaíochta, dúshlán céimeanna, club leabhar agus gníomhartha neartaithe foirne.
- Tionóladh cruinnithe foirne rialta agus seimineáir foirne uair in aghaidh na ráithe i gcaitheamh na bliana. Lena chois sin, tháinig Foireann an Ceannaireachta Sinsearaí le chéile uair in aghaidh na seachtaine ar an meán chun ceisteanna a phlé agus chun cinntí a dhéanamh ar réimsí fíorthábhachtacha don eagraíocht. Tionóladh cruinnithe réimse feidhmiúil, cruinnithe foirne agus cruinnithe tionscadail freisin leis na foirne uile ar bhonn míosúil. Tionóladh cruinnithe rialta den Choiste Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireadh an clár oibre bliantúil i bhfeidhm. Tionóladh cruinnithe Coiste Foirne go rialta le linn 2020, rud a d'éascaigh plé oscailte ar cheisteanna líonmhara a bhí ábhartha don fhoireann.
- Rinneadh dul chun breise maidir leis an straitéis cumarsáide i gcaitheamh na bliana agus tá sí ríthábhachtach maidir le forbairt na heagraíochta.
- D'fhorbair an tÚdarás treoir maidir le cumarsáid eolaíochta; inar chuir sé físeáin ghearra amach ar thopaicí eolaíochta agus a ionchuir eolaíochta a scaipeadh trí LinkedIn agus ardáin eile meán sóisialta.

Cuspóir 4.2 Creat faisnéise láidir agus spriocdhírthe a sholáthar chun éifeachtúlachtaí inmheánacha a sheachadadh agus chun riachtanais páirtithe leasmhara agus custaiméirí a chomhlíonadh

- Le linn 2020, rinne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann nuashonrú ar fheidhmeanna forbartha bogearraí chun tacú le gníomhaíochtaí gnó d'fhonn riachtanais ghnó mhéadaithe agus atá ag athrú a chomhlíonadh.
- Rinneadh nuashonrú ar mheicníochtaí éagsúla a úsáideann an tÚdarás chun tacair sonraí áirithe a ullmhú agus a phróiseáil d'fhonn tuairisciú níos luaithe d'EFSA a chumasú, i gcomhréir leis na spriocanna molta atá i bhfeidhm maidir le sonraí 2020.
- Rinneadh athruithe agus feabhsuithe éagsúla ar phríomhchórais agus ar phríomhphróisis bailithe sonraí an Údaráis, d'fhonn tacú le páirtithe seachtracha an Údaráis leis na leasuithe nár mhór a dhéanamh ar chleachtas oibre mar gheall ar phaindéim COVID-19.
- Lean an tÚdarás ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le Straitéis Sonraí, agus roinnt obair chórais curtha i gcrích, mar aon le próisis éagsúla athbhreithnithe a phleanáil chun próisis agus creata bailithe sonraí reatha a fhorbairt agus a fheabhsú.

- Rinneadh nuashonrú ar go leor de na príomhbhunachair sonraí a éilíonn an tÚdarás chun a fheidhmeanna corparáideacha a chur i gcrích. Áiríodh leis seo an bunachar sonraí Iniúchóireachta Inmheánaí agus Feabhsúcháin Leanúnaigh, an bunachar sonraí le fiosruithe Líne Chomhairle Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a bhainistiú, agus bunachar Sonraí an Chórais Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, a úsáidtear chun foláirimh agus fógraí bia a bhainistiú agus a chur i dtoll a chéile.
- Bhainistigh an tÚdarás an córas fógartha bia athfhorbartha i gcomhréir leis na prionsabail a shainmhínítear laistigh de Straitéis Sonraí an Údaráis. Chuir an córas nua fógartha bia feabhas ar fheidhmiúlacht úsáideora deiridh agus cuimsítear leis cúram níos leithne chun faisnéis fógartha a ghabháil maidir le forbhianna agus bianna le haghaidh sainghrúpaí.
- Le linn 2020, lean an fhoireann ar aghaidh le córas bainistíochta ríomhdhoiciméid agus inlín an Údaráis, 'Ár Spás', a úsáid mar stór lárnach le haghaidh bainistíocht doiciméid agus mar uirlis inmheánach chumarsáide. Cuireadh rannóga ar leith ar bun d'fhoireann phaindéim COVID-19 a bhí ag obair go cianda, ina raibh comhairle, acmhainní agus noda ábhartha, ábhar folláine, faisnéis TF, agus acmhainní foghlama. Cuireadh rannóg ar bun freisin i gcomhair plé neamhfhoirmiúil i measc na foirne. Ba bhuntáiste mór é comhoibriú agus rannpháirteachas doiciméid don eagraíocht, go háirithe nuair a bhí an fhoireann ag obair go cianda.
- Dhírigh seirbhís leabharlainne an Údaráis ar sheachadadh feabhsaithe acmhainní leictreonacha dár bhfoireann atá ag obair go cianda.
- Tháinig laghdú ar líon na ngearán ó thomhaltóirí le linn 2020, láimhseáil an Líne Chomhairle breis agus 2,772 gearán ó thomhaltóirí. I measc na ngearán sin, bhain 34% acu le bia neamhoiriúnach agus bhain 30% acu le droch-chaighdeán sláinteachais.
- Dhéileáil Líne Chomhairle an Údaráis le 7,767 iarratas ó thionscal. Bhain cuid de na ceisteanna is coitianta le reachtaíocht ar riachtanais lipéadaithe bia; forbhianna, forbhianna, iarratais ar fhoilseachán, mar aon le faisnéis faoi Brexit agus faoi ghnólachtaí nuathionscanta bia.
- Tugadh freagra ar gach fiosrú ar Líne Chomhairle Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, i gcomhréir le Cairt Custaiméirí an Údaráis.

Cuspóir 4.3 Cinntiú go dtacaíonn ár struchtúir rialála le cinnteoireacht eolach agus fhreagrach a bhfuil ceannaireacht fhreagrach, próisis agus comhlíonadh bainistíochta riosca mar bhonn agus mar thaca aici

- Lean an tÚdarás ar aghaidh lena straitéis 2019 -2023 a chur i bhfeidhm, ag cinntiú gur dáileadh a acmhainní, a raibh tionchar ag paidéim COVID-19 orthu agus atá ag dul i dtaithí ar thimpeallacht oibre chianda ar fhógra gearr, ar mhodh éifeachtach agus iomchuí, d'fhonn lánleas a bhaint as tairbhí agus éifeachtaí na straitéise.
- Forbraíodh an plean gnó le haghaidh 2020 freisin agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte é le haghaidh comhairliúcháin agus comhaontú.

- Oibríonn an tÚdarás faoin gCód *Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit* (2016). Faoi threoir an Bhoird, lean an tÚdarás ar aghaidh leis an gCód a athbhreithniú, agus le comhlíonadh an Chóid a chinntiú, agus le tuairisciú ar a chomhlíonadh iomlán maidir leis an gCód. Comhaontaíodh an Comhaontú Maoirseachta/Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte.
- Chloígh an tÚdarás lena chreat bainistíochta riosca agus lean sé de bhainistíocht riosca a neadú i ngach gné dá phleanáil, dá sheachadadh agus dá ailíniú gnó chun cinnteoireacht a ghabháil chuige féin.
- D'fhoilsigh an tÚdarás *Straitéis Eolaíochta 2020-2024* agus d'fhorbair sé plan forfheidhmiúcháin chun scileanna a fhorbairt tuilleadh, an leas is fearr a bhaint as a láidreachtaí i sintéis eolaíochta do mheasúnú riosca, agus a thionchar a imirt chun go dtugtar faoi thaighde fíorthábhachtach ar shábháilteacht bia in Éirinn.
- Le linn 2020, fuair an tÚdarás 23 iarratas i dtaca le Saoráil Faisnéise agus seacht gCeist Pharlaiminte. Rinneadh seacht nochtadh chosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tugadh freagra ar gach iarratas i dtaca le Saoráil Faisnéise ar mhodh tráthúil agus de réir na reachtaíochta ábhartha.
- Lean an tÚdarás ar aghaidh leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 a comhlíonadh agus níor phróiseáil sé aon iarratas Rochtana Ábhair in 2020.

Cuspóir 4.4 Cultúr cáilíochta a neadú trí chinntiú go mbaineann córais, próisis agus nósanna imeachta na caighdeáin is airde amach

- Oibríonn an tÚdarás córas bainistíochta gnó chun barr feabhais eagraíochta, cáilíocht seirbhíse agus comhlíonadh *an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit* (2016) agus reachtaíochta ábhartha a chinntiú. Cinntíonn an córas bainistíochta gnó go sainaitnítear rioscaí agus deiseanna, go gcloítear le fócas ar chustaiméirí, agus go bhfuil cur chuige comhsheasmhach, bunaithe ar phróiseas mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíochtaí. I ndiaidh iniúchóireacht sheachtrach in 2020, cloíodh le deimhniú chuig an gcaighdeán cáilíochta idirnáisiúnta ISO 9001:2015.
- Chumasaigh an tÚdarás agus thacaigh le fórsa saothair lánghluaisteach trí sheachadadh tionscadail chaipitil TF ar scála mór le rolladh amach ríomhairí glúine úrscothacha, a chuir ar chumas na foirne obair go héifeachtach agus go comhoibríoch ón mbaile. Ina theannta sin, cuireadh ceadúnú agus feabhsuithe ar shaoráidí físchomhdhála i bhfeidhm, lena n-áirítear rolladh amach shraithe teicneolaíochta GoToMeeting, a chuir ar chumas bhaill foirne an Údaráis chun físchomhdhálacha a óstáil go cianda, mar aon le hobair ar chomhoibriú doiciméid agus cláir oiliúna cianda a sheachadadh do pháirtithe leasmhara fíorthábhachtacha.
- D'fhorbair an fhoireann TF an t-infreastruchtúr TF tuilleadh chun tacú le agus chun cur le gníomhaíochtaí gnó. Cuireadh é seo i gcrích trí úsáid a bhaint as croí-infreastruchtúr freastalaí; san áireamh san obair bhí uasghrádú crua-earraí agus bogearraí chun an dea-chleachtas a chomhlíonadh maidir le caighdeáin tionscail. Cuimsigh sé seo an t-ollstruchtúr cúltaca a athdhearadh agus a chuíchóiriú, rud a chuir le tagarmharcanna leanúnachais ghnó.

- Athfhorbraíodh príomhbhunachair sonraí de chuid an Údaráis chun anaithnidiú sonraí agus taifead a chuimsiú d'fhonn Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus riachtanais cosanta sonraí a chuimsiú.
- Cuireadh bearta breise i bhfeidhm chun an tÚdarás a chosaint ó chibirionsaithe, lena n-áirítear feabhsuithe teicneolaíochta agus cláir feasachta i measc na foirne. Tá sé seo ann ó tharla go bhfuil méadú ar líon na gcibirionsaithe ar fud an domhain ó bhog daoine go dtí obair chianda. Tharraing an fhaisnéis i dtaobh cibearfheasachta aird ar an gcaoi gurb iad na húsáideoirí an líne chosanta dheiridh agus ní mór dóibh a bheith airdeallach nuair a úsáideann siad córais chorparáideacha TF.
- Fuair an tÚdarás scór rátála ard ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar chuid dá thuairisceáin bhliantúla reachtúla fuinnimh. Tharraing tuarascáil Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann aird ar conas atá an tÚdarás ag obair chun a bheith ina eagraíocht atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus chuidigh an bogadh go dtí foirgneamh dé-óide astaithe solais san Exchange go mór leis an rátáil. Leanann an tÚdarás ar aghaidh le ról dearfach a imirt maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide iomlán de chuid an Rialtais trí rannpháirteachas foirne agus tionscnaimh a bhfuil éifeacht acu ar an timpeallacht.

Cuspóir 4.5 Aitheantas a fheabhsú maidir le féiniúlacht, tionchar agus cáil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i measc bailil foirne, páirtithe leasmhara agus custaiméirí

- Cuireann gníomhaíochtaí leanúnacha preasa lena aitheanta agus atá an eagraíocht agus le feasacht ar obair an Údaráis.
- Labhraíonn foireann an Údaráis go rialta ag imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina theannta sin, in 2020, bhog an Údarás a imeachtaí ar fad go dtí ardán ar líne. Chuir sé seo ar chumas na heagraíochta grúpaí níos mó a shroicheadh ar bhealach a bhfuil rochtain níos fearr air.
- Tá meas agus luach ar an Údarás dá fhaisnéis agus saineolas i réimse na sábháilteachta bia mar gheall ar rannpháirteachas rialta ó pháirtithe leasmhara.
- Ligeann láithreach ghníomhach an Údaráis ar na meáin shóisialta dó cumarsáid dhébhealach a éascú lena pháirtithe leasmhara. In 2020, chuir an tÚdarás Instagram lena bhealaí meán sóisialta. Cuireann sé seo ar a chumas a bheith ábhartha agus bualadh lena pháirtithe leasmhara ar ardán na meán sóisialta a gcaitheann siad am orthu.
- Leanann an tÚdarás de thionchar a imirt ar an bpobal domhanda sábháilteachta bia trí fhoilseacháin eolaíochta den chéad scoth a fhoilsiú.

- Feidhmíonn Líne Comhairle phras agus fhreagrach an Údaráis mar phointe teagmhála úsáideach don tionscal, do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara eile.



Aguisín 1 Comhaltaí na bhFóram Tionscail

Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia, 2020

An tUasal John Matthews
(Cathaoirleach)

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An tUasal Darina Allen

Mallbhia Éireann, Scoil Chócaireachta
Bhaile Mhaolmhuidh

An tUasal Sally Barnes

Woodcock Smokery

An tUasal Eoin Bird

The Wooded Pig

An tUasal John Brennan

Ionad Orgánach Liatroma

An tUasal Kevin Brennan

Teagasc

An tUasal William Cleary

Beachaire

An tUasal Jeffa Gill

Durrus Cheese

An tUasal Simone Kelly

The Rocket Man Café

An tUasal Sean Kent

Saineolaí ar Éanlaith Chlóis

An tUasal Donal Lehane

Cathaoirleach ar Ghrúpa Bia Pobail

An tUasal David Lang

Cumann Búistéirí Ceirde na
hÉireann

An tUasal Jane Murphy

Cáis

An tUasal Mary Regan

Regan's Organic Farm

An tUasal Dearbhla Reynolds

The Cultured Club

An tUasal Declan Ryan

Arbutus Breads

An tUasal Elisabeth Ryan

Independent Micro Breweries

An Fóram Seirbhíse Bia, 2020

An tUasal Dorothy Guina-Dornan
(Cathaoirleach)

Údarás Sábháilteachta Bia
na hÉireann

An tUasal Lana McGinn

Gather and Gather

An tUasal Louise Collins

Eddie Rocket's (IRL) Limited

An tUasal Pat Crotty

Cónaidhm Fíoncheannaithe
na hÉireann

An tUasal Adrian Cummins

Cumann Bialann na hÉireann

An tUasal Martina Donohoe

Aramark

An tUasal Adam Heyes

Subway Ireland

An tUasal Louise Hickmott

McDonald's Restaurants of Ireland

An tUasal Mary Flynn

Cumann na mBainisteoirí
Lónadóireachta

An tUasal Conor O'Kane

Cónaidhm Óstán na hÉireann/
Clayton Hotels

Eoghan McLoughlin

Seirbhís Phríosúin na hÉireann

An tUasal Manuela Spinelli

Euro-Toques Ireland

An tUasal Helen Statham (*a thosaigh i Meán Fómhair 2020*)

KFC

An Fóram Miondíola, 2020

An tUasal Dorothy

Guina-Dornan (Cathaoirleach)

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An tUasal Lucy O'Connor (a

ghlac áit Ray Bowe Eanáir 2020)

Musgrave Retail Partners
Ireland

An tUasal Stephen Browne

Miondíol Éireann/Cónaidhm
Ghnólachtaí agus Fhostóirí
na hÉireann

An tUasal Katie Creamer

Aldi

An tUasal Tara Buckley

Comhlachas Miondíoltóirí, Earraí
Grósaeireachta agus Déiríochta
agus a gComhthrádálaithe

An tUasal Jenni O'Brien

Avoca

An tUasal Gareth Coburn

Pallas Foods

An tUasal Mary Daly

Dunnes Stores

An tUasal Elaine Clohosey

BWG Foods

An tUasal Jonathan Halls

Boots

An tUasal Aoife Noonan

Lidl Ireland

An tUasal Lynda Kenny

Musgrave Wholesale/Daybreak

An tUasal Rob McEvoy

Circle K

An tUasal Aisling McGough

Tesco Ireland

An tUasal Sharon Murphy

Barry Group

Mr Ben McGinn

Gala Retail

An tUasal Neil Spreadbury

Iceland Foods

An tUasal Anna Calvert

Marks & Spencer

An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, 2020

An tUasal David Lyons/An tUasal Christine King (Cathaoirleach)

Údarás Sábháilteachta Bia na
hÉireann

An tUasal Dave Clarke/An tUasal Conor Duffy/An Dr Jeffrey

Fisher/An Dr Sinead Keaveney/
An tUasal Joe Silke/An tUasal
Patrick Costello

Foras na Mara

An tUasal Patricia Daly/An tUasal Vicky Lyons/An tUasal Geoff Robinson/An tUasal Joanne Gaffney/An tUasal John Hackett

Bord Iascaigh Mhara

An tUasal Paul Duane/An tUasal Brian Nolan/An tUasal Bernard O'Donovan/ An Dr Micheál O'Mahony/An tUasal Aileen O'Sullivan

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

An tUasal Teresa Morrissey/An tUasal John Harrington/An tUasal Pat Mulloy/ An tUasal Finian O'Sullivan/An tUasal Kian Louet-Feisser/An tUasal Des Moore/An tUasal Nadia Ferguson

Cumann Sliogéisc na hÉireann agus an
Tionscal Próiseála

An tUasal Valerie Hannon/An tUasal Kate Harrington/An tUasal Maeve O'Reilly/An tUasal Claire Cremin/An tUasal Marie Feehan

Uisce Éireann

An tUasal Paul Hickey

Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte

An tUasal Sarah McLean

Gníomhaireacht na Lochanna

An tUasal Liam Ó Súilleabháin

An Ghníomhaireacht um
Chaomhnú Comhshaoil

Aguisín 2 Comhaltaí na bhfochoistí eolaíocha

An Coiste Sábháilteachta Bitheolaíochta, 2020

An Dr Geraldine Duffy
(Cathaoirleach)

Teagasc

An Dr Declan Bolton

Teagasc

An tOllamh Martin Cormican

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh;
Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte

An tUasal Catherine Foye

Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte

An Dr Patricia Garvey

Ionad um Fhaireachas ar Chosaint
Sláinte

An tUasal John Griffin

An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara

An tUasal Bernadette Hickey

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Dr Kieran Jordan

Teagasc (ar scor)

An Dr Eleanor McNamara

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Dr Joanne O’Gorman

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Dr Micheál O’Mahony

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

An Dr Helen O’Shea

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

An Dr Margaret O’Sullivan

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An tUasal Ray Parle

Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte

An tUasal Kilian Unger

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus
Mara

Cum. An tOll. Theo de Waal

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha
Cliath

An Dr Paul Whyte

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha
Cliath

An tUasal Vincent Young

Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte (ar scor)

An Fochoiste um Shábháilteacht Cheimiceach, 2020

An Dr Michael O Keeffe
(Cathaoirleach)

Saineolaí ar Iarmhair

An Dr Gabriel Beechinor

An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte

An tUasal Alan Breen

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Dr Nigel Brunton

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Claire Chambers

Saineolaí Tocsaineolaí

An tUasal Catherine Cosgrove

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An tOll. Enda Cummins

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Martin Danaher

Teagasc

An Dr Edel Duggan

Ionad Eolais na Nimheanna Náisiúnta, Ospidéal Beaumont

An tUasal John Keegan

Saotharlann an Anailísí Phoiblí, Baile Átha Cliath (ar scor)

An tOllamh Joe Kerry

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

An tUasal Ita Kinahan

An tSaotharlann Stáit

An Dr Evin McGovern

Foras na Mara

An Dr Declan McKernan

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cum. An tOll. Tara McMorrow

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Breige McNulty

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Dr John Moriarty

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An tUasal Joe Silke

Foras na Mara

An Dr Finbarr O'Regan

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Fochoiste um Chothú Sláinte Poiblí, 2020

An tUasal Ita Saul (Cathaoirleach)

Ospidéal Mhuire na Leanaí,
Cromghlinn (ar scor)

Dr Teresa Bennett

Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte

Cum. An tOll. Clare Corish

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha
Cliath

An tOllamh Albert Flynn

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

An Dr Eileen Gibney

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha
Cliath

An tOllamh Mairead Kiely

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

An tOllamh Barbara Livingstone

Ollscoil Uladh (ar scor)

An tOllamh Fionnuala McAuliffe

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Sinéad McCarthy

Teagasc

An tOllamh Malachi McKenna

Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann,
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An tOllamh Helene McNulty

Ollscoil Uladh

An Dr Emeir McSorley

Ollscoil Uladh

An Dr Anne Nugent

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath;
Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

An Dr Claire O'Brien

Cumann Ailse na hÉireann

An Dr Dilip Rai

Teagasc

An Dr Janette Walton

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

An tOllamh Mary Ward

Ollscoil Uladh

An Dr Katherine Younger

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha
Cliath

Fochoiste Ad Hoc ar Fheamainn, 2020

An tOllamh Brian McKenna (Cathaoirleach)

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha
Cliath (ar scor)

An tOll. Dagmar Stengel

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An Dr Jenny Smith

Foras na Mara

An Dr Evin McGovern

Foras na Mara

An Dr Liam Morrison

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An tUasal Lucy Watson

Bord Iascaigh Mhara

Dr Marco García-Vaquero

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Maria Hayes

Teagasc

An tUasal Mary Cullen

Saotharlann an Anailísí Phoiblí,
Corcaigh

An tUasal Willie Ryan

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Dr Pat O'Mahony

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An tUasal Faye Clarke

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An Dr Christina Tlustos

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An Dr Cormac McElhinney

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An Dr Cristina Arroyo-Casabona

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An tUasal Mohammed Sohail,

Mac léinn, An Coláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath

Fochoiste Ad Hoc ar MAP agus Ghalar Crohn

**An Dr Donal Sammin
(Cathaoirleach)**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Dr Mark Fenelon

Teagasc

An Dr Margaret O Sullivan

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An tOllamh Stephen Gordon

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Glen Doherty

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann

An tOllamh Tom Rogers

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Saotharlann Tagartha Míceabhaictéir na hÉireann, Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath

An Dr Kevin Kenny

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An tUasal Joe O'Flaherty

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Dr Carina Brehony

Saotharlann Sláinte Poiblí, an tIonad um Fhaireachas ar Chosaint Sláinte

An Dr Louise Britton

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An tUasal Timothy O'Donnell

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An tUasal John Matthews

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An Dr Cristina Arroyo-Casabona

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Aguisín 3 Ráiteas faoi Leasanna na gComhaltaí Boird, an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch (1/01/2020 – 31/12/2020)

Comhalta boird	Leas tráchtála		Leas neamhtráchtála	
	Ainm na heagraíochta	Cineál an leasa	Ainm na heagraíochta	Cineál an leasa
An tOllamh Francis Butler	Coiste Comhairleach ar Sábháilteacht Micribhitheolaíochta Bia, an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia, an Ríocht Aontaithe	Tuairim is ceithre chruinniú in aghaidh na bliana	Nialas	–
An tUasal Ciaran Byrne	Summerford DAC	Stiúrthóireacht	Nialas	–
An tUasal Mary Cullen	Nialas	–	Nialas	–
An tUasal Derek Cunningham	Nialas	–	Nialas	–
An tOllamh Albert Flynn	Nialas	–	Institiúid Idirnáisiúnta Eolaíochtaí na Beatha (Institiúid Idirnáisiúnta Eolaíochtaí na Beatha) an Eoraip Deontais taighde (3) Deontais taighde (1)	Comhalta, an Bord Stiúrthóirí An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Fiontraíocht Éireann
An Dr Clíodhna Foley-Nolan	Nialas	–	Nialas	–
Martin Higgins	Nialas	–	Nialas	–
An tUasal Gerard McCurdy	Nialas	–	Nialas	–
An tUasal Margaret Moran	Nialas	–	Arthur Cox Solicitors	Tá ball teaghlaigh amháin fostaithe faoi láthair mar chomhpháirtí ag Arthur Cox (Comhairleoirí Dlí d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann)
An tUasal Ros O'Shea	Nialas	–	Nialas	–
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin				
Dr Pamela A Byrne	Nialas	–	Nialas	–

Comhalta an Choiste Eolaíoch	Leas tráchtála		Leas neamhthráchtála	
	Ainm na heagraíochta	Cineál an leasa	Ainm na heagraíochta	Cineál an leasa
An tUasal Paula Barry Walsh	Nialas	–	Nialas	–
An tOllamh Kevin Cashman	Nialas	–	Nialas	–
An Dr PJ Cullen	Teicneolaíochtaí PlamaLeap	POF agus scairshealbhóir	Teicneolaíochtaí PlamaLeap	Tá ball teaghlaigh amháin fostaithe ag an gcuideachta seo
An Dr Geraldine Duffy	Nialas	–	Nialas	–
An tOllamh Albert Flynn	Nialas	–	ILSI (Institiúid Idirnáisiúnta Eolaíochtaí na Beatha) na hEorpa Deontais taighde (3) Deontais taighde (1)	Comhalta, an Bord Stiúrthóirí An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Fiontraíocht Éireann
An Dr Mark Fenelon	Nialas	–	Nialas	–
An tUasal John Keegan	Nialas	–	Nialas	–
An tOllamh Brian McKenna	Ní bhfuarthas aon fháltas	–	Ní bhfuarthas aon fháltas	–
An Dr Eleanor McNamara	Nialas	–	Nialas	–
An Dr Michael O Keefe	Nialas	–	Nialas	–
An Dr Margaret B O’Sullivan	Nialas	–	Nialas	–
An tUasal Redmond (Ray) Parle	Nialas	–	Nialas	–
An Dr Dónal Sammin	Nialas	–	Nialas	–
An tUasal Ita Saul	Nialas	–	Nialas	–

Aguisín 4 Beathaisnéisí na gComhaltaí Boird

1



2



3



4



5



6



7



8



9



10



1. Martin Higgins

2. An tUasal Ciaran Byrne

3. An tUasal Mary Cullen

4. An tUasal Derek Cunningham

5. An tOllamh Albert Flynn

6. An tUasal Margaret Moran

7. An tUasal Ros O'Shea

8. An tUasal Gerry McCurdy

9. An Dr Clíodhna Foley-Nolan

10. An tOllamh Francis Butler

1. Martin Higgins (Cathaoirleach)

Bhí Martin Higgins ina Phríomhfheidhmeannach bunaidh de *bhia sábháilte*, an bord uile-oileáin um chur chun cinn na sábháilteachta bia, agus stiúir sé an eagraíocht óna bunú in 1998 go dtí gur éirigh sé as in 2014. Roimhe sin ba é an chéad Stiúrthóir ar na Seirbhísí Corparáideacha in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus bhí sé ina Phríomhoifigeach roimhe sin sa Roinn Sláinte, ag sainfheidhmiú i gcúrsaí airgeadais agus i rialachán gníomhaireachtaí sláinte. Tá cáilíochtaí gairmiúla aige sa chuntasaíocht, rialachán idirnáisiúnta agus rialachas agus is idirghabhálaí cáilithe agus cóitseálaí feidhmiúcháin agus ceannaireachta é. Tá sé ina Chomhalta ar an Institiúid Bainistíochta Cairte. San am a chuaigh thart bhí sé ina chomhalta boird ar Bhord Leigheasra na hÉireann agus ar Coru – rialtóir na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta. In 2015 ceapadh é ar Bhord Altranais agus Cnámhseachais na hÉireann. Déanann sé cathaoirleacht faoi láthair ar Choiste Iniúcháireachta an Bhoird Pleanála, ar an mBord Taighde Sláinte, agus ar an bPríomh-Oifig Staidrimh.

2. An tUasal Ciaran Byrne

D'fhóin an tUasal Ciaran Byrne mar chomhalta d'Fhóram Sláinte Réigiúnach FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt (2009-2011), d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (2011-2014) agus den Choiste Bainistíochta Riosca. Agus é ina ionadaí poiblí ar Chomhairle Contae Fhine Gall (2001-2014), bhí sé ina Mhéara in 2009/10, ina chomhalta de Choiste Iniúcháireachta na Comhairle (2011-2014), agus ina chomhalta den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord Forbartha Contae Fhine Gall (2004-2009). Bhí sé ina Chathaoirleach chomh maith ar Chomhpháirtíocht Ceannairí Fhine Gall (2009-2011). Bhí sé ina chomhalta bunaidh ar Bhord Fhiontraíocht agus Ionad Oiliúna Bhaile Brigín (2000-2014). D'oibrigh sé sa tSeirbhís Dheonach Thar Lear (Voluntary Service Overseas) i Londain, in innealtóirí bogearraí Glockenspiel agus mar chomhpháirtí i gcomhairleoirí bainistíochta STS i mBaile Átha Cliath. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Staidéar Eacnamaíoch agus Sóisialta) é agus tá céimeanna mháistreachta aige san eolaíocht, sna dána agus sna meáin ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

3. An tUasal Mary Cullen

Cuntasóir Cairte is ea an tUasal Mary Cullen. D'fhreastail sí ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar a ndearna sí staidéar ar Staidéar Gnó, Eacnamaíochta agus na Staidéir Shóisialta (BESS) agus thosaigh sí ag obair le Price Waterhouse, PwC anois, ina dhiaidh sin. Bhí roinnt ról bhainistíochta sinsearaí aici le PwC, lena n-áirítear freagracht as cúrsaí rúnaíochta comhpháirtíochta agus cuideachta agus gnóthaí páirtithe. Tá sí ina comhalta de Chistí Pinsean Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) agus tá sí ina hiarchomhalta de Bhord Forais an RDS. Is comhalta boird í d'Ospidéal Príobháideach Leighis Chairte agus is comhalta í de Choiste Iniúcháireachta Oifig an Ard-Aighne. Roimhe sin, bhí sí ina Comhalta Boird ar Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath. Bhí sí ina Cathaoirleach ar Bhord Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí, Baile Átha Cliath agus ina Comhalta Boird d'Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath.

4. An tUasal Derek Cunningham

Is comhairleoir cumarsáide é an tUasal Derek Cunningham. Roimhe seo, bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta ar an iar-Thánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, agus ina Cheann Cumarsáide le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann. Is iar-iriseoir é le teilifís agus raidió RTÉ. Is céimí é de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'fhóin sé ar Ghrúpa Comhairleach de chuid Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana/Éisteachta RTÉ.

5. An tOllamh Albert Flynn

Tá an tOllamh Albert Flynn, B.Sc., Ph.D. (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh), ina Ollamh le Cothú sa Roinn Eolaíochtaí Bia agus Cothaithe sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh. D'fhóin sé ar dhámh na hOllscoile ó 1981, agus ó 1993-1996 bhí sé ina Dhéan ar Dhámh na hEolaíochta & Teicneolaíochta Bia. Chuir sé a lán foilseachán amach ar chothú an duine, ar an tsláinte phoiblí agus ar shábháilteacht bia, maidir le raon topaicí lena n-áirítear iontógáil cothúcháin agus stádas grúpaí daonra, measúnú riosca um shábháilteacht bia, foirtiliú bia agus measúnú idir riosca is tairbhe ar chothaithigh. Tá taithí fhairsing aige maidir le comhairle eolaíoch a sholáthar ar cheisteanna i dtaca le cothú an duine agus sábháilteacht bia a bhaineann le beartas agus rialú bia. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair ar Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. D'fhóin sé freisin mar chomhalta de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa, agus mar Chathaoirleach ar a Phainéal um Tháirgí Diaitéitice, Cothú agus Ailléirgí ó 2003 go 2012 agus mar chomhalta de Choiste Eolaíoch an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Bia ó 1997 go 2003. Athcheapadh an tOllamh Flynn ar an mBord ar an 21 Aibreán, 2015.

6. An tUasal Margaret Moran

Bhí Margaret Moran ina Ceann ar an Roinn Eacnamaíochta Baile agus ina Léachtóir ar an Staidéar Bia in iar-Choláiste Oideachais Naomh Cairtriona um Eacnamaíocht Bhaile. Chuir sí seirbhísí comhairleacha ar fáil le blianta fada do Fáilte Éireann agus d'oibrigh sí mar Chomhairleoir Bia Réigiúnach le Bord Bia. Áirítear ar a cáilíochtaí iarchéime MSc i dTalmhaíocht (Eolaíocht Bia) ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Teastas i Sábháilteacht Bia ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Diplóma i mBeartas Bia ó City, Ollscoil Londan, agus Teastais Ardscileanna Cócaireachta ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá sí ina comhalta den Fhondúireacht Idirnáisiúnta um Eacnamaíocht Bhaile agus bhí sí ina cathaoirleach roimhe seo ar an gCoiste um Chlár Slándála Bia agus Cothaithe. Cuireann sí seirbhísí comhairleachta ar fáil faoi láthair d'institiúidí agus d'eagraíochtaí éagsúla laistigh den oideachas do mhúinteoirí, breisoideachas agus oideachas do thomhaltóirí.

7. An tUasal Ros O'Shea

Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, neamhspleách í an tUasal Ros O'Shea a bhfuil a lán taithí aici ar earnálacha airgeadais, poiblí agus carthanachta, ar a n-áirítear seal le Bank of Montreal Ireland plc, cistí BlackRock na hÉireann agus Teach Pieta. Tá sí ina cathaoirleach ar Líonra Céimithe PwC in Éirinn. Is comhpháirtí í le Board Excellence Teo, comhlacht comhairliúcháin a sholáthraíonn comhairle agus oiliúint cheannaireachta maidir le rialú, cultúr, riosca agus comhlíonadh, agus tá sí ina léachtóir ar na topaicí seo i Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD, agus an Institiúid Baincéireachta. Roimhe seo, bhí gairm an-rathúil aici, thar 20 bliain beagnach, le dhá cheann de na cuideachtaí is mó in Éirinn: CRH plc, mar a raibh sí ina Ceannaire ar Chomhlíonadh agus Eitic Grúpa, agus Smurfit Kappa Group plc. Tá céimeanna máistreachta céad onóracha sa ghnó aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, tá dioplóma aici sa Rialachas Corparáideach ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit de chuid Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ina comhlach san Institiúid Cánach agus tá sí ina comhalta in Institiúid na gCuntasóirí Cairte, i ndiaidh di a hoiliúint a fháil le PwC. Chríochnaigh sí Clár Oiliúnóra Máistir i bhForas Bainistíochta na hÉireann, tá dioplóma aici in Airgeadas Aerárthaí agus i Léasú ó Dhlí-Chumann na hÉireann, is céimí den chlár Value Creation through Effective Boards i Scoil Ghnó Harvard, agus is Stiúrthóir Deimhniú Bainc í mar a shonraítear de réir Institiúid na Baincéireachta. Lena chois sin, is í údar an leabhair *Leading with Integrity: A Practical Guide to Business Ethics* agus scríobhann sí go rialta sna nuachtáin agus sna meáin chlóite ar thopaicí ábhartha.

8. An tUasal Gerry McCurdy

Tá breis agus 40 bliain taithí ag an Uasal Gerry McCurdy ag obair i dtimpeallacht rialála agus beartais agus é ag plé le sábháilteacht bia, sláinte phoiblí agus cosaint tomhaltóirí. Bhain sé a cháilíochtaí mar oifigeach sláinte comhshaoil amach in Ollscoil Uladh in 1978 agus bhain sé Máistreacht Eolaíochta amach in 1991. Bhí roinnt poist shinsearacha aige i rialtas áitiúil agus lárnach agus bhí ról fíorlárnach aige maidir leis an nGníomhaireacht Caighdeán Bia i dTuaisceart Éireann. Mar stiúrthóir Thuaisceart Éireann den Gníomhaireacht Caighdeán Bia d'fhorbair sé dlúthchaidreamh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. I ndiaidh dó dul ar scor in 2013, d'oibrigh an tUasal McCurdy mar chomhairleoir sábháilteachta bia d'Fhoras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, agus don Bhanc Domhanda, ar thionscadail sa Bhoisnia agus sa Bhanglaidéis. Tá taithí fhairsing ag an Uasal McCurdy ag leibhéal an Bhoird ó tharla go raibh sé ina Chomhalta roimhe seo den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an Údarás Rialála, Cáilíochta agus Feabhsúcháin. Faoi láthair tá sé ina Leas-Phríomhchoimisinéir ar Choimisiún Carthanachta le haghaidh Thuaisceart Éireann agus ina Chomhalta Boird ar Chomhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann. Tá sé ina chomhalta freisin ar a gcoiste Iniúcháireachta agus riosca faoi seach.

9. An Dr Cliodhna Foley-Nolan

Tá an Dr Cliodhna Foley-Nolan MB, BCh, BAO, DCH, DObs, MPH, FFPHM ina Comhairleoir i Leigheas Sláinte Poiblí. D'oibrigh sí mar Stiúrthóir um Shláinte an Duine agus Cothú in *safe food* (an Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia) agus mar Speisialtóir i Leigheas Sláinte Poiblí i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá céim sa leigheas ag an Dr Foley-Nolan ón gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus tá Máistreacht i Sláinte Phoiblí aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ina Comhalta le Roinn an Leighis Sláinte Poiblí i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. Tá an Dr Foley-Nolan ina Léachtóir Sinsearach sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh agus is oiliúnóir agus scrúdaitheoir í i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. D'fhóin sí ar roinnt grúpaí comhairleachta náisiúnta, lena n-áirítear an Grúpa Comhairleach Náisiúnta ar SEIF, mar aon le grúpaí comhairleacha ar eitinn, sláinte i measc inimirceach, tearcrochtain bhia, agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhicróbach. D'fhóin sí ar Bhoird Chomhairle Tréidliachta na hÉireann, grúpaí beartais i leith murtaill i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann, Dámh an Leighis Sláinte Poiblí i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn; agus Ionad an Bhoird Taighde Sláinte um Thaighde Sláinte agus Cothaithe.

10. An tOllamh Francis Butler

Is Príomhthaipeoir é an tOllamh Francis Butler san Institiúid um Ghnó Bia agus Sláinte, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus san Ionad um Shábháilteacht Bia, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina Cheann Ábhair in Innealtóireacht Bithchóras i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Baineann a phríomhthaipe le sábháilteacht bia le fócas ar leith ar chórais thraidisiúnta agus ar mheasúnú riosca cainníochtúil i leith guaiseacha micribhitheolaíochta agus ceimiceacha i mbianna. Comhordaíonn an tOllamh Butler an MSc i Sábháilteacht Bia agus Anailís Riosca i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Stiúir sé roinnt measúnuithe ar riosca bia micróbach cainníochtúil, agus chuir sé ábhar nuálach ar fáil maidir le tréithriú dáilte micróbacha i mbia agus le forbairt straitéisí samplála nuálacha d'éilleáin i mbianna. Tá sé ag stiúradh tionscadail faoi láthair trí úsáid a baint as teicnící micribhitheolaíochta móilíneacha chun foinsí agus cúrsaí a shainiú maidir le tras-seoladh pataiginí tríd an mbiashlabhra. Áirítear i measc a suimeanna taighde eile ionracas an bhiaslabhra agus inrianaitheacht bianna. D'fhoilsigh an tOllamh Butler breis agus 150 foilseachán in irisí measúnaithe, mar aon le 100 páipéar measúnaithe i nósanna imeachta comhdhálacha idirnáisiúnta agus breis agus 150 cur i láthair breise ó chomhdhálacha náisiúnta agus cur i láthair ceardlainne eile. Chomardaigh sé nó bhí sé ina chomhpháirtí ar níos mó ná 30 tionscadal taighde, lena n-áirítear ceithre chreat-tionscadal an Aontais Eorpaigh. Chuir sé oiliúint ar fhoireann shuntasach taighdeoirí agus scoláirí, lena n-áirítear 20 mac léinn a bhain PhD amach agus 13 mac léinn máistreachta taighde, mar aon le 14 taighdeoir lardhochtúireachta. D'fhóin sé ar roinnt cruinnithe saineolaithe de chuid Fhoras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus na hEagraíocht Domhanda Sláinte ar mheasúnú riosca micribhitheolaíochta. Sular thosaigh sé ag obair le Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, d'oibrigh an tOllamh Butler i mbainistíocht táirgeachta i dtionscal déiríochta na hÉireann.

Ráiteas Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2020

Innéacs a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Ráiteas maidir le Rialú agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	94
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	99
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	103
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020	107
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail 31 Nollaig 2020	108
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020	109
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	110

Ráiteas maidir le Rialú agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

Rialú

Bunaíodh Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 31 den Acht. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ceannasaíochta sinsearaí freagrach as gnáthbhainistiú, rialú agus treoir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ní mór don POF agus don fhoireann ceannasaíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan a leagann an Bord amach a leanúint agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a thiocfaidh chun cinn is dócha. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí gach duine a bhaineann le gníomhaíocht an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais i gcomhair comhaltaí Boird, an Chathaoirligh, an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Rúnaí.

Leagann an Cód amach freisin na saincheisteanna atá le cinneadh go sonrach ag an mBord. San áireamh sna ceisteanna buana a ndéanann an Bord iad a mheas tá:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais.cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair forchoimeáda

Ceanglaítear ar Bhord an Údaráis leis an Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, Alt 26 (5), ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm agus modh a d'fhaomhadh an tAire Sláinte le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus gach cuntas airgid is cuí agus is gnách a fuair sé agus a chaith sé a choinneáil.

Ceanglaítear ar an Údarás Sábháilteachta Bia na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás

nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh sé i mbun oibre; agus

- a shonrú cibé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi réir aon neamhchomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Dearbhaíonn an Bord gur chomhlíon sé na riachtanais thuasluaite maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú. Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chuí a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, a staid airgeadais lena cuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht. Tá freagracht ar an mBord as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Údarás Sábháilteachta Bia. Le linn 2020, tharraing an Bord aird ar dhúshláin shuntasacha maidir le cinntiú go gcomhlíonfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a dhualgais reachtúla agus rialála go léir, laistigh dá leithdháileadh maoinithe, don Roinn Sláinte, a bhfuil sé ag dul i mbun teagmhála léi fós ar an ábhar seo.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Tá measúnú á dhéanamh go leanúnach ar fheidhmíocht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann trí thagairt dá phlean gnó bliantúil agus dá bhuiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais an Údaráis léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2020 seachas i gcás neamhchomhlíontacht maidir le riachtanais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir, arna threorú ag an Aire Sláinte. D'fhaomh an Bord síniú an ráitis sin agus na ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 ar 22 Meitheamh 2021

Tá Cathaoirleach agus naonúr ngnáthchomhalta ar an mBord, ceapann/ athcheapann an tAire Sláinte iad ar fad. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse 3 nó 5 bliana agus tagann siad le chéile 6 huairé in aghaidh na bliana.

Sonraíonn an tábla thíos an tréimhse cheapacháin i gcomhair comhaltaí a thug seirbhís i gcaitheamh na bliana.

Comhaltaí Boid	Ról	Dáta Ceaptha	An dáta is déanaí	Sonraí breise
Martin Higgins	Cathaoirleach	Feabhra 2013 (gnáthchomhalta)	Ceapadh ina Chathaoirleach é i bhFeabhra 2018	
An tOllamh Albert Flynn	Gnáthchomhalta	Feabhra 2003	Feabhra 2015	Deireadh an téarma Nollaig 2020
An tUasal Margaret Moran	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2014	Meitheamh 2017	Deireadh an téarma Meitheamh 2020
An tUasal Ciaran Byrne	Gnáthchomhalta	Iúil 2014	Iúil 2017	Deireadh an téarma Iúil 2020
An tUasal Derek Cunningham	Gnáthchomhalta	Feabhra 2013	Meitheamh 2016	–
An tUasal Ros O'Shea	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	–	–
An tUasal Mary Cullen	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	–	–
An tOllamh Francis Butler	Gnáthchomhalta	Bealtaine 2019	–	–
An tUasal Gerard McCurdy	Gnáthchomhalta	Bealtaine 2019	–	–
An Dr Clíodhna Foley-Nolan	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2019	–	–

Le linn 2020 chuir an Bord suirbhé éifeachtúlachta i gcrích a d'fhéach le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird, láidreacht a phróiseas agus a struchtúr cumasaithe mar aon lena oibleagáidí faoin aguisín ar chothromaíocht inscne, éagsúlacht agus feidhmíocht. Rinne an Bord athbhreithniú ar an tuarascáil a tháinig i ndiaidh an tsuirbhé ag a chéad chruinniú in 2021.

Cothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig, bhí triúr chomhaltaí ina mná (43%) agus ceathrar comhaltaí (57%) ina bhfir, agus bhí folúntas ann le haghaidh triúr comhaltaí. Comhlíonann an Bord mar sin sprioc an Rialtais le haghaidh ionadaíocht íosta 40% i gcomhair gach inscne i mballraíocht Bord Stáit.

Tá na bearta thíos a leanas á mbeartú chun tacú le agus chun cloí le cothromaíocht inscne ar an mBord seo:

- Iarradh ar an Aire chun machnamh a dhéanamh ar riachtanais an aguisín leis an gCód Cleachtais chun a chinntiú go gcloífidh an tÚdarás le cothromaíocht inscne agus chun feabhas a chur ar éagsúlacht agus ionchuimsiú nuair a ainmnítear ceapaithe maidir le folúntais comhaltaí ar an mBord.

Bhunaigh an Bord trí fhochoiste, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha, agus an Coiste Forbartha Páirtithe Leasmhara.

Tá triúr comhaltaí boird agus comhalta neamhspleách ar an gCoiste Iniúcháireachta

agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord i dtaca lena fhreagrachtaí i dtaobh ceisteanna riosca, rialála agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais inmheánacha rialála lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: an tUasal Mary Cullen (Cathaoirleach), an tUasal Gerry McCurdy agus an tUasal Fergal Ó'Briain (a ceapadh in Eanáir 2020). Tionóladh 4 chruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2020.

Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha. Is é ról an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha meicníocht iomchuí a cheapadh agus a chur chun feidhme le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus tríd an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht Fhoireann Feidhmiúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Mar a éilítear, comhaontaíonn an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha luach saothair le Ranna Rialtais, forbraíonn sé na sainchuntais phoist, sainaitníonn sé na hinniúlachtaí ábhartha agus an phróifíl iarrthóra is fearr don phost, comhaontaíonn sé an próiseas earcaíochta agus cuardaigh agus leagan sé amach amchlár sonrath. Tionólaíonn an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha mar a éilíonn an Bord agus tuairiscíonn sé don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Feidhmíochta agus Forbartha: an tUasal Martin Higgins (Cathaoirleach), An tOllamh Albert Flynn agus an tUasal Ros O'Shea. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2020.

Sceideal tinrimh, táillí agus speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2020 leagtha amach i Nóta 4(c) de na Ráitis Airgeadais.

Príomhathruithe Pearsanra

Tháinig deireadh le téarmaí Boird an Oll. Albert Flynn, an Uas. Margaret Moran agus an Uas. Ciaran Byrne le linn 2020.

Tháinig deireadh le téarma an Uas. Ray Dolan, an ball seachtrach den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, in Eanáir 2020. Ceapadh an tUasal Fergal Ó'Briain mar an ball seachtrach den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in Eanáir 2020. Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtas maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016).

Tá an Bord freagrach as cinntiú gur chomhlíon an tÚdarás riachtanais an Chóid Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

- miondealú ar shochair gearrthéarmacha fostaí - a leagtar amach i nóta 4 (b) de na ráitis airgeadais,
- costais dlí - a leagtar amach i nóta 4 (h) sna ráitis airgeadais,
- costais agus socrúithe dlí - a leagtar amach i nóta 4 (h) sna ráitis airgeadais,

- caiteachas taistil agus cothabhála - a leagtar amach i nóta 4(a) agus 4(c) sna ráitis airgeadais, agus
- caiteachas ar fháilteachais - a leagtar amach i nóta 4 (f) sna ráitis airgeadais.

Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ghlac an Bord leis an *gCód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit* (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid an chinntiú. D'oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann de réir Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán i gcomhair 2020.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

Martin Higgins

Dr Pamela A Byrne

Cathaoirleach

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Meitheamh 2021

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

Raon freagrachta

Admhaímse, thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht sin riachtanais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtairfeadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus cloíodh leis suas go dtí an dáta ag tráth fhaomhadh na ráiteas airgeadais. Lena chois sin, tugtar dearbhú breise don Bhord maidir le cáilíocht rialú inmheánach an Údaráis de bharr go bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann deimhnithe chuig Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001:2015. Dearbhaíonn an Caighdeán seo go n-oibríonn an tÚdarás sraith beartas, próiseas agus nósanna imeachta atá iomchuí le haghaidh phleanáil agus fhorfheidhmiú a phríomhghnó.

Acmhainn chun riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil taithí acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúcháireachta. Tháinig Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huairé in 2020.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann mar a shainmhínítear i gCairt an Bhoird um Iniúcháireacht Inmheánach. Rinne an tÚdarás foinsiú allamuigh i leith na Feidhme Iniúcháireachta Inmheánaí chuig BDO Éireann. Bíonn obair na hiniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht neamhchosanta air agus bíonn na pleananna bliantúla um iniúcháireacht inmheánach bunaithe ar an anailís sin.

Thug an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tacaíocht d'anailís ar na rioscaí agus do na pleananna iniúcháireachta inmheánaí agus d'fhaomh an Bord iad. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach tuarascáil faoi bhráid an Bhoird faoin ngníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí.

D'fhorbair an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca a leagann amach nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a shonraíonn na róil agus na freagrachtaí a bhaineann leis an bhfoireann i dtaca le riosca. Eisíodh an beartas do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad laistigh de beartais bhainistíochta riosca an Údaráis, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialála agus chun freagracht a ghlacadh i dtaca le rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat riosca agus rialachais

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na príomhghníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus, chomh maith agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí a bhaineann leis an Údarás agus sainaitníodh iad, rinneadh measúnú orthu agus rinneadh grádú orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Ceannasaíochta Sinsearaí an clár a nuashonrú agus cuirtear i láthair an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca agus an Bhoird é mar mhír bhuan. Baintear leas as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí ag leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun rioscaí agus freagrachtaí a mhaolú maidir le hoibriú rialuithe a shainítear do bhaill foirne faoi leith. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta chun gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sainíodh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,

- tá córais i bhfeidhm chun acmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta a rialú maidir le húsáid airgid deontas agus leithdháileadh maoinithe ar ghníomhaireachtaí seachtracha chun rialú cuí a chinntiú ar airgead dá shamhail a fhaomhadh ionas go gcinnteofar go gcuirfear isteach ar mhaoiniú deontais chun na críocha dá raibh sé beartaithe.

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le soláthar seirbhísí tréidliachta. Comhaontaítear conarthaí seirbhíse bliantúla le húdaráis áitiúla. Tá íocaíochtaí bunaithe ar éilimh ráithiúla ó na húdaráis áitiúla bunaithe ar na leibhéil gníomhaíochta iarmhíre.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuirtear nósanna imeachta foirmiúla ar bunaíodh iad chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialála agus laigí a rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, ar mhodh tráthúil. Dearbhaímid go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú ar aon laigí sainaitheanta,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal nuair a shainítear freagracht maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht

thráthrialta agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Tugtar aird ar cheisteanna a tháinig chun cinn maidir le rialuithe i dtaca le soláthar faoi cheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Tionchar phaindéim Covid-19 ar an Timpeallacht Rialuithe

D'athraigh tús phaindéim COVID 19, go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta a tháinig dá thoradh cleachtais oibre an Údaráis go tapa.

Rinne an tÚdarás monatóireacht bheacht ar na forbairtí agus d'fhéach sé leis na rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ghnó, ar fhoireann agus ar pháirtithe leasmhara an Údaráis. San áireamh sna gníomhaíochtaí a chuir an tÚdarás i gcrích, le linn 2020, tá:

- Bunaíodh foireann freagartha teagmhas chun cur ar chumas an Údaráis ceisteanna a fhreagairt go pras An ghníomhaíocht chuí a chinneadh.
- An tÚdarás a athrú ina timpeallacht oibre chianda ar mhaithe le comhleanúnachas a dheimhniú maidir le soláthar seirbhíse.
- Measúnuithe riosca leanúnacha maidir COVID-19 don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann leis an Údarás, an tionchar a bhí ag COVID-19 orthu sin rioscaí agus solúbthacht an Údaráis chun freagairt go héifeachtach.
- Deighilt láidir a chinntiú maidir le dualgais agus dhéanfaí deimhin de go mbeadh clúdach iomchuí ann mura mbeadh údarais um fhaomhadh ar fáil.
- Cinntiú go bhfuil gach cosaint sonraí agus polasaí agus nós imeachta bainistíochta taifead i bhfeidhm mar is gnách.
- Rinneadh measúnú ar laigi féideartha rialuithe inmheánacha mar thoradh ar COVID-19 agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair is gá

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bhainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialachais. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2020 ar an 22 Meitheamh 2021.

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh


Soláthar

Le linn 2020 tabhaíodh caiteachas €143,000 i dtaca le seacht gconradh le haghaidh seirbhísí nuair nár chloígh na nósanna imeachta leis na treoirlínte soláthair:

- Baineann tuairim is €38,000 le táillí gníomhaireachta le haghaidh foireann shealadach TF. Ba é costas iomlán na dtrí chonradh €250,800, a chuimsíonn costais tuarastail de €212,800 (CBL san áireamh). Nochtadh é sin roimhe seo in 2019. Tá an tÚdarás ag súil leis na conarthaí sin a thabhairt chun rialtacha, mar chuid d'fhorbairtí tionscadal caipitil.
- Baineann tuairim is €3,400 le soláthar soláthairtí oifige. Bunaíodh Creat nua de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais in 2021, a mbainfeadh leas as chun an conradh sin a thabhairt chun rialtacha. Nochtadh an conradh seo roimhe seo in 2019.
- Baineann na suimeanna airgid eile, dar luach iomlán €101,600, le caiteachas a tabhaíodh ar chonarthaí éagtha.
- Tá an tÚdarás ag forbairt sceideal soláthair d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na conarthaí sin in 2021.

Níor sainithníodh aon laigí rialaithe inmheánaigh le linn 2020 seachas na cinn a nochtar thuas.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:



Martin Higgins
Cathaoirleach

Dr. Pamela A. Byrne
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Meitheamh 2021

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 mar a éillítear faoi fhorálacha alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus cuimsítear

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, seachas i gcás neamhchomhlíontacht maidir le riachtanais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, tugtar i ráitis airgeadais an Údaráis léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amhail an Nollaig 31 2020 agus dá ioncam agus caiteachas i gcomhair 2020 de réir FRS 102.

Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

I gcomhréir le horduithe an Aire Sláinte, tugann an tÚdarás cuntas maidir leis na costais a

bhaineann le teidlíochtaí aoisliúntais de réir mar a éiríonn siad iníoctha amháin. Ní chloíonn sé seo le FRS 102 ina n-éilítear go sainaithníonn na ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a thuilltear sa tréimhse agus an dliteanas fabhráithe ag dáta an tuairiscithe. Ní dhearnadh éifeacht na neamhchomhlíontachta ar ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le haghaidh 2020 a mheas.

Déantar m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht i gcomhréir leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a gabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus chomhlíon mé mo riachtanais eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin. Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun go mbeadh bunús le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis nach faisnéis sna ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faisnéis éigin eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear leis seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas maidir le rialú agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí don Bhord

dtaca le faisnéis dá shamhail, agus le cúrsaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisc trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.



John Crean

Thar ceann agus ar son an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2021

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas maidir le rialú agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas:

- ráiteas airgeadais a ullmhú san fhoirm a ordaítear faoi alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998
- cinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh maidir le cuntasáocht ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis, agus
- rialú inmheánach dá shamhail a úsáid ar leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais

saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu trí chalaouis nó trí earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 chun ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a iniúchadh agus tuairisciú orthu lena chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam maidir leis an iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu trí chalaouis nó trí earráid. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt, ach ní dearbhú é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireachta míráiteas ábhartha nuair is ann dó. Is féidir le míráitis éirí ó chalaouis nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí bheith ag súil leis go mbeadh tionchar acu, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhiomlán, ar na cinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais sin.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hiniúcháireacht agus déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe gairmiúla agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh na hiniúcháireachta. Trí sin a déanamh,

- sainaitním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu trí chalaouis nó trí earráid; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúcháireachta i gcrích atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá dóthanach

agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an riosca mura mbraitear míráiteas ábhartha ó chalaouis ná ó earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí, nó sárú ar an rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Cinnim ar oiriúnacht úsáid cuntasáochta ar bhonn gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar inniúlacht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leanúint ar aghaidh ar bhonn gnóthais leantaigh. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt ar na nochtuithe gaolmhara i mo thuairisc sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe dá samhail easnamhach, mo thuairim a athrú. Tá mo chinneadh bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas le dáta mo thuairiscithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo tabhairt ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann gan leanúint ar aghaidh ar bhonn gnóthais leantaigh.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh ar mhodh a bhaineann cur i láthair cóir amach nó nach léiríonn.

Déanaim cumarsáid leo sin a bhfuil cúram rialála orthu maidir le, i measc nithe eile, scóip bheartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus torthaí suntasacha a bhaineann leis an iniúchadh, lena n-áirítear aon laigí suntasacha maidir le rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis nach faisnéis atá sna ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hInniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair agus, trí sin a dhéanamh, cíoradh a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil neamhréir ábhartha ann idir an fhaisnéis eile agus an fhaisnéis sna ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta nó nach bhfuil, nó seachas sin má tá an chosúlacht air go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm tuairisc a dhéanamh air sin.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú.

Déanaim tuairisc má aithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an modh ina ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil i dtaca le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisc má aithním cás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó sa chás nach gcloíonn na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanaim tuairisc trí eisceacht freisin


- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim d'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

An ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coimeádta


Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

		2020	2019
Ioncam			
Deontas Oireachtais	2	17,536	16,357
Ioncam Eile	3	981	1051
Ioncam Oibriúcháin		18,517	17,408
Ioncam Iomlán		18,517	17,408
Earcaíochta			
Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn	4	9,697	9,723
Gníomhaíochtaí cumarsáide	5	369	449
Dímheas Sócmhainní Seasta	6 & 14	619	642
Tionscadal Albánach	14	499	565
Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil	7	6,923	6,205
Caiteachas Iomlán		18,107	17,584
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe			
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil	8	410	(176)
Caillteanas ar Dhiúscairt		387	320
		(1)	
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Leithreasuithe		796	144
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		(938)	(1,082)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		(142)	(938)

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta ar fad sa bhliain. Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:



Martin Higgins
Cathaoirleach



Dr Pamela A. Byrne
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Meitheamh 2021


Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2020


		2020	2019
Sócmhainní nach Sócmhainní Reatha iad			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	6	1,211	1,577
Sócmhainní Doláimhsithe	6 (a)	74	95
Sócmhainní Reatha			
Earraí Infhaighte	9	594	584
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		2,606	1,143
Glansócmhainní Reatha		3,200	1,727
Dliteanais Reatha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna Iníoctha	10	3,342	2,665
Glansócmhainní Reatha / Glandliteanais Reatha		(142)	(938)
Iomlán na Sócmhainní Iúide Dliteanais roimh Phinsin		1,143	734
Léirithe ag			
Cuntas Caipitil	8	1,285	1,672
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		(142)	(938)
		1,143	734

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:



Martin Higgins
Cathaoirleach



Dr Pamela A. Byrne
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Meitheamh 2020

Ráiteas ar shreafaí airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

		2020	2019
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas loncaim thar Caiteachas		410	(176)
Dímheas agus Bearnú Sócmhainní Seasta	6 & 15	630	653
(Méadú)/Laghdú ar Earraí Infhaighte	9	(10)	25
(Méadú)/Laghdú ar Earraí Infhaighte	10	677	430
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,707	932
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíocht chun Gléasra & Trealamh a ghnóthú	6	(199)	(184)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Doláimhsithe a ghnóthú	6 (a)	(45)	(149)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(244)	(333)
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		1,463	599
		1,143	544
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		2,606	1,143

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na gcuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, agus tá ceannoifig aige san Exchange, Duga Sheoirse, Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Baile Átha Cliath 1, D01 P2V6. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann arna leagan amach i gCuid II den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

Gach beart a dhéanamh lena chinntiú go ndéanann:

- (a) bia a tháirgtear sa Stát (cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar iad a dháileadh nó a chur ar an margadh sa Stát), agus
- (b) baineann bia a dháiltear nó a chuirtear ar an margadh sa Stát na caighdeáin is airde amach maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia atá ar fáil le réasún agus, go háirithe, déantar gach beart réasúnta lena chinntiú go gcloíonn bia dá leithéid
 - (i) leis an reachtaíocht faoi bhia i dtaca le caighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais bia, nó

- (i) más cuí, le forálacha caighdeán a bhfuil glacadh leo nó dea-chleachtas a dhíríonn ar na caighdeáin is airde um shláinteachas bia agus um shábháilteacht bhia a chinntiú

Eintiteas Sochair Phoiblí (ESP) is ea é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

b) Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann, arna mhionathrú le hordú an Aire Sláinte i dtaca le costais aoisliúntais. I gcomhréir le horduithe an Aire Sláinte, tugann an tÚdarás cuntas maidir leis na costais a bhaineann le teidlíochtaí aoisliúntais de réir mar a éiríonn siad iníochta amháin (féach 1 (i) thíos). Ní chloíonn an bunús le cuntasaíocht le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ina gcaithfear costais den sórt sin a aithint sa bhliain inar tuilleadh na teidlíochtaí.

c) Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, seachas mar a luaitear thíos agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí

agus Athchóirithe faoi réir Alt 26(5) den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le hábhair a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitís airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

d) Maoiniú caipitil

Maoinítear sócmhainní seasta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ó mheascán de dheontais chaipitil agus leithdháiltí ó ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais chuig cuntas reatha atá amúchta i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

e) Na Coimisinéirí Ioncaim

Deontais Oireachtais

Go ginearálta, aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe; eisceacht amháin leis sin ná i gcás Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid thirim.

Ioncam Iarchurtha

Glactar le hioncam réamh-mheasta a fhaightear roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear é bheith dlite laistigh de bhliain. Eisítear an t-ioncam don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta i gcomhréir leis an gcaiteachas a thabhaítear sa tréimhse thuairiscithe.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam Eile ar bhonn fabhrúithe.

f) Gléasra agus trealamh

Sonraítear gléasra agus trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha, coigeartaithe do sholáthar ar bith i gcomhair bearnú. Soláthraítear dímheas ar gach gléasra agus

trealamh ag rátaí a meastar go ndíscríobhfaidh siad an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid chothroim thar a saolréanna ionchais measta, faoi mar a leanas:

(I) Feabhsuithe Léasachta	15% in aghaidh na bliana
(ii) Trealamh Ríomhaireachta	33% in aghaidh na bliana
(iii) Troscán Oifige	15% in aghaidh na bliana
(iii) Trealamh Oifige	15% in aghaidh na bliana
(V) Trealamh Eolaíoch	15% in aghaidh na bliana
(Vi) Mótarfheithiclí	33% in aghaidh na bliana

Léiríonn an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais mheasta na diúscairthe a asbhaint, má bhí an tsócmhainn den aois agus sa riocht a rabhthas ag súil leis cheana ag deireadh a saolré úsáideach.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bith ar bhearnú ar luach sócmhainne ann, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta sa bhliain.

Taispeántar sócmhainní seasta doláimhsithe ag a nglanluach de réir na leabhar tar éis dímheas 33% a bheith déanta orthu de réir méid chothroim.

g) Earraí Infhaighte

Aithnítear earraí infhaighte ag luach cóir.

h) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Choimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear

an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta ionchais boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a fhaightear thar shaolré an léasa.

i) Sochair fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuimsítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Cheadaigh an tAire an scéim aoisliúntais de réir Alt 39 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Is scéim pinsean ranníocach le sochar sainithe do na fostaithe uile í an scéim. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí ó thuarastail a choinneáil, agus glacann sé leo mar ioncam. Is deontas glan ó na hasbhaintí a choinnítear é deontas bliantúil na Roinne Sláinte don Údarás. Tháinig Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, isteach sa dlí an 28 Iúil 2012, agus tugadh isteach leis an Scéim Aonair úr na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) a tosaíodh le héifeacht an 1 Eanáir 2013. Tá gach fostaí úr de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, ar iontrálaithe úra iad san Earnáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill sa Scéim Aonair. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis

an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faoi réir threoir an Aire Sláinte, níl foráil ar bith déanta sna Ráitis Airgeadais maidir le dliteanais phinsin sa todhcháí. Déantar íocaíochtaí faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta de réir mar a íoctar iad.

j) Seirbhís tréidliachta na n-údarás áitiúil

Soláthraíonn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maoiniú d’údarás áitiúla i dtaca le soláthar seirbhísí tréidliachta. Faigheann an tÚdarás maoiniú ón Roinn Sláinte (mar chuid dá chinneadh bliantúil) maidir leis sin.

Aithnítear maoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte agus méideanna a íocadh leis na hÚdarás Áitiúla ar bhonn airgead tirim a fuarthas agus airgead tirim a íocadh, i gcomhréir le hAlt 34 de FRS 102.

k) Príomh-mheastacháin agus príomhbhreithnithe

Éilítear mar chuid d’ullmhúchán na ráiteas airgeadais seo go ndéanann an lucht bainistíochta breithnithe, meastacháin agus breithiúnais a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ag dáta an tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear d’ioncam agus caithreachas le linn na bliana. Déantar measúnú ar bhreithnithe agus ar mheastacháin go leanúnach bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar chúinsí eile, lena n-áirítear ionchais i dtaobh imeachtaí amach anseo a mheastar iad bheith réasúnta faoi na cúinsí. I bhfianaise chineál an mheastacháin, d’fhéadfadh na torthaí iarmhíre bheith difriúil ó na meastacháin a dhéantar. Tá na meastacháin agus

na breithiúnais a d'fhéadfadh tionchar ábhartha bheith acu ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais leagtha amach thíos:

- (i) **Saolréanna úsáideacha a bhunú chun críche trealamh agus léasanna a dhímheas** Is cuid an-suntasach de shócmhainní an Údaráis trealamh agus léasanna. Braitheann an táille bhliantúil dímheasa ar na saolréanna úsáideacha measta do gach cineál sócmhainne. I bhfianaise cineál cuibheasach gearrthéarmach na sócmhainní trealaimh, tá meastacháin na saolréanna úsáideacha maidir leis na sócmhainní seo faoi réir athbhreithniú rialta. Tá na sonraí maidir leis na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.
- (ii) **Saolréanna eacnamaíochta úsáideacha a bhunú chun críocha amúchta maidir le deontais chaipitil** Braitheann an táille bhliantúil amúchta ar na saolréanna úsáideacha measta do gach cineál sócmhainne. Déantar athbhreithniú rialta ar na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha. Tá na sonraí maidir leis na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

2. Deontais Oireachtais

Sna Deontais Oireachtais a vótáladh chuig Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ó Vóta 38, an Roinn Sláinte faoi mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais cuimsítear:

	Fotheideal	2020	2019
Deontais maidir le caiteachas reatha	E.1.	17,172	15,972
Deontas maidir le caiteachas caipitil	L.1.	364	385
		17,536	16,357

3. Ioncam eile

	Nóta	2020	2019
Asbhaintí Aoisliúntais		237	232
Díol Foilseachán		156	82
Ioncam Ilghnéitheach		88	172
Ciste CE Albánach	14	499	565
Iomlán		981	1,051

4. Riarachán, oibríochtaí agus cur chun cinn

	Nóta	2020	2019
Luach saothair agus Costais Phá Eile	4(a)	6,327	6,307
Cíos, rátaí, muirir sheirbhíse agus árachais		1,491	1,483
Costais taighde		87	40
Táillí dlí agus comhairliúcháin	4(h)	44	103
TF, teileafón agus idirlíon		1,220	985
Caiteachas oibríocháin	4(g)	526	805
		9,697	9,723

(a) Luach saothair agus costais phá eile

	2020	2019
	€'000	€'000
Tuarastail na Foirne, buntuarastal	5,405	4,932
Tuarastail na Foirne, ragobair		3
Costais sochar scoir	98	96
Costais cnapshuime scoir		-
Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach	555	479
Oiliúint agus forbairt na foirne	125	129
Costais taistil agus cothaithe na foirne -taisteal náisiúntal	24	82
Costais taistil agus cothaithe na foirne -taisteal idirnáisiúnta	10	101
Baill foirne shealadacha	43	418
Luach saothair na gcomhaltaí boird 4(c)	67	67
	6,327	6,307

Aisíocann an eagraíocht óstach costais áirithe a bhaineann le taisteal idirnáisiúnta.

D'íoc Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann €76,099 (2019: €54,518) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le ranníocaíochtaí fostóirí faoin scéim pinsin aonair.

In 2020 íocadh €209,927 leis an Roinn Sláinte i dtaca leis an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a baineadh ó thuarastail na foirne (2019 €218,376).

(b) Miondealú ar shochair fostaithe

Raon na sochar fostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2020	2019
60,000	69,999	7	9
70,000	79,999	9	9
80,000	89,999	4	3
90,000	99,999	7	5
100,000	109,999	2	4
110,000	119,999	4	2
120,000	129,999	0	0
130,000	139,999	0	0
140,000	149,999	0	0
150,000	159,999	0	1
160,000	169,999	1	0

Nóta: le haghaidh an nochtaithe seo, cuimsítear le sochar ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca le seirbhísí a thugtar le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní chuimsítear ÁSPC fostóra.

(c) Tinreamh, táillí agus speansais comhaltaí Boird

Comhalta boird		Táille Boird	Costais Taistil	Cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu	Cruinnithe Boird Iníúcháireachta agus Riosca ar freastalaíodh orthu	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu P&D
		€	€			
Martin Higgins	Cathaoirleach	11,970	500	10 de 10		2 de 2
Derek Cunningham		7,695		9 de 10		
Margaret Moran		3,376		4 de 4	2 de 2	
Ciaran Byrne		4,489		5 de 5		
Albert Flynn	Deireadh an téarma an 31 Nollaig 2020	7,695	95	10 de 10		2 de 2
Mary Cullen		7,695		10 de 10	4 de 4	
Ros O'Shea		7,695		9 de 10	4 de 4	2 de 2
Gerard McCurdy		7,695		10 de 10	2 de 2	
Clíodhna Foley-Nolan		7,695	344	7 de 10		
Francis Butler		0		10 de 10		
		66,005	939			

Le linn 2020, tionóladh 10 gcrúinníú Boird, 8 gcrúinníú rialta den Bhord agus 2 chruinníú ad-hoc chun tionchar COVID, interalia, ar an Údarás.

Ní bhfuair comhalta Boird amháin táille Bhoird faoin bPrionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin, toisc go bhfuil siad fostaithe ag eagraíochtaí Stáit eile.

Baineann gach costas taistil agus cothaithe le taisteal intíre in Éirinn.

Tá ball amháin seachtrach san áireamh ar Coiste Iníúcháireachta agus Riosca. In 2020 bhí Ray Dolan (Ean 2020) sa ról agus bhí Ó'Briain sa ról ina dhiaidh sin. D'fhreastail Ray Dolan ar 1 de 1 chruinníú agus d'fhreastail Ó'Briain ar 3 cinn de 3 chruinníú Choiste Iníúcháireachta agus Riosca. Ní bhfuair aon bhall seachtrach táille faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

(d) Tuarastal an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin

	2020	2019
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Pamela Byrne	162	154
	162	154

Ba é pacáiste luach saothair an POF do 2020: buntuarastal bliantúil €161,900 2019: €153,700) le socruithe caighdeánacha na hearnála poiblí.

Ní chuimsítear sna luachanna tuarastail thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is comhaltaí iad príomhphearsanra bainistíochta (seachas comhaltaí Boird) de scéim pinsin ranníocach sochar sainithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

(e) Cúiteamh an príomhphearsanra bainistíochta

Cuimsítear i bpríomhphearsanra bainistíochta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann POF, cúigear Stiúrthóirí agus comhaltaí an Bhoird. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais na gcomhaltaí Boird agus luach iomlán saothair an POF agus €784,981 (2019: €770,073).

(f) Caiteachas fáilteachais

	2020	2019
Fáilteachas foirne	2	3
Fáilteachas an Choiste Chomhairligh	0	0
Fáilteachas cliant	2	50
Fáilteachas Boird	0	2
Iomlán	4	55

In 2020 tugadh dearbhan €100 do chomhaltaí Choiste Eolaíoch agus Comhairleach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus fochoistí, a oibríonn ar bhonn deonach. Ba é an luach iomlán ar an dearbhán seo €7,500. Tháinig deireadh le téarma an Choiste Eolaíoch in 2020. Chun aitheantas a thabhairt d'ionchur comhaltaí, thar téarma an choiste, tugadh bronntanas beag do 13 chomhalta.

(g) Caiteachas oibriúcháin

	Nóta	2020	2019
Caiteachas Earcaíochta		14	28
Páipéarachas agus Postas		15	27
Glantachán agus Lónadóireacht		2	50
Deisiúcháin agus Cothabháil		190	196
Táille Iniúcháireachta		15	15
Comhlíonadh Reachtaíochta Bia		57	114
Oiliúint – foireann gníomhaireachta oifigiúla		41	16
Bunachar sonraí forbhiana		67	24
Costais Coistí		11	5
Soláthairtí Leabharlainne		53	76
Caiteachas Ginearálta (lena n-áirítear fáilteachas)	4(f)	61	254
		526	805

(h) Costais chomhairliúcháin

Cuimsítear i gcostais sainchomhairleoireachta táillí a íoctar le páirtithe seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta de chineál ar bith.

	2020	2019
Comhairleoireacht (i)	19	24
Dlí	25	79
Costais chomhairleoireachta iomlána	44	103
Costais dlí chaipitlithe		-
Costais chomhairleoireachta chaipitlithe		-
Costais chomhairleoireachta a ghearrtar ar ioncam agus caiteachas	44	103
Iomlán	44	103

tréimhse thuairiscithe i dtaca le costais dlí, socruithe agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

5. Gníomhaíochtaí cumarsáide

	2020	2019
Caidreamh Poiblí	85	214
Ócáidí Tionscail	50	50
Idirchaidreamh Tionscail	18	8
Foilseachán	216	177
	369	449

(i) Tagraíonn sé seo do chomhairle dlí ghinearálta.

Níor tabhaíodh aon chaiteachas maidir leis an

6. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Mótarf-heithiclí	Ríomhaire Trealamh	Trealamh Oifige	Troscán Oifige	Feabhsuithe Léasachta	Trealamh Eolaíoch	Iomlán
Costas:							
Amhail an 1 Eanáir 2020	22	929	131	329	2,123	311	3,845
Breiseanna		156			43		199
Diúscairtí		(1)	(1)				(2)
Amhail an 31 Nollaig 2020	22	1,084	130	329	2,166	311	4,042
Dímheas Carntha							
Amhail an 1 Eanáir 2020	7	764	87	155	955	300	2,268
Muirear don bhliain	7	163	12	47	325	10	564
Breiseanna ar na Diúscairtí		(1)					(1)
Amhail an 31 Nollaig 2020	14	926	99	202	1,280	310	2,831
Glanluach Leabhar							
Amhail an 31 Nollaig 2020	8	158	31	127	886	1	1,211
Amhail an 31 Nollaig 2019	15	165	44	174	1,168	11	1,577

Cuimsítear sna sócmhainní thuas mótarfheithiclí, trealamh ríomhaireachta, trealamh oifige agus sócmhainní troscáin oifige, a bhaineann leis an tionscadal Albánach, a bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag fáil sochar air. Ba é costas bunaidh na sócmhainní sin €36,655 (2019: €36,655). Aistrefar na sócmhainní seo chuig macasamhail Albánach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag deireadh an tionscail. Féach nóta 14 le haghaidh tuilleadh eolais i dtaca leis an tionscadal.

(a) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	2020	2019
1 Eanáir, Glanluach Oscailte de réir na Leabhar	95	19
Breiseanna ag Costas	45	149
Lúide Muirear Dímheasa don bhliain	(66)	(73)
31 Nollaig, Glanluach Dúnta de réir na Leabhar	74	95

Cuimsíonn sócmhainní seasta doláimhsithe ceadúnais bogearraí a dhíscríobhtar thar a saolré úsáideach.

7. Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil

	2020	2019
Íocaíochtaí Sheirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil	6,923	6,205

Déantar íocaíocht le 25 Údarás Áitiúla do sholáthar seirbhísí tréidliachta, ar bhonn ráithiúil agus i riaráistí. Cuirtear maoiniú ar fáil tríd an Roinn Sláinte agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus cuimsítear é mar chuid den chinneadh bliantúil. Ní thagann an dualgas chun maoiniú a aistriú chuig Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil i bhfeidhm ach nuair a chuireann an Roinn Sláinte an maoiniú comhfhreagrach ar fáil.

8. Cuntas Caipitil

	2020	2020	2019	2019
Amhail an 1 Eanáir		1,672		1,992
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Ioncain agus an gCuntas Cúlchistí Coimeádta				
Cistí leithroinnte chun Sócmhainní Seasta a ghnóthú	199		184	
Cistithe trí oibríochtaí				
Cistí leithdháilte le Sócmhainní Doláimhsithe a ghnóthú	45		149	

	2020	2020	2019	2019
An Méid a Éisíodh ar Dhiúscairt	(1)			
An tsuim a amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainní	(630)	(387)	(653)	(320)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		1,285		1,672

9. Earraí Infhaighte

	2020	2019
Réamhíocaíochtaí Féichiúnaithe	594	584
	594	584

10. Suimeanna Iníochta

Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin.

	2020	2019
Creidiúnaithe Trádála	126	203
Fabhruithe	187	230
Fabhrú Cíosa Iarchurtha *	1,035	1,095
Fabhruithe Párolla	189	134
Ioncam Albánach Iarchurtha	1,542	822
Ioncam tionscadail Iarchurtha	52	
Creidiúnaí Cánach - CBL	9	4
Creidiúnaí Cánach - ÍMAT/ÁSPC	169	154
Creidiúnaí Cánach - CSG	33	23
	3,342	2,665

* Faoi théarmaí an chomhaontaithe léasa bhí foráil ann maidir le tréimhse aon bhliain saor ó chíos, rud a tharla in 2018. Éilítear in FRS 102 go n-aithnítear an tréimhse saor ó chíos seo thar shaolré an léasa. Cuimsítear leis an bhFabhrú Cíosa Iarchurtha iarmhéid na tréimhse saor ó chíos, a aithneofar sa Ráiteas

Ioncain agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncain Choimeáda sna blianta atá romhainn.

11. Léasanna Oibriúcháin

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann tús le léas 20 bliana don chéad urlár d'Fhoirgneamh an Exchange, Duga Sheoirse, Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Baile Átha Cliath 1 i nDeireadh Fómhair 2017. Tá an léas faoi réir athbhreithnithe cíosa gach 5 bliana agus cuimsítear leis bliain saor ó chíos ó 1 Eanáir 2018. Faoi réir FRS 102 eisítear dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa. Is ionann costais bhliantúla na léasanna sin gan muirir sheirbhíse san áireamh agus €1,147,000.

Amhail 31 Nollaig 2020 bhí na híos-íocaíochtaí léasa amach anseo a leanas ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe

	2020
Dlíteanais léasa dlite	
Ag dul in éag laistigh de 1 bhliain	1,147
Ag dul in éag le linn na mblianta 2 go 5	4,587
Ag dul in éag i ndiaidh 5 bliana	13,473

12. Soláthar

San áireamh sna fabhruithe tá soláthar €150,000 i dtaca le ceist leanúnach dlí. Níl nochtadh breise stuama mar d'fhéadfadh sé tionchar bheith aige ar an gcás.

Tá an chomhairle chuí ar fáil ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus tá sé ag dul i gcomhairle le Comhlachtaí Stáit eile chun an riosca a mhaolú.

13. Leasanna na gComhaltaí Boird

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas tairbhiúil ar bith i gceist le Comhalta Boird.

14. Tionscadail Sheachtracha - Tionscadal na Sábháilteachta Bia, an Albáin

D'éirigh le cuibhreannas gníomhaireachtaí de chuid Rialtas na hÉireann agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta tairiscint a chur isteach ar son dheontas €5m AE chun tacú leis an Albáin mar iarrthóir ar aontachas leis an AE trína caighdeáin sábháilteachta bia, tréidliachta, agus sláinte phlanda a neartú.

Cumhdaítear sa tionscadal an tréimhse 14 Eanáir 2019 go 13 Eanáir 2022.

Tá an cuibhreannas faoi stiúir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus cuimsítear leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Córais Bia Inbhuanaithe na hÉireann, Údarás Bia na Fionlainne, agus comhpháirtí Albánach, Réitigh Ghnó Chruthaithigh.

Fuair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann €1.219 milliún in 2020 chun an chéad leath den tionscadal seo a sheachadadh. Tá an caiteachas a tabhaíodh leagtha amach sa tábla thíos.

	2020	2019
Luach Saothair agus Costais Phá Eile	214	138
Taisteal tionscadail - náisiúnta	7	5
Taisteal tionscadail - idirnáisiúnta	11	53
Tacaíocht do Shaineolaithe Idirnáisiúnta*	167	269
Cíos, rátaí, muirir sheirbhíse agus árachais	30	16
Ócáidí tionscail		27
Foilseachán	42	43
Dímheas sócmhainní tionscadail	11	11
Eile	17	3
Tionscadal Albánach	449	565

* Is léiriú é Tacaíocht do Shaineolaithe Idirnáisiúnta ar ionchur pearsanra a bhfuil taithí acu ar dhisciplíní ábhartha a ghlac páirt i seachadadh rathúil an tionscadail Albánaigh. Cuimsítear leis seo réimsí amhail fíteashláintíocht, reachtaíocht shinsearach, saineolaithe tréidliachta agus forbartha eagrúcháin atá sainaitheanta ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann nó ag na comhpháirtithe cuibhreannais.

15. Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe.

Níl imeacht ar bith idir an dáta tuairiscithe agus dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais sin le heisiúint a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Bord gur imeacht suntasach é paindéim Covid-19 a tharla in 2020. Tá an Bord dáiríre faoin gcás seo agus tá sé ag déanamh monatóireacht ar an gcás, i gcomhar leis an lucht bainistíochta, ar bhonn leanúnach. Tá an ghnólacht i mbun gnó fós agus bearta i bhfeidhm chun an fhoireann a chosaint. Tá an fhoireann ag obair ó chian agus tá seirbhísí á gcur ar fáil fós. Go dtí seo, táthar in ann oibríochtaí agus formhór ghníomhaíochtaí an eintitis a chothabháil ach modh difriúil i bhfeidhm chun an ghnólacht a sheachadadh.

De bharr go bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann á mhaoiniú le hairgead ón Státchiste, tríd an Roinn Sláinte, measann an Bord gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

16. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 22 Meitheamh 2021.



Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

The Exchange, Duga Sheoirse, Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann,
Baile Átha Cliath 1, D01 P2V6

T +353 1 817 1300

E info@fsai.ie



Bí linn ar LinkedIn



Lean muid ar Twitter @FSAInfo



Abair haigh ar Facebook



Tabhair cuairt orainn ar Instagram



Cláraigh ar ár gcainéal YouTube

www.fsai.ie